**Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET)**

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

# Réamheolaire

2 0 2 4 – 2 0 2 5


#CéimChunTosaighleETBDhúnnaGall



etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

# ETB Dhún na nGall

## Ionaid FET




**Ionaid FET - Ar deiseal ó Ghleann Gad**

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Ionad Cumasóige | Gleann Gad |
| **2** | Ionad FET Bun Cranncha | Bun Cranncha |
| **3** | Ionad Cumasóige Bun Cranncha | Bun Cranncha |
| **4** | Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar an Phoirt) | Leitir Ceanainn |
| **5** | Coláiste an Eargail (PLC) | Leitir Ceanainn |
| **6** | Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn |
| **7** | Ionad Cumasóige | Leitir Ceanainn |
| **8** | Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar na Páirce Gnó) | Leitir Ceanainn |
| **9** | Ionad Cumasóige* | Leifear |
| **10** | Ionad FET Srath an Urlair | Srath an Urlair |
| **11** | Coláiste Ghleann na Finne (PLC) | Srath an Urlair |
| **12** | Ionad FET Baile Dhún na nGall (Droim Chliabh) | Baile Dhún na nGall |
| **13** | Ionad FET Baile Dhún na nGall (Ardscoil na gCeithre Máistir) | Baile Dhún na nGall |
| **14** | Ionad FET Baile Átha Seanaidh | Baile Átha Seanaidh |
| **15** | Gairmscoil Caitríona (PLC) | Na Cealla Beaga |
| **16** | Ionad Oiliúna Gaoth Dobhair | Gaoth Dobhair |
| **17** | Ionad FET Gort an Choirce | Gort an Choirce |
| **18** | Ionad FET Baile na nGallóglach | Baile na nGallóglach |
| **19** | Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin | Mín an Lábáin |

***druidte go sealadach**

1 **L1** Fáilte

2 **L3** gCúis le Staidéar a Dhéanamh Linne

3 **L5** Cúrsaí Airgid

4 **L7** An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

5 **L9** Creidiúnú á chur ar fáil ag ETB Dhún na nGall

6 **L11** Cinneadh a Dhéanamh maidir leis an Chúrsa ab Fhearr Duit

7 **L17** An Dóigh le hIarratas a Dhéanamh ar Chúrsa


**Bhí an t-eolas maidir leis na cúrsaí cruinn ar an dáta ar foilsíodh an réamheolaire seo.**

# 8 Cúrsaí Lánaimseartha

L21

8.1 Riarachán, Gnó & Airgeadas L23
8.2 Printíseachtaí L33
8.3 Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh L39
8.4 Foirgníocht & Timpeallacht Thógtha L41
8.5 Cúrsaí do Dhaoine faoi Mhíchumas L45
8.6 Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige L54
8.7 Innealtóireacht & Déantúsaíocht L61
8.8 Gruagaireacht & Scéimh L74
8.9 Sláinte & Cúram Sóisialta L81
8.10 TF & Ríomhaireacht L91
8.11 Eolaíocht L96
8.12 Spórt, Áineas & Aclaíocht L98
8.13 Iompar L107
8.14 Tréidliacht L113
8.15 Cumasóige L117

# 9 Cúrsaí Páirtaimseartha

L123

9.1 Riarachán, Gnó & Airgeadas L125
9.2 Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh L133
9.3 Cúram Custaiméirí L138
9.4 Cúram agus Oideachas na Luath-Óige L142
9.5 Innealtóireacht & Déantúsaíocht L148
9.6 Foghlaim Teaghlaigh L154
9.7 Foghlaim Ghinearálta L164
9.8 Scileanna Glasa L172
9.9 Gruagaireacht & Scéimh L175
9.10 Sláinte & Cúram Sóisialta L181
9.11 Gairneoireacht L190
9.12 TF & Ríomhaireacht L195
9.13 Teangacha L207
9.14 Cláracha Gairmiúla L217
9.15 Spórt, Áineas & Aclaíocht L220
9.16 Iompar L223
9.17 Rannpháirtíocht Lucht Fiontraíochta L225
9.18 Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) L227



# 1 Fáilte

Céad míle fáilte chuig ár Réamheolaire Breisoideachais agus Oiliúna (FET) don bhliain 2024–2025. Má dhéanann tú cinneadh staidéar a dhéanamh le ETB Dhún na nGall, cuirfear tús le haistear féinaithne a chuirfidh go mór le do mhuinín agus le do chuid scileanna agus ullmhóidh sé thú faoi choinne tuilleadh staidéir nó fostaíocht.

Is é ETB Dhún na nGall an soláthraí FET is mó sa chontae. Tá sé mar aidhm againn réimse cúrsaí oideachais agus oiliúna atá uileghabhálach agus spreagúil a chur ar fáil do mhuintir Dhún na nGall a shásóidh na riachtanais chasta atá ag foghlaimeoirí agus riachtanais forbartha an chontae. Cuirean muid réimse ollmhór cúrsaí ar fáil, ó chúrsaí foghlama páirtaimseartha do dhaoine ar mian leo a scileanna riachtanacha a bhisiú, agus do dhaoine atá ag iarraidh staidéar páirtaimseartha nó lánaimseartha a dhéanamh ar chúrsa ar féidir breisoideachas agus ardoideachas, oiliúint agus fostaíocht a ghnóthú as. Ina theannta sin, bíonn níos mó deiseanna ag mic léinn ná riamh staidéar a dhéanamh ar líne.

Tá muid an-bhródúil as ár gcáil maidir le barr feabhais, ardchaighdeán agus tacaíocht do mhic léinn agus as gnóthachtálacha ár gcuid mac léinn de réir mar a bhogann siad trínár gcláir agus ar aghaidh chuig breisoideachas agus ardoideachas, deiseanna oiliúna agus fostaíocht. Tá formhór ár gcúrsaí creidiúnaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) nó ag forais chreidiúnaithe eile, macasamhail City and Guilds agus cáilíochtaí a bhaineann le tionscal ar leith. Tá stádas ainmnithe againn mar sholáthraí QQI a chiallaíonn gur féidir linn cáilíocht ár gcuid cúrsaí QQI féin a dhearbhú lena chinntiú go mbeidh sáreispéireas foghlama agat. Tá sé iontach tábhachtach dúinne go bhfuil an deis ag gach foghlaimeoir sult a bhaint as a c(h)uid foghlama agus barr feabhais a bhaint amach ina rogha staidéir.

Lena dhéanamh furast duit, tá an réamheolaire seo leagtha amach de réir réimsí spéise agus tá sé éasca na cúrsaí atá oiriúnach duitse a aimsiú agus an t-eolas áta ábhartha le bheith ag staidéar linne a fháil sa dóigh go dtig leat cinneadh eolasach a dhéanamh.

Mar sin, cad chuige nach mbeifeá linn i mbliana agus dul níos faide le ETB Dhún na nGall?



Anne McHugh,
**Príomhfheidhmeannach,**
**ETB Dhún na nGall**



Ciaran O' Brien,
**Stiúrthóir Breisoideachais**
**agus Oiliúna, ETB Dhún na nGall**

2

# 10 gCúis le Staidéar a Dhéanamh le Seirbhís FET ETB Dhún na nGall


Le níos mó eolais a fháil: www.donegaletb.ie/further-education-training/

ÁBALTA AIRGEAD A THUILLEAMH AGUS TÚ AG FOGHLAIM

GAIRMTHREOIR

TÁILLÍ ÍSLE NÓ SAOR Ó THÁILLÍ

DEISEANNA MAITHE FOSTAÍOCHTA AGUS/NÓ ÁBALTA CUR ISTEACH AR CHÚRSAÍ CÉIME IN INSTITIÚIDÍ TRÍÚ LEIBHÉAL



RANGANNA BEAGA



RÉIMSE TEASTAS NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA AR FÁIL DO CHÉIMITHE




DÉANTAR FREASTAL AR GACH MAC LÉINN, IDIR ÓG AGUS AOSTA



TÁ AN FHOIREANN LÁNCHÁILITHE; TÁ AN-CHUID TAITHÍ ACU, AGUS TÁ SIAD TIOMANTA



RÉIMSÍ FOGHLAMA ÉAGSÚLA



FOGHLAIM SHOLÚBTHA DON MHARGADH FOSTAÍOCHTA ATÁ AG ATHRÚ

3

# Cúrsaí Airgid

## Cé mhéad a chosnóidh sé dom staidéar a dhéanamh le ETB Dhún na nGall?

I roinnt mhaith cásanna tá an oiliúint inár gcúrsaí lánaimseartha saor in aisce agus d'fhéadfá a bheith i dteideal liúntais, ag brath ar chritéir áirithe. Tá cúrsaí oiliúna lánaimseartha trí Sheirbhísí Oiliúna (oiliúint i sainscileanna agus cúrsaí oiliúna), tríd an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) agus trí Chumasóige saor in aisce do mhic léinn agus tá soláthar páirtaimseartha tríd an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) saor in aisce dóibh siúd atá ag fáil íocaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó do shealbhóirí cárta leighis.

**Soláthar Lánaimseartha:**

--

**Ligeann cúrsaí oiliúna, oiliúint i sainscileanna (Seirbhísí Oiliúna)** agus cúrsaí **SDOG** dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach leas a bhaint as cúrsa oiliúna lánaimseartha agus leanúint le híocaíochtaí a fháil trí liúntas oiliúna. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntais taistil agus béile (tá critéir áirithe i bhfeidhm). Tá roinnt bheag sainchúrsaí ann a bhféadfadh costais a bheith ag baint leo.

**Youthreach:** tá an clár Cumasóige saor in aisce do dhaoine a fhágann an scoil go luath, idir 16 agus 20 bliain d'aois. Íocfar liúntas do mhic léinn – gheobhaidh mic léinn atá 16 agus 17 mbliana d'aois liúntas oiliúna de €45.00 in aghaidh na seachtaine, fad is go bhfaighidh iad siúd atá 18 mbliana+ d'aois liúntas oiliúna de €220.00. Ina theannta sin gheobhaidh mic léinn liúntas béile beag agus liúntas taistil de réir mar is cuí.

Tá cúrsaí **Iar-Ardteistiméireachta (PLC)** faoi réir táille scrúdaithe QQI de €50.00 móide táille chlárúcháin bhreise de €100.00. Clúdóidh an táille chlárúcháin an costas a bhaineann le leabhair, le scrúduithe, le fótachóipeáil srl.

**Tá na catagóirí seo a leanas de rannpháirtithe saor ó tháille scrúdaithe QQI de €50.00 a íoc:**

- Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
- Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontais do mhic léinn (SUSI)
- Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Níl aon táillí ag baint le **Céimeanna Treasacha** don chéad bhliain de na cúrsaí seo sna Boird Oideachais agus Oiliúna. Beidh tú i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas SUSI nó ar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.

## Soláthar Páirtaimseartha:

--

**Cuireann an Tionscanamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) cúrsaí páirtaimseartha ar fáil do dhaoine atá 18+ mbliana d'aois gan aon oideachas dara leibhéal foirméalta acu. Tá na cúrsaí saor in aisce do rannpháirtithe (nó a gcleithiúnaithe) sna cásanna seo a leanas:**

- Má tá níos lú ná oideachas sinsir dara leibhéal acu, nó
- Má tá siad ag fáil íocaíocht cuardaitheora poist nó íocaíocht leasa shóisialaigh de réir tástála acmhainne, nó
- Má tá siad ag fáil Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht (Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh) roimhe seo
- Má tá cárta leighis acu

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh táillí a bheith i gceist. Le níos mó eolais a fháil, déan teagmháil le ETB Dhún na nGall ar an uimhir (074) 9178088.

**Ranganna Oíche (Seirbhísí Oiliúna)**
D'fhéadfadh mic léinn atá ag fáil íocaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bheith i dteideal tarscaoileadh táille ag brath ar an chineál íocaíochta atá siad a fháil. B'fhéidir go mbeadh roinnt costas gaolmhar i gceist le ranganna oíche páirtaimseartha dóibh siúd a bhfuil post acu.

Má tá post agat nó má ta tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh táille nó táillí laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Seirbhísí Oiliúna ar (074) 9120500.

## Foinsí Féideartha Maoinithe le haghaidh Oideachas Lánaimseartha

--

**Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)**
**Is é SUSI údarás náisiúnta bronnta na hÉireann do gach deontas ardoideachais agus breisoideachais. Beidh méid iomlán an deontais a bheas mac léinn i dteideal a fháil ag brath ar ioncam inríofa an mhic léinn. Tig leat an tÁiritheoir Incháilitheachta a sheiceáil ar shuíomh gréasáin SUSI (www.susi.ie) le fáil amach an sásaíonn tú na critéir le deontas a fháil. De ghnáth, bíonn cáilitheacht ar dheontas ag brath ar na nithe seo a leanas:**

- Caithfidh tú a bheith i d'Éireannach, de bhunadh an AE, de bhunadh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) nó i do Náisiúnaí Eilvéiseach nó cead sonrach a bheith agat fanacht sa Stát agus caithfidh sé go raibh gnáthchónaí ort in Éirinn, san AE, san LEE nó san Eilbhéis ar feadh 3 bliana as na 5 bliana dheireanacha.
- Caithfidh tú a bheith ag dul ar aghaidh i do chuid oideachais (ag ardú do leibhéil oideachais ar an NFQ); agus caithfidh tú a bheith ag freastal ar chúrsa faofa in institiúid fhaofa.
- I gcásanna áirithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal maoinithe mar mhac léinn 'dara seans' más rud é gur fhreastail tú cheana féin ar chúrsa ach nár chríochnaigh tú é; agus go bhfuil briseadh cúig bliana sa staidéar agat ó d'fhág tú an cúrsa.

Le níos mó eolais a fháil, déan teagmháil le SUSI ar 0761 087874 nó www.susi.ie.

**Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas (BTEA)**
Má tú dífhostaithe, i do thuismitheoir aonair nó má tá tú faoi mhíchumas agus ag fáil íocaíochtaí áirithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, is féidir leat a bheith rannpháirteach i gcúrsa dara leibhéal nó tríú leibhéal agus Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA) a fháil.

Le níos mó eolais a fháil, déan teagmháil le d'oifig áitiúil nó https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-social-protection/?referrer=http://www.gov.ie/dsp/.

## Foinsí Eile Maoinithe, Eolais & Tacaíochtaí

--

**An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí**
D'fhéadfadh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS) fóirdheontais a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo leas a bhaint as oiliúint lánaimseartha nó páirtaimseartha trí Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET). Tá dhá chineál fóirdheontais ann, Fóirdheontais Uilíocha agus Fóirdheontais atá Bunaithe ar Mheasúnú ar Ioncam agus is féidir le hiarrthóirí cur isteach orthu ag brath ar chritéir áirithe.

Le níos mó eolais a fháil faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí téigh chuig https://www.ncs.gov.ie/en/.

**Suíomh gréasáin an Údaráis um Ard-Oideachas**
Cuireann suíomh gréasáin an Údaráis um Ard-Oideachas eolas ar fáil maidir le tacaíochtaí airgeadais do mhic léinn bhreisoideachais agus ardoideachais.

Le níos mó eolais a fháil, tabhair cuairt ar https://hea.ie/funding-governance-performance/funding/student-finance/.

# 4

# An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

Le níos mó eolais a fháil: www.nfq.ie/www.QQI.ie

Dearadh an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) le ligean do mhic léinn comparáid a dhéanamh idir cáilíochtaí agus iad a rangú trasna deich leibhéal ó chéimeanna tosaigh na foghlama go dtí na céimeanna is airde. Tá gach leibhéal bunaithe ar chaighdeáin atá aontaithe go náisiúnta maidir lena bhfuiltear ag súil le bheith ar eolas ag duine aonair, cad ba chóir do dhuine aonair a thuiscint agus a bheith ábalta a dhéanamh i ndiaidh dó clár foghlama a chríochnú go sásúil.

**Is éard is foras cáiliúcháin ann foras náisiúnta a bhfuil an t-údarás aige cáilíocht a bhronnadh le haitheantas a thabhairt d'fhoghlaim a rinneadh. Tá roinnt foras cáiliúcháin náisiúnta ann a bhfuil a gcuid dámhachtainí san áireamh sa NFQ ar nós Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) a chreidiúnaíonn an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht. Cuireadh forais cháiliúchain ar nós City & Guilds agus saincháilíochtaí gairmiúla tionscail in Éirinn agus sa RA san áireamh sa NFQ fosta.**

Tig leis an NFQ cuidiú leat cinntí stuama a dhéanamh faoi cén leibhéal de chúrsa is fearr a oireann duit agus lena dhéanamh níos fusa duit míniú a thabhairt ar na cáilíochtaí atá agat agus iad siúd a bhfuil tú ag staidéar fána gcoinne. Éiríonn sé sin an-tábhachtach má tá tú ag smaoineamh ar fhoghlaim bhreise a dhéanamh nó post a fháil in Éirinn nó thar lear.

### Scéim Choiteann Dámhachtainí

--

**Ag gach leibhéal den NFQ tá ceann amháin ar a laghad de na cineálacha dámhachtainí seo a leanas:**

— Mórdhámhachtain – an phríomhdhámhachtain a bhronntar ag gach leibhéal a bhfuil foghlaim shuntasach i gceist léi m.sh. an Teastas Sóisearach/ an Ardteistiméireacht, Teastas QQI agus Céim.
— Miondámhachtain – tugann sí aitheantas do mhic léinn a bhfuil réimse torthaí foghlama bainte amach acu ach ní na saintorthaí foghlama atá de dhíth le haghaidh Mórdhámhachtana. Cuireann na dámhachtainí seo ar chumas foghlaimeoirí aonaid foghlama a chnuasach ag a luas féin. Tugtar Teastais Chomhpháirteacha ar na haonaid foghlama seo.
— Dámhachtain Sainchuspóra – tugann sí aitheantas do shainchuspóir m.sh. Teastasú Pas Shábháilte maidir le sláinte agus sábháilteacht sa tionscal foirgníochta.
— Dámhachtain Fhorlíontach – le haghaidh foghlama atá sa bhreis ar dhámhachtain roimhe sin. Úsáidtear iad le scileanna ar leith a uasdátú agus le haghaidh forbairt ghairmiúil.

## Naisc Idirnáisiúnta

--

**Tá NFQ nasctha le creataí comhchosúla san Eoraip. Cuidíonn sé sin le daoine, atá ag smaoineamh ar fhostaíocht nó ar dheiseanna staidéir a ghlacadh lasmuigh d'Éirinn, seiceáil a dhéanamh ar choibhéis a gcáilíochta i dtír eile de chuid na hEorpa. Tá dhá chreat cáilíochtaí ann ag leibhéal na hEorpa.**


— An Creat Cáilíochtaí de chuid Limistéar Eorpach an Ardoideachais, a dtugtar 'Creat Bologna' air fosta. Baineann sé sin le dámhachtainí ardoideachais (NFQ 6-10).

— An Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EFQ), a bhaineann le gach leibhéal NFQ, ar a n-áirítear scoileanna, breisoideachas agus oiliúint agus ardoideachas.

## An tSeirbhís um Aitheantas Cáilíochtaí

--

Cuireann QQI Seirbhís Comhairle um Aitheantas Cáilíochtaí (https://qsearch.qqi.ie/WebPart/Search?searchtype=recognitions) ar fáil saor in aisce dóibh siúd atá ag lorg treorach maidir le haitheantas acadúil dámhachtainí a baineadh amach taobh amuigh de chóras na hÉireann. Chomh maith leis sin, rinne QQI forbairt ar chóras d'fhorais ghairmiúla aitheantas san NFQ a fháil dá ndámhachtainí.




**AICMÍ DÁMHACHTAINÍ**

- **Mórdhámhachtainí:** is iad na dámhachtainí seo, atá tugtha sna fáinní lasmuigh, an phríomhaicme dámhachtainí a dhéantar ar leibhéal ar bith
- ▲ **Miondámhachtainí:** bronntar iad seo as toradh le haghaidh Mórdhámhachtana a bhaint amach go páirteach
- ■ **Dámhachtainí Forlíontacha:** bronntar iad seo as foghlaim atá sa bhreis ar Mhórdhámhachtain
- ◆ **Dámhachtainí Sainchuspóra:** bronntar iad as foghlaim réasúnta cúng nó as foghlaim sainchuspóra
- ● **Dámhachtainí Gairmiúla:** bronntar iad mar cháilíochtaí gairmiúla, printíseachtaí ina measc

*Téigh chuig suíomh gréasáin NCCA, ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/

**CLÁR CÁILÍOCHTAÍ na hÉIREANN**

**Gheofar tuilleadh eolais ar**

— Cáilíochtaí
— Soláthraithe
— Cúrsaí

**ag www.irq.ie**

# 5 Creidiúnú á Chur ar Fáil ag ETB Dhún na nGall

— Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
— Cáilíochtaí City & Guilds
— Cáilíochtaí Gairmiúla agus Tionscail

## Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

--

**Tá QQI freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint; bailíochtaíonn sé cláir agus bronnann sé dámhachtainí. Chomh maith leis sin, tá QQI freagrach as cothabháil, forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.**

Is é QQI an príomhfhoras cáiliúcháin do chúrsaí arna gcreidiúnú ag ETB Dhún na nGall. De bhrí gur muidne an soláthraí reachtúil de bhreisoideachas agus oiliúint i nDún na nGall, cuireann muid Mórdhámhachtainí agus Miondámhachtainí QQI ar fáil ag Leibhéil 1-6 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Éilíonn QQI gur gá sainuimhir creidiúintí a bhaint amach sular féidir dámhachtain ar leith a bhronnadh ar mhac léinn. Bíonn luachanna difriúla creidiúintí ag comhpháirteanna cúrsaí, ó 5 go 30 pointe, bunaithe ar an obair atá de dhíth chun teastas comhpháirteach a chríochnú. Nuair a bhíonn mac léinn ag staidéar le haghaidh mórdhámhachtana, caithfidh an clár foghlama íosmhéid creidiúintí a chur ar fáil ag gach leibhéal. Léiríonn an tábla thíos an líon creidiúintí atá de dhíth le mórdhámhachtain a bhaint amach ag Leibhéil 1-6. Is féidir miondámhachtain a bhronnadh ar fhoghlaimeoir ag gach leibhéal nuair nach sásaíonn an líon creidiúintí an t-íosmhéid atá de dhíth le haghaidh mórdhámhachtana.

| Leibhéal QQI | Líon Creidiúintí atá de dhíth le Mórdhámhachtain a fháil |
|---|---|
| 1 | 20 |
| 2 | 30 |
| 3 | 60 |
| 4 | 90 |
| 5 | 120 |
| 6 | 120 |



## City & Guilds Cáilíochtaí

--

Móreagraíocht ghairmoideachais agus oiliúna is ea City & Guilds agus cuireann sí seirbhísí ar fáil do sholáthraithe oiliúna, d'fhostóirí agus do mhic léinn trasna réimse earnálacha le freastal ar riachtanais atá ag daoine san ionad oibre sa lá atá inniu ann. Cuireann City & Guilds na mílte gairmcháilíocht ar fáil; is mór le fostóirí na cáilíochtaí sin agus tá siad á seachadadh trí níos mó ná 10,000 ionad oiliúna ar fud an domhain. Cuidíonn cúrsaí City & Guilds le daoine aonair a mbuanna agus a gcumais a fhorbairt le haghaidh dul chun cinn gairme amach anseo.



## Cáilíochtaí Gairmiúla agus Tionscail

--

Cuireann Seirbhísí Oiliúna ETB Dhún na nGall saincháilíochtaí gairmiúla agus tionscail ar fáil atá de dhíth le post a fháil i sainearnálacha fostaíochta. Cuireann na cúrsaí sin an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí ar fáil atá de dhíth le freastal ar na riachtanais a bhaineann le poist áirithe. I measc na samplaí de shainoiliúint earnála a bhfuil tóir orthu tá: teiripe scéimhe, teagasc gníomhaíochtaí allamuigh agus oiliúint i dtástáil bogearraí.

6

# Cinneadh a Dhéanamh maidir leis an Chúrsa Cheart Duitse

Mura bhfuil tú cinnte cén cúrsa ba chóir duit a dhéanamh nó má tá cuidiú de dhíth ort le fáil amach cén leibhéal is fóirsteanaí duit, le do thoil, cuir glaoch orainn ag an uimhir 074 9178088

## Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh ETB Dhún na nGall

--

Cuireann an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh eolas, comhairle, treoir agus comhairliúchán neamhchlaonta agus rúnda ar fáil maidir leis na roghanna oideachais atá ann duit laistigh d'ETB Dhún na nGall agus le soláthraithe oideachais eile chomh maith. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís tacaíocht a thabhairt duit chun na cinntí cearta a dhéanamh maidir le filleadh ar oideachas agus oiliúint agus le cuidiú leat na cinntí sin a dhéanamh laistigh de chomhthéacs do shaoil ina iomláine.

**Acmhainní Treorach agus Faisnéise ar líne** – más fearr leat do thaighde féin a dhéanamh, d'fhéadfadh na láithreáin ghréasáin seo a leanas a bheith úsáideach:

— www.donegaletb.ie - do láithreán gréasáin aitiúil a chuireann eolas cothrom le dáta agus cuimsitheach ar fáil maidir leis na cúrsaí agus na tacaíochtaí atá ar fáil duit.
— www.qualifax.ie - bunachar sonraí náisiúnta de chúrsaí breisoideachais agus ardoideachais atá á gcur ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
— www.careersportal.ie - bunachar sonraí gairme agus cúrsaí ar líne ó phróifíleoir spéise úsáideach le cuidiú leat do chuid spéiseanna a mheaitseáil le cúrsaí agus bunachar sonraí d'eolas ar shlite beatha.
— www.studentfinance.ie - acmhainn ar líne a mhionsonraíonn gach gné a bhaineann le maoiniú, deontais agus sochair leasa shóisialaigh maidir le hoideachas agus oiliúint.

## Riachtanais Iontrála

--

**Cuireann ETB Dhún na nGall réimse leathan cúrsaí oideachais agus oiliúna ar fáil agus tá critéir iontrála éagsúla i gceist le gach ceann acu. Cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus iarrfar orthu a dtuiscint ar an chúrsa a léiriú, an fáth ar spreagadh iad le cur isteach ar an chúrsa agus a gcumas maidir le riachtanais an chúrsa a bhainistiú. Tuigeann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall cé chomh tábhachtach agus atá sé do dhaoine fásta an cúrsa ceart a roghnú agus ag an leibhéal cheart. Más rud é go mothaíonn tú, le linn an agallaimh, nach bhfuil an cúrsa fóirsteanach duit cuirfidh muid ar aghaidh chuig Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh ETB Dhún na nGall thú agus cuideoidh siad leat amharc ar do chuid roghanna.**

**Tá sainchritéir iontrála ag na cláir seo a leanas:**

**An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)**
Tá ná cúrsaí saor in aisce do dhaoine a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann) agus dóibh siúd atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh nó a bhfuil cárta leighis acu agus a gcuid cleithiúnaithe. Beidh táillí i bhfeidhm d'iarratasóirí eile.

**Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC)**
Dianchúrsaí bliana Leibhéal 5 is ea cúrsaí PLC. De ghnáth, beidh an Ardteistiméireacht, Ardteistiméireacht Fheidhmeach, nó Gairmchlár na hArdteistiméireachta nó Dámhachtain FETAC/QQI Leibhéal 4 ag iarratasóirí. Tabharfar an breithniú céanna d'iarratasóirí aibí nach sásaíonn na riachtanais iontrála seo. Beidh táille scrúdaithe QQI de €50.00 i gceist ach déantar é a tharscaoileadh dóibh siúd a bhfuil cárta leighis acu nó atá ag fáil Liúntais chun Filleadh ar an Oideachas. Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a dhíol.

**Sainscileanna agus Cúrsaí Oiliúna**
Cuirtear sainscileanna agus cúrsaí oiliúna ar fáil ag leibhéil éagsúla agus tá said deartha go príomha leis na scileanna, na hinniúlachtaí agus an taithí a chur ar fáil le post a bhaint amach. Athraíonn na riachtanais iontrála ag brath ar leibhéal an chúrsa agus an mianach agus na scileanna atá de dhíth leis an chúrsa a chríochnú go sásúil. I gcásanna áirithe, baintear úsáid as trialacha mianaigh agus agallaimh chun rannpháirtithe a roghnú.

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)**
Le bheith i dteideal SDOG, caithfidh iarratasóirí a bheith ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe nó ag síniú le haghaidh creidiúintí agus caithfidh sé go raibh siad dífhostaithe roimh thús an chúrsa.

**Clár Cumasóige (Youthreach Programme)**
Tá an clár Cumasóige dírithe ar dhaoine óga idir 16-20 bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath agus a bhfuil beagán cáilíochtaí nó cáilíochtaí ar bith acu.

**Deiseanna Dul Chun Cinn chuig Ardoideachas**
Tá comhaontú comhpháirtíochta ag ETB Dhún na nGall le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh Dhún na nGall a chuireann deiseanna ar fáil le dul chun cinn ó cháilíochtaí QQI Leibhéal 5 chuig roinnt clár fochéime.

**SDOG/PLC:** Tá inniúlacht teanga agus litearthachta sa Bhéarla de dhíth ar iarratasóirí nach é Béarla a gcéad teanga; tá leibhéal B2 ar a laghad ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) de dhíth sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht, san éisteacht agus sa labhairt agus b'fhéidir go mbeadh orthu triail teanga a dhéanamh sa Bhéarla.

**Ranganna Oíche/Sainscileanna/Cúrsaí Oiliúna:** Beidh inniúlacht teanga agus litearthachta sa Bhéarla de dhíth ar iarratasóirí nach é Béarla a gcéad teanga; tá leibhéal B2 ar a laghad ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) de dhíth sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht, san éisteacht agus sa labhairt agus b'fhéidir go mbeadh orthu triail teanga a dhéanamh sa Bhéarla.

**Thiocfadh go mbeadh socrúchán oibre ina ghné lárnach de chláir, rud a éascóidh feabhsú na hinfhostaitheachta agus na tras-scileanna - ní mór d'iarratasóirí ó lasmuigh den AE/LEE Litir um Chead Oibre, Stampa Cead Víosa 4, 5, nó 6 nó litir ón Aire Dlí agus Cirt ag tabhairt cead oibre/staidéir sa stát seo.**

## Míniú ar Chláir Bhreisoideachas agus Oiliúna

### Soláthar Lánaimseartha

--

**Printíseachtaí**
Is éard is printíseacht ann clár oideachais agus oiliúna struchtúrtha a mheascann foghlaim san ionad oibre agus foghlaim in ionad oideachais nó oiliúna. Is déchóras atá ann, ar meascán cumaiscthe é d'oiliúint fhostóir-bhunaithe ar an láthair oibre agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre. Tá níos mó ná seasca a cúig clár printíseachta ar fáil faoi láthair trasna sé réimse foghlama dhéag.

**Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC)**
Is dianchúrsaí bliana lánaimseartha iad cúrsaí PLC a ullmhaíonn foghlaimeoirí le haghaidh fostaíocht ag leibhéal iontrála nó le dul ar aghaidh chuig tuilleadh staidéir.

Is féidir le mic léinn rathúla cur isteach ar chláir tríú leibhéal ag Ollscoileanna tríd an Scéim um Naisc Ardoideachais. Is dóigh iontach maith é an PLC ón Ardteistiméireacht dóibh siúd a bhfuil bliain bhreise de dhíth orthu le staidéar a dhéanamh ar réimse gairme faoi leith agus do dhaoine fásta atá ag pilleadh ar an oideachas. Cuirtear cúrsaí ar fáil ag scoileanna áirithe dara leibhéal arna mbainistiú ag ETB Dhún na nGall.



**Oiliúint i Sainscileanna**
Tá na cúrsaí maidir le hOiliúint i Sainscileanna (SST) deartha le réimse scileanna a bhaineann le infhostaitheacht a sholáthar d'fhoghlaimeoirí chomh maith le gairmcháilíochtaí foirmiúla chun cuidiú leo siúd atá ag dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair agus do dhaoine ar mian leo uasghrádú a dhéanamh ar a gcuid scileanna nó cinn úra a fháil. Is féidir le cúrsaí tú a chur i dtreo Dámhachtainí QQI ag leibhéil 3, 4, 5 agus 6 agus/nó i dtreo creidiúnaithe atá aitheanta ag earnáil na tionsclaíochta. De ghnáth, maireann na cúrsaí modúlacha gairide sé seachtaine agus is féidir le cúrsaí níos faide maireachtáil suas le ceathracha seachtain nó níos mó. Cuirtear formhór na gcúrsaí ar fáil go lánaimseartha i rith na bliana inár nIonaid Oiliúna i Leitir Ceanainn agus i nGaoth Dobhair. Cuireann soláthraithe faoi chonradh leis na cúrsaí sin, rud a thugann solúbthacht d'ETB Dhún na nGall éilimh earnáil na tionsclaíochta a shásamh, éilimh atá ag athrú. Tá an Clár Oiliúint i Sainscileanna comhmhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach.

**Cúrsaí Oiliúna**
Is éard is cúrsa oiliúna ann clár oiliúna struchtúrtha a mheascann foghlaim i suíomh oideachais agus oiliúna agus in ionad oibre agus é mar aidhm aige níos mó deiseanna fostaíochta a thabhairt do rannpháirtithe agus cur le coinneáil agus táirgiúlacht in earnáil na tionsclaíochta. Cuireann cúrsaí oiliúna ar chumas foghlaimeoirí na scileanna agus an t-eolas is úire a fhoghlaim ar an láthair oibre, rud a chiallaíonn go mbíonn níos mó scileanna acu, go mbíonn siad níos infhostaithe agus go mbíonn níos mó roghanna gairme acu. Forbraítear cúrsaí oiliúna nua ar bhonn leanúnach trasna réimse tionscal agus earnálacha le freagairt ar riachtanais scileanna atá sainaitheanta. Tá Cúrsaí Oiliúna comhmhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach.

**Soláthraithe Sainoiliúna (STP)**
Tacaíonn ETB Dhún na nGall le STPanna maidir le hoiliúint agus seirbhísí gaolmhara atá dírithe ar fhoghlaimeoirí a chur ar fáil, le cuidiú le daoine aonair dul isteach sa mhargadh fostaíochta den chéad uair nó le dul isteach arís ann. Díríonn STPanna ar riachtanais oiliúna sainaitheanta na ndaoine atá faoi mhíchumas atá á bhfágáil amach as an mhargadh fostaíochta agus atá faoi mhíbhuntáiste maidir le cláir ghairmoiliúna. Cuirtear na cláir sin ar fáil ag Leibhéal 3 go dtí Leibhéal 5 QQI. Tá cóimheas feabhsaithe idir teagascóirí agus mic léinn ar fáil ar na cláir sin.

An rud a dhéanann Soláthraithe Sainoiliúna ná go mbaineann siad ar shiúl nó go sáraíonn siad bacainní a bhíonn os comhair foghlaimeoirí faoi mhíchumas go díréireach i dtimpeallachtaí foghlama eile. Tugtar aghaidh orthu agus téitear i ngleic orthu trí:

- riachtanais a bhaineann le rochtain
- riachtanais a bhaineann le hábhar oiliúna agus fad an chúrsa
- riachtanais a bhaineann le hoiliúint neamhghairme

**Céimeanna Treasacha**
Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, ETB na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) agus ETB Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (MSL ETB), cláir céime treasacha ar fáil i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA).

Críochnófar an chéad bhliain de na cláir seo le Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall nó MSL ETB nó GRETB agus mic léinn ag leanúint lena gcuid staidéir le OTA. Tugann na cláir chéime uathúla seo deis d'fhoghlaimeoirí fanacht ina gcuid réigiún féin agus iad ag tabhairt faoi chéim.

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)**
Is clár oiliúna é SDOG dóibh siúd atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe nó atá ag síniú le haghaidh creidiúintí agus a bhí dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Is clár lánaimseartha é SDOG agus cuireann sé cúrsaí mórdhámhachtana ar fáil ag QQI Leibhéil 4 agus 5 nó a gcomhionann thar bhliain amháin agus dhá bhliain. Tá cúrsaí SDOG dírithe ar na scileanna agus na hábaltachtaí atá de dhíth ar fhostóirí a fhorbairt agus tá cuid mhór de na cúrsaí dírithe ar thaithí oibre.

**Clár Cumasóige (Youthreach Programme)**
Is é Cumasóige an clár oideachais, oiliúna agus taithí oibre oifigiúil de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta do dhaoine óga 16-20 bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath nó nár éirigh go maith leo sa chóras oideachais oifigiúil. Tá sé mar aidhm ag an chlár na bunscileanna atá de dhíth faoi choinne tuilleadh foghlama a thabhairt dóibh agus na daoine óga a ullmhú chun dul ar aghaidh go dtí breisoideachas/oiliúint nó fostaíocht. Clár lánaimseartha dhá bhliain is ea Cumasóige a chuireann idir chúrsaí neamhchreidiúnaithe agus chúrsaí creidiúnaithe ar fáil ag QQI Leibhéil 2, 3 agus 4, ICDL agus Pas Sábháilte i measc rudaí eile, i raon réimsí ábhair a athraíonn ó ionad go hionad. Tá Cumasóige cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.



## Soláthar Páirtaimseartha:

--

**An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)**
Cuireann BTEI roghanna oideachais ar fáil dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó thairis sin ar spéis leo staidéar a dhéanamh go páirtaimseartha. Tá ná cúrsaí saor in aisce do dhaoine a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal orthu (Ardteistiméireacht nó a comhionann) agus dóibh siúd atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh nó a bhfuil cárta leighis acu agus a gcuid cleithiúnaithe. Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile. Cuireann BTEI Mórdhámhachtainí agus Miondámhachtainí QQI ar fáil ag Leibhéil 3 go 5; maireann na cláir ó 6 mhí go 2 bhliain ag brath ar an chúrsa. Cuirtear gach cúrsa ar fáil sna hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus i gcomhar leis an Chlár Tacaíochta Oideachais Pobail sa phobal.

**Clár Tacaíochta Oideachais Pobail**
Tacaíonn an Clár Oideachais Pobail le cúrsaí oideachais a chur ar fáil do dhaoine fásta sa phobal trí mhaoiniú a thabhairt le haghaidh costais teagaisc agus tacaíocht maidir le cúrsaí a chur ar bun. Mar gheall ar an dóigh a bhfuil sé, tá soláthar oideachais pobail á thiomáint ag riachtanais an phobail agus eagraithe go háitiúil. Cinntíonn an cur chuige seo 'ón bhun aníos' go dtugann oideachas aosach i suíomh pobail aghaidh i gcónaí ar riachtanais oideachais an phobail áitiúil. Maoiníonn an Clár Tacaíochta Oideachais Pobail réimse leathan cúrsaí ó ghearrchúrsaí agus ranganna oíche go dtí Miondámhachtain QQI. Is féidir sonraí a fháil faoi na cúrsaí i do cheantar atá á maoiniú tríd an Chlár Tacaíochta Oideachais Pobail trí do ghrúpa pobail áitiúil nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Oideachais Pobail Catherine Friel ar 074 9178088 / 087 1853050 (Inis Eoghain, Deisceart agus Oirthear Dhún na nGall) nó an Orla Winters ar 074 9725522/087 3573954 (An Ghaeltacht, Iarthar agus Deisceart Dhún na nGall).

**Cúrsaí Oiliúna Oíche**
Cuirtear cúrsaí oiliúna oíche ar fáil inár nIonaid Oiliúna i Leitir Ceanainn agus i nGaoth Dobhair agus i gceantair agus in ionaid for-rochtana ar fud an chontae. Tugtar deis d'fhoghlaimeoirí cur leis an mhéid atá foghlamtha acu cheana le cur lena gcuid scileanna nó le cáilíocht aitheanta a bhaint amach. Tá roghanna oiliúna oíche ar fáil oíche nó dhó in aghaidh na seachtaine ar feadh suas le cúig seachtaine déag. Tá idir réamhchúrsaí gairide agus Leibhéil QQI 3-6 ar fáil, mar aon le cúrsaí forbartha gairmiúla atá aitheanta ag earnáil na tionsclaíochta.

**Ag Foghlaim don Saol**
Cuireann an clár, Ag Foghlaim don Saol, teagasc ar fáil do dhaoine fásta ar gá dóibh bunscileanna láidre a fhorbairt i léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú, matamaitic agus i ríomhaireacht. Is féidir le daoine fásta rogha a dhéanamh idir réimse clár ar nós Croíscileanna ag Leibhéal 1, Scileanna Riachtanacha ag Leibhéal 2 agus Foghlaim Ghinearálta ag Leibhéal 3 ag brath ar an leibhéal a oireann dá gcuid riachtanas reatha. Tugtar tacaíocht do mhic léinn le dul ar aghaidh idir leibhéil de réir mar is cuí. Cuireann an clár foghlaim ar fáil atá saincheaptha do riachtanais gach mic léinn i ngrúpaí beaga tacaíochta agus i dtimpeallacht foghlama atá fáiltiúil agus cairdiúil. Lena chois sin, cuireann an clár réimse roghanna foghlama teaghlaigh ar fáil i gcomhpháirtíocht le scoileanna agus cuirtear oiliúint i mBéarla ar fáil do chainteoirí teangacha eile. Is féidir le mic léinn rogha a dhéanamh maidir lena gcuid staidéir a chreidiúnú; tá Mórdhámhachtainí agus Miondámhachtainí QQI á dtairiscint ó Leibhéal 1 go dtí Leibhéal 4. Tá litearthacht d'aosaigh cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.

**Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin**
Cuireann ionad oideachais agus oiliúna allamuigh ETB Dhún na nGall i nGartán cúrsaí ar fáil i spóirt faoin aer, oiliúint eachtraíochta, oideachas timpeallachta agus inbhuanaitheacht do dhaoine óga agus d'aosaigh. I measc na gcúrsaí atá ar fáil tá réamhchúrsaí gairide agus oiliúint atá creidiúnaithe go gairmiúil. Chomh maith leis sin, is féidir cláracha a shaincheapadh chun na riachtanais ar leith atá ag duine aonair nó ag grúpa a shásamh.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go mbeidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le déanamh ag gach mac léinn sna cúrsaí uilig a chuireann ETB Dhún na nGall ar fáil agus a bhfuil taithí oibre le páistí nó le daoine fásta leochaileacha mar pháirt díobh.





# 7

## An Dóigh le hIarratas a dhéanamh ar Chúrsa

Tá sé éasca iarratas a dhéanamh ar chúrsa le ETB Dhún na nGall – déan teagmháil leis an duine chuí atá ainmnithe san eolas faoin chúrsa agus tabharfaidh sé/sí freagra ar cheisteanna ar bith atá agat.




**Má tá deacracht agat teagmháil a dhéanamh leis an duine chuí, téigh i dteagmháil le Seirbhís Eolais agus Treorach d'Aosaigh ETB Dhún na nGall i Leitir Ceanainn (Guthán: 074 9178088) nó Baile Dhún na nGall (Guthán: 074 9725520).**

Is féidir leat ríomhphost a chur chuig adultguidance@donegaletb.ie fosta nó an fhoirm ghréasáin seo a chomhlánú agus beidh ball foirne i dteagmháil leat: https://www.donegaletb.ie/further-education-training/adult-guidance/.

Ina áit sin, is féidir leat cur isteach ar an chúrsa tríd an aimsitheoir cúrsaí ar ár láithrean gréasáin, https://www.donegaletb.ie/further-education-training/course-finder/, nó tríd an aimsitheoir cúrsaí náisiúnta FET, www.fetchcourses.ie. Má tú ag fáil Liúntais Cuardaitheora Poist beidh do Chásoifigeach ón Roinn Coimirce Sóisialaí ábalta tú a chur ar aghaidh go dtí ár gcuid cúrsaí.

# Gluais Giorrúchán



| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| BTEA | Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas |
| BTEI | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| CAO | Lár-Oifig Iontrála |
| C&G | City and Guilds |
| CITR (ICDL) | Ceadúnas Idirnáisiúnta Tiomána Ríomhairí |
| CSCS | Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta |
| DSP | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| FCL | Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| LCA | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| LNF | Líonra Náisiúnta Foghlama |
| LYIT | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| MAG | Táthú Miotail le Gás Gníomhach |
| MIG | Táthú Miotail Támhgháis |
| MOS | Microsoft Office Specialist |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| OTA | Ollscoil Teicneolaíocht an Atlantaigh |
| PLC | Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| SEC | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| TIG | Táthú Tungstain Támhgháis |
| VTCT | Vocational Training Charitable Trust |
| VTOS/SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |



# 8.0

## Cúrsaí Lánaimseartha




| | | |
|---|---|---|
| **8.1** | Riarachán, Gnó & Airgeadas | L23 |
| **8.2** | Printíseachtaí | L33 |
| **8.3** | Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh | L39 |
| **8.4** | Foirgníocht & Timpeallacht Thógtha | L41 |
| **8.5** | Cúrsaí do Dhaoine faoi Mhíchumas | L45 |
| **8.6** | Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige | L54 |
| **8.7** | Innealtóireacht & Déantúsaíocht | L61 |
| **8.8** | Gruagaireacht & Scéimh | L74 |
| **8.9** | Sláinte & Cúram Sóisialta | L81 |
| **8.10** | TF & Ríomhaireacht | L91 |
| **8.11** | Eolaíocht | L96 |
| **8.12** | Spórt, Áineas & Aclaíocht | L98 |
| **8.13** | Iompar | L107 |
| **8.14** | Tréidliacht | L113 |
| **8.15** | Cumasóige | L117 |


**21–22**



# 8.1

## Riarachán, Gnó & Airgeadas



# **Baitsiléir Gnó** (Onóracha) **Treasach sa Ghnó**

**Tá trí speisialachas le fáil sa Bhaitsiléir Gnó (Onóracha) seo sa Ghnó ar NFQ Leibhéal 8. Cuirtear tús leis an chlár céime le comhbhliain a haon le Seirbhís FET de ETB Dhún na nGall agus ag deireadh na chéad bhliana cinneann mic léinn cén speisialachas ar mhaith leo a dhéanamh do na blianta atá fágtha dá staidéar. Tig leo roghnú ó Ghnó leis an Fhiontraíocht agus leis an Nuálaíocht ag OTA Dhún na nGall, Gnó leis an Ghnó Digiteach ag OTA na Gaillimhe nó Gnó le Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair ag OTA Shligigh.**

**Modúil***

- Matamaitic Ghnó agus Staidreamh
- Buneolas na Fiontraíochta
- Buneolas na Teicneolaíochta Faisnéise 1
- Buneolas na Teicneolaíochta Faisnéise 2
- Bunchúrsa na hEacnamaíochta Gnó
- Bunchúrsa an Airgeadais
- Bunchúrsa na Bainistíochta
- Bunchúrsa na Margaíochta
- Scileanna Staidéir agus Idirphearsanta
- Gnó Inbhuanaithe

* d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar na modúil

Bealaí Chun Cinn: Agus an cúrsa seo curtha i gcrích go rathúil acu, féadfaidh iarratasóirí dul ar aghaidh chuig an chuid eile den chéim le OTA. Mar mhalairt air sin, tig le mic léinn dul ar aghaidh chuig cúrsaí oideachais eile le ETB Dhún na nGall nó d'fhéadfadh siad cur isteach ar áit a fháil i mbliain a haon de raon clár ardteastais nó céime ag ollscoileanna tríd an Lár-Oifig Iontrála agus/nó tríd an Scéim Nasc Ardoideachais.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ní mór go mbeadh an Ardteistiméireacht curtha i gcrích go rathúil ag iarratasóirí, lena n-áirítear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó cáilíocht choibhéiseach ar Leibhéal 5 de QQI. Sa chás nach bhfuil Ardteistiméireacht nó cáilíocht Leibhéal 5 ag iarratasóir, beidh deis aige/aici a (h)ullmhacht don chúrsa a léiriú in agallamh.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama, go mbeadh suim acu san ábhar agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí roimhe seo:** Nó mór d'iarratasóirí raon réasúnta eolais, scileanna agus inniúlachtaí atá ábhartha don chúrsa a léiriú agus a bheith in ann tionscnaíocht agus neamhspleáchas a chur in iúl agus gníomhaíochtaí an chúrsa á ndéanamh acu.

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce sa chéad bhliain le ETB Dhún na nGall

**Teagmhálaí:**
Charles Gorney
Guthán: 074 9706047

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachta ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim, ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Srath an Urláir (Coláiste Ghleann na Finne)

**Costas:** Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:
- Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
- Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
- Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a dhíol.

**Teagmhálaí:**
Kathleen Boland
Guthán: 074 9131648

# Riarachán Gnó

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo mioneolas a thabhairt do mhic léinn maidir le coincheapa a bhaineann le saol an ghnó le béim ar staidéar gnó agus rúnaíochta, riarachán agus TFC. Tugann an cúrsa léargas do mhic léinn ar oibríochtaí riaracháin gnóthaí agus forbróidh mic léinn scileanna agus cumais le réimse feidhmeanna TFC a chur i gcrích, feidhmeanna a bhaineann le haon eagraíocht ghnó. Ina theannta sin ullmhaíonn an cúrsa seo mic léinn ar mian leo post a fháil nó staidéar breise a dhéanamh sa réimse sin. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa seo agus tugann sé an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna atá faighte acu ar an chúrsa a úsáid.**

**Modúil***
- Tras-scríobh ó Fhuaim
- Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe
- Scileanna Riaracháin Gnó
- Cumarsáid
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Táirgeadh Téacs
- Próiseáil Focal
- Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa seo i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh i dTuaisceart Éireann. Tá an ráta is airde dul chun cinn ó PLC go dtí an tríú leibhéal ag mic léinn PLC ETB Dhún na nGall as measc na mac léinn PLC uilig sa tír.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí, atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4, agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim, ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Caithfidh rannpháirtithe a bheith ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe nó ag síniú le haghaidh creidiúintí agus caithfidh sé go raibh siad dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist liúntas oiliúna atá mar an gcéanna lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástáil acmhainne de réir mar is cuí.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Dhá bhliain (téarmaí acadúla, Béal Átha Seanaidh)
**Suíomh:** Béal Átha Seanaidh (Ionad FET)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Béal Átha Seanaidh
Anita O'Rourke
Guthán: 071 9851276

# Riarachán Gnó

**Tá an cúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 dhá bhliain seo dírithe ar mhic léinn a bhfuil spéis acu i ngnéithe éagsúla de Riarachán Gnó agus tá sé mar aidhm ag an chúrsa muinín agus scileanna a thabhairt do rannpháirtithe. Cuireann sé oiliúint ar fáil dóibh siúd ar mian leo slí bheatha a bhaint amach san earnáil airgeadais (párolla, leabharchoimeád), san earnáil TFC (próiseáil focal, bunachair shonraí, scarbhileoga) nó i dtimpeallacht oifige mar oibrí cléireachais. Is féidir le daoine na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí a fhaigheann siad ar an chúrsa seo a úsáid i roinnt mhaith suíomhanna gnó agus i réimse leathan ról.**

**Modúil***

— Leabharchoimeád Láimhe & Ríomhairithe
— Riarachán Gnó
— Cumarsáid
— Modhanna Bunachar Sonraí
— CITR - Ag Úsáid Bunachair Sonraí
— Fórsa Oibre CITR i nDoiciméid
— Fórsa Oibre CITR - Scarbhileoga
— Párolla – Láimhe & Ríomhairithe
— Modhanna Scarbhileoga
— Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: D'fhéadfadh céimithe an chúrsa seo post a fháil agus tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais i gcomhair iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó breis staidéir a dhéanamh.

# Riarachán Gnó le Párolla agus Leabharchoimeád

**Is é cuspóir na dámhachtana seo, a sholáthraíonn trí dhámhachtain Leibhéal 5 de QQI do mhic léinn, ná cur ar chumas an mhic léinn an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fháil chun a bheith in ann oibriú go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht i ról riaracháin i raon comhthéacsanna gnó agus/nó dul ar aghaidh chuig ardoideachas agus oiliúint bhreise.**

**Modúil***

— Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe
— Riarachán Gnó
— Párolla Láimhe agus Ríomhairithe

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar na modúil

Bealaí Chun Cinn: Agus an cúrsa seo curtha i gcrích go rathúil acu, tig le mic léinn dul ar aghaidh chuig fostaíocht go díreach i dtimpeallachtaí riaracháin ghnó éagsúla. Mar mhalairt air sin, tig le mic léinn dul ar aghaidh chuig oideachas agus oiliúint bhreise nó chuig ardoideachas agus cúrsaí oiliúna atá ábhartha don earnáil.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ní mór d'iarratasóirí a iarrann áit sa chlár mórdhámhachtain NFQ leibhéal 4 ar a laghad nó a choibhéis a bheith bainte amach acu roimh iontráil sa chlár. Mar mhalairt air sin, féadfaidh iarratasóirí scileanna ábhartha, eolas agus inniúlachtaí a bhaint amach trí thaithí oibre.

**Mianach:** Ní mór go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama, go mbeadh suim acu san ábhar agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach mar aon le suim in oibriú i dtimpeallacht riaracháin ghnó.

**Taithí roimhe seo:** Bheadh taithí roimhe seo tairbheach ach níl taithí riachtanach chun áit a fháil sa chlár seo. Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** 21 seachtain
**Suíomh:** An Caisleán Nua

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce
Féadfaidh mic léinn a bheith incháilithe do liúntas oiliúna faoi réir critéar agus féadfaidh cóiríocht agus/nó liúntais taistil a bheith iníoctha.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Staidéar Gnó

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo mioneolas a thabhairt do mhic léinn ar na coincheapa a bhaineann le saol an ghnó, lena n-áirítear margadh theicneolaíocht an airgeadais atá á forbairt go gasta le béim ar ríomhchlárú, ar theicneolaíocht an airgeadais agus ar mhargadh na seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta. Tugann an cúrsa seo scileanna gnó agus scileanna digiteacha do mhic léinn le hiad a ullmhú más mian leo post a fháil nó staidéar breise a dhéanamh sa réimse sin. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa; tá deiseanna socrúchán oibre Erasmus+ ar fáil san Eoraip.**

**Modúil***

— Riaracháin Gnó
— Cumarsáid
— Seirbhísí Airgeadais
— Córais Faisnéise Chumarsáide
— Cleachtadh Margaíochta
— Prionsabail Ríomhchláraithe & Deartha
— Táirgeadh Téacs
— Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa an G dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh. Tá an ráta is an G dul chun cinn ó PLC go dtí an tríú leibhéal ag mic léinn PLC ETB Dhún an Gall as measc na mac léinn PLC uilig sa tír.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachta ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim, ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

**Costas:** Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:

— Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
— Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
— Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a dhíol.

**Teagmhálaí:**
Michelle O'Reilly
Guthán: 074 9121047

# Dioplóma sa Chuntasaíocht Airgeadais agus Bhainistíochta

**Tugann an cúrsa seo an deis do mhic léinn Bonn-Dioplóma Leibhéal 2 ACCA a dhéanamh sa Chuntasaíocht Airgeadais agus Bhainistíochta, mar aon le trí mhodúl QQI Leibhéal 5. Tá sé mar aidhm aige an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do mhic léinn le cloí le ceanglais dhlíthiúla, luachanna gairmiúla a fhorbairt, éifeachtacht phearsanta a fheabhsú, agus feidhmiú go heiticiúil agus ar aon dul le rialacháin san earnáil airgeadais. Ina theannta sin, tabharfaidh na modúil QQI an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí do mhic léinn atá de dhíth le hoibriú i ról riaracháin nó in oifig. Tá an cúrsa seo idéalach dóibh siúd atá ag lorg deiseanna fostaíochta san earnáil airgeadais. Is cúrsa cumaisc é seo agus seachadtar cuid mhaith de ar líne; bíonn lá amháin rangbhunaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil scileanna maithe TF de dhíth ag iarratasóirí.**

**Modúil***

— Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe
— FA1 Idirbhearta Airgeadais a Thaifeadadh
— Bunphrionsabail Ghairmiúlachta
— MA1 Faisnéis Bhainistíochta
— Párolla Láimhe agus Ríomhairithe
— Do Ghnólacht Féin a Thosú

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn dul díreach ar aghaidh agus post a fháil i réimse suíomhanna airgeadais agus/nó oifige. De rogha air sin, is féidir le mic léinn dul ar aghaidh ar a dturas cuntasaíochta ACCA chuig na Dioplómaí eolas-bhunaithe ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4. Beidh an deis ag mic léinn a n-éiríonn leo na leibhéil éagsúla a chríochnú dul ar aghaidh agus tabhairt faoi chúrsaí ardleibhéil.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Dar leis an fhoras cáiliúcháin nach bhfuil aon chritéir iontrála de dhíth le tabhairt faoin chúrsa. Mar sin féin, lena chinntiú nach mbeidh rannpháirtithe faoi mhíbhuntáiste ba chóir go mbeadh mórdhámhachtain NFQ leibhéal 3 ar a laghad nó a comhionann bainte amach acu sula dtosóidh siad ar an Dioplóma L2 agus mórdhámhachtain NFQ leibhéal 4 ar a laghad nó a comhionann sula dtosóidh siad ar an chlár Dioplóma L3 agus L4. De rogha air sin, d'fhéadfadh scileanna, eolas agus inniúlachtaí cuí a bheith foghlamtha ag iarratasóirí trí thaithí oibre..

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá uimhearthacht mhaith, litearthacht mhaith agus scileanna maithe TFC de dhíth.

**Taithí roimh ré:** Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh iarratasóirí ag iarraidh oibriú in oifig nó taithí acu ar an chineál sin oibre ach níl sé riachtanach le háit a fháil ar an chlár seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 33 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Cúrsa Oiliúna
# i Riarachán Leighis/Dlí

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo bonn leathan agus cothrom scileanna a thabhairt do mhic léinn le hiad a chumasú oibriú san earnáil leighis nó dlí i ról riaracháin. Ligfidh na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí a gheobhaidh mic léinn ar an chúrsa seo dóibh deiseanna gairme a thapú in earnáil gnó leathan agus éagsúil, oibriú go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht, ag cur seirbhísí riaracháin agus tacaíocht ar fáil i réimse comhthéacsanna riaracháin oifige. Meascann an cúrsa seo oiliúint sa seomra ranga le hoiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa.**

**Modúil***

— Tras-scríobh ó Fhuaim
— Cumarsáid
— Seirbhís do Chustaiméirí
— Faisnéis agus Riarachán
— Cleachtas agus Nósanna Imeachta Dlí
— Téarmaíocht Leighis
— Táirgeadh Téacs
— Próiseáil Focal
— Cleachtadh Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Beidh cáilíochtaí aitheanta agus scileanna ag céimithe an chúrsa seo a chuideoidh leo post riaracháin a fháil san earnáil phoiblí nó phríobháideach. Cuirfidh na sainmhodúil leighis agus dlí le deiseanna fostaíochta na mac léinn maidir le post a fháil i suíomhanna gnóthacha leighis nó dlí. De rogha air sin, tá céimithe an chúrsa seo i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó Scéim na Nasc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí, atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4, agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin..

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 53 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Conair chuig Staidéar Gnó

**Is í an aidhm atá leis an Mhórdhámhachtain Leibhéal 4 lánaimseartha seo san Fhoghlaim Ghinearálta ná ligean do mhic léinn a gcuid staidéir a chur chun cinn agus deiseanna fostaíochta sa réimse um Staidéar Gnó a fhiosrú. Cuirfidh sé ar chumas mac léinn eolas, scileanna, agus inniúlacht ábhartha a fhorbairt i raon leathan scileanna pearsanta a chumasaíonn forbairt phearsanta agus saoránacht ghníomhach, agus/nó dul ar aghaidh chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

— Béarla Gnó
— Cumarsáid
— Seirbhís do Chustaiméirí
— Scileanna Fiontraíochta
— Feasacht ar Inbhuanaitheacht Timpeallachta
— Scileanna TF
— Matamaitic
— Éifeachtacht Phearsanta
— Taithí Oibre

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú an chúrsa seo go rathúil, beidh raon leathan eolais faighte ag mic léinn i réimse spéise pearsanta mar aon le príomhscileanna maidir le taighde agus fiosrúchán acadúil. Beidh na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí acu chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht i mbreisoideachas nó breisoiliúint nó i bhfostaíocht.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta comhionann le CNC Leibhéal 3 ag iarratasóirí agus clár Leibhéal 4 á dhéanamh acu.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí Roimhe Seo:** Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa, a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

**Cáilitheacht:** Ní mór íocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh a bheith á fáil ag rannpháirtithe nó ní mór dóibh a bheith ag síniú faoi choinne creidmheasanna agus a bheith dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist á bhfáil acu liúntas oiliúna comhionann lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástála acmhainne nuair is gá. Ní mór d'iarratasóirí a bheith 18+ mbliana d'aois.

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Ionad FET, Bóthar an Phoirt)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Charles Gorney
Guthán: 074 9706047




Go gairid i ndiaidh dó tús a chur le cúrsa céime tríú leibhéal maidir le bia, fuair Jamie amach nach raibh an cúrsa oiriúnach dó agus shocraigh sé go dtabharfadh sé aghaidh ar shaol an ghnó ina áit. D'fhill sé ar a iarscoil, Coláiste Ghleann na Finne, le cúrsa bliana a dhéanamh, **PLC i Riarachán Gnó.** Cé nach ndearna sé staidéar ar Ghnó don Teastas Sóisearach ná don Ardteistiméireacht, fuair sé amach go raibh spéis agus paisean aige don ábhar agus chinn sé go gcuirfeadh sé isteach ar chúrsaí gnó tríú leibhéal sa bhliain acadúil úr. D'úsáid Jamie an bhliain PLC sin le scileanna a fhorbairt atá úsáideach in aon oifig nó suíomh gnó:

**"Is léargas maith atá ann ar an dóigh a mbeadh sé a bheith ag obair in oifig. Cuireann tú snas ar do scileanna próiseála focal, do scileanna clóscríofa, do scileanna leabharchoimeádta; foghlaimíonn tú faoi bhillí, an dóigh a bhfeidhmíonn gnó agus an dóigh le do ghnó féin a bhainistiú. Bhain mé an-sult as an eispéireas agus as triail a bhaint as rud éigin úr nach ndearna mé riamh roimhe. D'oscail sé mo chuid súl gan dabht agus tá mé ábalta i bhfad níos mó rudaí a dhéanamh anois."**

—

**Jamie McNamee**



# 8.2

## Printíseachtaí

Is éard is printíseacht ann clár oideachais agus oiliúna struchtúrtha a mheascann foghlaim san ionad oibre agus foghlaim in ionad oideachais nó oiliúna. Is déchóras atá ann, ar meascán cumaisc é d'oiliúint fhostóir-bhunaithe ar an láthair oibre agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre. Tá printíseachtaí faoi thionchar fostóirí agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é an chéad chéim a bhaineann le tús a chur le printíseacht ná a bheith fostaithe mar phrintíseach le fostóir faofa printíseach.



**Is iad na príomhghnéithe a bhaineann le gach printíseacht ná*:**

- Faoi thionchar earnáil na tionsclaíochta
- Cáilíochtaí ag Leibhéil 5-10 ar an NFQ an toradh a bhíonn orthu
- Maireann siad idir 2-4 bliana ar fad
- Déantar 50% den fhoghlaim ar a laghad ar an láthair oibre
- Seachadadh solúbtha – ar líne, cumaisc, foghlaim sa seomra ranga in incrimintí/i mbloic
- Fostaítear printísigh faoi chonradh foirmiúil printíseachta
- Íoctar an printíseach a fhad is a mhaireann an phrintíseacht

* Íocann an Stát liúntas oiliúna do phrintísigh nuair a bhíonn siad sa seomra ranga mar pháirt dá bprintíseacht más rud é go raibh an clár printíseachta sin ar fáil roimh 2016.

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire go bhfuil struchtúr agus múnla seachadta difriúil ag gach printíseacht – is féidir leat sonraí breise a fháil ar phrintíseachtaí anseo:
www.apprenticeship.ie/more/apprenticeship-directory.

**Más mian leat níos mó eolais a fháil faoi Phrintíseachtaí, amharc ar ár láithreán greásáin (www.donegaletb.ie/apprenticeships) nó ar an láithreán gréasáin náisiúnta (www.apprenticeship.ie) nó déan teagmháil lenár gComhairleoirí Sinsearacha Oiliúna Lorraine Murray nó Claire Lernihan (Guthán: 074 9120500 / Ríomhphost: apprenticeship@donegaletb.ie). Ina theannta sin, is féidir leat iad a leanúint ar X/Twitter @DLApprentice**

**Tá réimse buntáistí ag baint le printíseachtaí, mar atá:**

- Tá rogha de phrintíseachtaí éagsúla agat
- Is féidir le printísigh airgead a thuilleamh agus iad ag foghlaim
- Gairmithe earnáil na tionsclaíochta a chuireann an oiliúint ar phrintísigh
- Teist go dtí seo agus taithí oibre
- Cáilíochtaí cuí
- Deiseanna maithe maidir le dul chun cinn gairme

**Tá beagnach cúig chlár printíseachta is seachtó ar fáil faoi láthair trasna sé réimse foghlama dhéag (agus níos mó á bhforbairt - féach https://www.apprenticeship.ie/more/apprenticeship-directory) agus ina measc tá:**

| **Earnáil** | **Printíseachtaí** |
|---|---|
| Printíseachtaí Talmhaíochta agus Gairneoireachta | — Bainisteoir Feirme L7<br>— Bainistíocht Scraithe Spóirt L6<br>— Crannadóireacht L6<br>— Gairneoireacht l6<br>— Teicneoir Feirme L6 |
| Printíseachtaí BithChógaisíochta | — Anailísí Saotharlainne L7<br>— Teicneoir Saotharlainne L6 |
| Printíseachtaí Foirgníocht | — Ardsuirbhéir Cainníochta L9<br>— Bríceadóireacht agus Clochadóireacht L6<br>— Cearpantóireacht agus Siúinéireacht L6<br>— Péinteáil agus Maisiúchán L6<br>— Plástráil L6<br>— Pluiméireacht L6<br>— Gearradh Cloch agus Clochadóireacht L6<br>— Déantúsaíocht agus Bailchríochnú Adhmaid L6<br>— Geo-druileálaí L6<br>— Scafall L5 |
| Printíseachtaí Leictreacha | — Meicnic Aerárthaí L6<br>— Leictreach L6<br>— Ionstraimíocht Leictreach L6<br>— Córais Slándála Leictreonacha L6<br>— Innealtóir Leictreach Tionsclaíoch L7<br>— Ionstraimíocht L6<br>— Cuisniú agus Aerchóiriú L6 |
| Printíseachtaí Innealtóireachta | — Innealtóireacht Shibhialta L7<br>— Teicneoir Innealtóireachta Sibhialta L6<br>— Bainistíocht Seirbhísí Inealtóireachta L7<br>— Innealtóir Córas Trealaimh L9<br>— Crúdóireacht L6<br>— Insliú Tionsclaíoch L6<br>— Bainisteoir Lean Sigma L9<br>— Innealtóireacht Déantúsaíochta L6<br>— Uathoibriú Meicniúil agus Feistiú Cothabhála L6<br>— Oibriú Miotail L6<br>— Innealtóir Déantúsaíochta Buntrealaimh L6<br>— Feistiú Píobáin L6<br>— Teicneolaíocht Próiseála Polaiméirí L7<br>— Príomhinnealtóir L10<br>— Oibriú Miotail Leatháin L6<br>— Uirliseoireacht L6<br>— Teicneolaíocht Déantúsaíochta L6<br>— Teicneoir Cothabhála Tuirbíní Gaoithe L6 |
| Printíseachtaí Airgeadais | — Teicneoir Cuntasaíochta L6<br>— Comhlach Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta L6<br>— Speisialtóir Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta L8 |
| Printíseachtaí Gruagaireachta | — Gruagaireacht L6 |
| Printíseachtaí Sláinte agus Sóisialta | — Cleachtóir Cúnta Ardchúraim Sláinte<br>— Obair Shóisialta L9 |

| | |
|---|---|
| Printíseachtaí Fáilteachais & Bia | — Bainisteoir an Bheáir L7<br>— Búistéir L5<br>— Chef de Partie L7<br>— Commis Chef L6<br>— Sous Chef L8 |
| Printíseachtaí TFC | — Ailtire Réitigh Bogearraí L9<br>— Cibearshlándáil L6<br>— Comhlach um Líonrú Ríomhaire L6<br>— Cleachtóir Cibearshlándála L8<br>— Ealaíontóir Teicniúil CGI L8<br>— Forbróir Bogearraí Comhlach L6<br>— Teicneoir Teileachumarsáide & Líonra Sonraí L6 |
| Printíseachtaí Árachais | — Cleachtóir Árachais L8 |
| Printíseachtaí Lóistíochta | — Comhlach Lóistíochta L6<br>— Comhlach Shlabhra an tSoláthair L7<br>— Bainisteoir Shlabhra an tSoláthair L9<br>— Speisialtóir Shlabhra an tSoláthair L8<br>— Oibríochtaí Iompair agus Tiomáint Tráchtála L6 |
| Printíseachtaí Mótair | — Meicnic Talmhaíochta L6<br>— Feistiú Gléasra Tógála L6<br>— Meicnic Feithiclí Troma L6<br>— Meicnic Mótair L6<br>— Deisiú Creatlach Feithiclí L6 |
| Printíseachtaí Seirbhísí Maoine | — Ceantálaíocht agus Seirbhísí Maoine L6 |
| Printíseachtaí Earcaíochta | — Feidhmeannach Earcaíochta L8 |
| Printíseachtaí Díolacháin | — Maoirseacht Miondíola L6<br>— Díolachán L6 |

Iardhalta de chuid Choláiste Pobail Bhun an Phobail is ea Colleen McElroy agus rinne sí cinneadh go luath ina saol nach raibh sí ag iarraidh freastal ar an choláiste go lánaimseartha. Shocraigh sí tabhairt faoi Phrintíseacht Leictreach agus tá sí ag baint sult as gach lá oibre.

"Chuir mé isteach ar phost le BSL agus níor éirigh liom, mar sin thosaigh mé printíseacht le tús a chur le mo ghairmréim," arsa Colleen.

"Oibrím le G Electrics anois, ag sreangú tithe, garáistí, bothán agus feirmeacha."

Admhaíonn Colleen gur minic a bhíonn iontas ar dhaoine nuair a théann sí chuig suíomh lena comhghleacaithe fireanna, ach tá sí sásta ionadaíocht a dhéanamh don rabharta úr ban atá ag tabhairt faoi cheirdeanna.

"Síleann daoine gur ag magadh atá tú. Nuair a shiúlaim isteach ar shuíomh, d'fhéadfadh duine éigin a rá 'Cad atá sise ag déanamh anseo?," arsa sise.

In aineoinn an dóigh a mbíonn daoine ar leith ag an tús, dar le Colleen nach raibh éinne in amhras faoina cumas.

"Caithfidh craiceann tiubh a bheith ort agus craic a bheith agat leo," arsa sise.

"D'fhéadfadh eagla a bheith ar chailíní poist mar seo a dhéanamh mar gur fir uilig a bhíonn ann, ach níl aon ghá leis an eagla sin."

Tá Colleen ag súil go mór le bheith ina leictreoir cáilithe a luaithe agus a bheidh a cúrsa ceithre bliana críochnaithe.

—

**Colleen McElroy**


ELECTRIC



# 8.3

## Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

# Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

**Tá an cúrsa bliana mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo punanna iontacha, cruthaitheacha agus iomaíocha a chur le chéile i réimsí éagsúla .i. Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh. Tá an cúrsa seo oiriúnach do mhic léinn ar mian leo post a fháil nó dul ar aghaidh le breis staidéir a dhéanamh. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa agus tugann sé an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna atá faighte acu a úsáid. D'fhéadfadh socrúchán oibre Erasmus+ a bheith mar pháirt den chúrsa fosta.**

**Modúil***

— Cumarsáid
— Scileanna Deartha
— Líníocht
— Péinteáil
— Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
— Dealbhóireacht
— Ábhair Chomhcheangailte
— Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is minic a théann céimithe an chúrsa seo ar aghaidh chuig Ardoideachas tríd an chóras CAO nó UCAS. Roghnaíonn roinnt mhaith céimithe cúrsaí a dhéanamh sna réimsí seo a leanas: Mínealaín, Dearadh Cruthaitheach, Ailtireacht Intí, Ealaín agus Dearadh (Ealaíona nó Teicstílí), Beochan, Faisean nó Dearadh Grafach.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachta ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

**Costas:** Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:

— Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
— Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
— Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a dhíol.

**Teagmhálaí:**
Michelle O'Reilly
Guthán: 074 9121047

# 8.4

## Foirgníocht & Timpeallacht Thógtha



# Teicneolaíocht Foirgníochta

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa bliana mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo an deis a thabhairt do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna praiticiúla a fhoghlaim atá riachtanach le hoibriú sna tionscail foirgníochta agus tógála atá ag fás go gasta. Tugann an cúrsa léargas do mhic léinn ar na príomhcheirdeanna foirgníochta lena n-áirítear Cearpantóireacht agus Siúinéireacht, Tógáil, Pluiméireacht agus Leictreach. Ina theannta sin, gheobhaidh mic léinn taithí shuntasach ar an láthair oibre le comhlachtaí tógála áitiúla. Tugann an cúrsa seo an deis do mhic léinn socrúchán oibre Erasmus+ a dhéanamh san Eoraip fosta.**

**Modúil***

— Ábhair Chomhcheangailte
— Cumarsáid
— Foirgníocht
— Líníocht Ailtireachta
— Próisis Ceardlainne Innealtóireachta
— Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
— Taithí Oibre

* d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil ó ionad go hionad

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa seo i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh. Tá an ráta is airde dul chun cinn ó PLC go dtí an tríú leibhéal ag mic léinn PLC ETB Dhún na nGall as measc na mac léinn PLC uilig sa tír. De rogha air sin, is féidir le mic léinn scileanna, taithí agus cailíochtaí a fháil a bhféadfaí go mbeadh spéis ag fostóirí traidisiúnta printíseach ceirde iontu nó d'fhéadfadh mic léinn post a fháil san earnáil foirgníochta go díreach i ndiaidh dóibh an cúrsa a chríochnú go sásúil.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachta ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin..

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

**Costas:** Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:

— Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
— Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
— Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a dhíol.

**Teagmhálaí:**
Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail),
Michelle O'Reilly
Guthán: 074 9121047

# Cúrsa Oiliúna **in Oibríochtaí agus Cothabháil Oibreacha Poiblí**

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa oiliúna seo oibrithe lánoilte a chur ar fáil le haghaidh poist bunleibhéil oibríochtaí agus cothabhála san earnáil tógála nó in údaráis áitiúla. Cuirfidh sé deiseanna ar fáil le teastasú cuí sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach mar aon le cáilíochtaí atá oiriúnach do róil i réimsí ar nós páirceanna agus spásanna oscailte, céanna agus calafoirt, seirbhísí uisce, tógáil bóithre agus pábhála, agus gnáthdheiseanna thógála. Cuirfear oiliúint bhreise ar fáil i dtras-scileanna in inniúlachtaí digiteacha agus in éifeachtacht phearsanta lena chinntiú go mbeidh na scileanna ag rannpháirtithe le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide cuí agus le freastal ar chustaiméirí, scileanna atá ríthábhachtach le haghaidh róil den chineál sin. Tá an clár seo dírithe orthu siúd ar spéis leo oibriú taobh amuigh agus a dtaitníonn obair phraiticiúil leo fad is go mbeidh na scileanna cuí acu le seiceálacha sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh agus le tuarascálacha gnó a scríobh.**

**Modúil***

— Ionduchtú
— Ballaí agus Piléir Gairdíní a Thógáil
— Pleanáil Gairme
— Coincréitiú
— Teorainneacha a Thógáil & a Choinneáil
— Caighdeáin agus Riachtanais Seirbhíse do Chustaiméirí
— Colbhaí, Leaca & Clocha Pábhála a Chur Síos
— Dromchlaí Crua a Chur Síos le haghaidh Tírdhreachú Seachtrach
— Féar a Bhaint ag Úsáid Lomaire (Marcaíochta)
— Talamh nó Ceantar a Ullmhú le Planda(í) a Chur Ann
— Crann a Chur
— Tuiscint a Fháil ar an Dóigh le hÚsáid Éifeachtúil Ábhar a Bhainistiú
— Córais Faisnéise Ionad Oibre a Thuiscint
— Saincheisteanna Inbhuanaitheachta & Comhshaoil a Thuiscint
— Ag Scríobh le haghaidh Gnó
— Fórsa Oibre CITR i Scarbhileoga
— Fórsa Oibre CITR i nDoiciméid
— Fórsa Oibre CITR i mBunriachtanais Ar Líne

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh mórdhámhachtain NFQ leibhéal 5 nó a comhionann bainte amach ag iarratasóirí agus iad ag cur isteach ar an chlár seo. De rogha air sin, d'fhéadfadh scileanna, eolas agus inniúlachtaí cuí a bheith foghlamtha ag iarratasóirí trí thaithí oibre.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin. Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh scileanna ríomhaireachta ag iarratasóirí ach ní riachtanas iontrálaé.

Rachaidh iarratasóirí san iomaíocht ar bhonn agallaimh le háit a fháil ar an chúrsa seo.

Ba chóir go mbeadh iarratasóirí 18 mbliana d'aois agus iad ag cur tús leis an chlár seo.

Ba chóir go mbeadh Ceadúnas Tiomána (Catagóir B) bailí ag iarratasóirí nó ba chóir go mbeadh Ceadúnas Tiomána sealadach (Catagóir B) acu agus é mar aidhm acu pas a fháil ina scrúdú tiomána roimh an dáta a gcuirfear deireadh leis an chúrsa.

**Fad:** 38 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais chothabhála agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

**Cuirfear teastasú nó oiliúint tionscail ar fáil sna réimsí seo a leanas:**

- Bunoiliúint Sábháilteachta
- Suíomhanna Cúnga – Riosca Íseal
- Freagairt Gharchabhrach
- Seirbhísí Faoi Thalamh a Aimsiú
- Láimhsiú Sábháilte
- Láithreán Tógála a Bhainistiú go Sábháilte
- Scéim Náisiúnta Sláinteachais Uisce
- Teicnící Pearsanta Chun Teacht Slán
- Tógáil Bóithre agus Ábhair
- Sláinte agus Sábháilteacht maidir le hOibreacha Bóthair
- Eolas agus Feasacht maidir le hOibreacha Bóthair
- Bóithre a Oscailt agus an Dromchla a Chur Ar Ais Mar a Bhí - Bunleibhéal
- Pas Sábháilte
- Cóiriú Dromchla d'Oibrithe
- Fóntas SHEA Pas Uisce

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn dul díreach ar aghaidh agus post a fháil i réimse earnálacha, idir phoiblí agus phríobháideacha, i réimsí ar nós páirceanna agus spásanna oscailte, céanna agus calafoirt, tógáil bóithre agus pábhála nó róil mar ghnáthoibrithe tógála.



# 8.5

## Cúrsaí do Dhaoine faoi Mhíchumas



# Scileanna Gnóthaithe Poist

**Clár oiliúna fostóirbhunaithe is ea an cúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 3 seo a cheanglaíonn an mac léinn le socrúchán taithí oibre dá rogha féin. Caitear trí lá sa tseachtain sa socrúchán taithí oibre agus dhá lá sa tseachtain san ionad (Coláiste na Rosann) ag déanamh modúil QQI.**

**Modúil***

- Uimhreacha a Úsáid
- Ullmhúchán Gairme
- Cumarsáid
- Inniúlacht ar Ríomhairí
- Na Meáin Dhigiteacha
- Garchabhair
- Sláinte & Folláine
- Feasacht Sláinte & Sábháilteachta
- Scileanna Idirlín
- Cothú & Roghanna Sláintiúla
- Cúram & Cur i Láthair Pearsanta
- Éifeachtacht Phearsanta
- Scileanna Pearsanta & Idirphearsanta
- Scarbhileoga
- Próiseáil Focal
- Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Nuair a chríochnaíonn siad an cúrsa tacaítear le mic léinn agus iad ag dul le hoideachas príomhshrutha nó le hoiliúint dá rogha féin. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tacaíocht a fháil fosta le dul le fostaíocht phríomhshrutha/fostaíocht faoi thacaíocht le cuidiú ó scéimeanna éagsúla RCS.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 2 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 3. Seans gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn agus ba chóir go mbeadh siad in ann oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 18 mí (iontráil leanúnach)
**Suíomh:** Doirí Beaga (Seirbhís Oiliúna TACA)/Leitir Ceanainn (Coláiste na Rosann)

**Costas:** Saor in aisce do dhaoine a shásaíonn na critéir inmhianaithe. D'fhéadfaí liúntas oiliúna pro-rata a íoc le rannpháirtithe nach bhfuil i dteideal íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil.

**Teagmhálaí:**
Tommy Boyle
Guthán: 074 9532611/0871424479

Roseleen McGarvey
Guthán: 074 9532611/087 3920375

# Oiliúint Fostóir-Bhunaithe

**Clár oiliúna fostóirbhunaithe is ea an cúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 3 seo a cheanglaíonn an mac léinn le socrúchán taithí oibre dá rogha féin. Caitear trí lá sa tseachtain sa socrúchán taithí oibre agus dhá lá sa tseachtain san ionad (Coláiste na Rosann) ag déanamh modúil QQI.**

**Modúil***

- Uimhreacha a Úsáid
- Ullmhúchán Gairme
- Cumarsáid
- Sláinte & Folláine
- Feasacht Sláinte & Sábháilteachta
- Scileanna Idirlín
- Próiseáil Focal
- Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Bealaí Chun Cinn:** Nuair a chríochnaíonn siad an cúrsa tacaítear le mic léinn agus iad ag dul le hoideachas príomhshrutha nó le hoiliúint dá rogha féin. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tacaíocht a fháil fosta le dul le fostaíocht phríomhshrutha/fostaíocht faoi thacaíocht le cuidiú ó scéimeanna éagsúla RCS.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 4. Seans gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn agus ba chóir go mbeadh siad in ann oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 18 mí (iontráil leanúnach)
**Suíomh:** Doirí Beaga (Seirbhís Oiliúna TACA)/Leitir Ceanainn (Coláiste na Rosann)

**Costas:** Saor in aisce do dhaoine a shásaíonn na critéir inmhianaithe. D'fhéadfaí liúntas oiliúna pro-rata a íoc le rannpháirtithe nach bhfuil i dteideal íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil.

**Teagmhálaí:**
Tommy Boyle
Guthán: 074 9532611/0871424479

Roseleen McGarvey
Guthán: 074 9532611/087 3920375

# Oiliúint Fostóirbhunaithe
(TúsPoist)

**Réamhchlár oiliúna scileanna (mórdhámhachtain QQI Leibhéal 3 Scileanna Gnóthaithe Poist) is ea an clár TúsPoist do mhic léinn atá díreach i ndiaidh an scoil a fhágáil b'fhéidir nó atá dífhostaithe/ar shiúl ón chóras oideachais le tréimhse shuntasach. Déanfaidh mic léinn roinnt croímhodúl agus modúl roghnach QQI agus iad san ionad ceithre lá sa tseachtain agus beidh siad ag freastal ar shocrúchán oibre dá rogha féin lá amháin sa tseachtain. Beidh an deis ag mic léinn teastas IC3 GS5 Litearthacht Dhigiteach nó CITR (ICDL) a bhaint amach fosta.**

**Ceapann an Líonra Náisiúnta Foghlama (LNF) teagascóir le príomhfhreagrachtaí oibre do gach mac léinn ag tús an chúrsa. Oibríonn an teagascóir/t-oibrí bunriachtanach le gach mac léinn le spriocanna pearsanta, sóisialta, infhostaíochta agus gairme a shainaithint agus a bhaint amach. Taifeadtar Pleananna Oiliúna Aonair trí úsáid a bhaint as Grúpaí Athshlánúcháin/próiseas Pleanála Gníomhaíochta Aonair (PGA) LNF. Coinnítear PGAnna ar bhonn leanúnach agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil le spriocanna a chur chun cinn agus áiríonn siad mic léinn agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí.**

**Is féidir le mic léinn tacaíocht abhcóideachta a fháil ag am ar bith leis an Oifigeach Athshlánúcháin san ionad.**

- Measúnú litearthachta agus uimhearthachta más gá
- Cruinniú tacaíochta síceolaíochta
- Comhordú tacaíochtaí idirghníomhaireachta (más cuí)
- Comhréitigh speisialta a shainaithint de réir mar is cuí le freastal ar riachtanais ar leith
- Aitheantas réamhfhoghlama deimhnithe

**Díríonn an fhoireann ar chroí-inniúlachtaí a fhorbairt agus iad ag iarraidh an turas foghlama a chur in oiriúint do dhaoine aonair. Déantar é sin trí nithe ar leith a shainaithint, mar shampla:**

- Riachtanais tacaíochta pearsanta de bharr srianta feidhmiúla
- Tacaíochtaí agus straitéisí praiticiúla le déileáil le strus, láimhseáil imní, nochtadh míchumais srl.
- Tacaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta

**Tacaíonn seirbhís tacaíochta síceolaíochta le mic léinn san ionad le folláine a bhainistiú agus iad a chur ar aghaidh chuig comhairleoireacht sheachtrach nuair is gá i dtaca le saincheisteanna ar nós:**

- Idéú féinmharaithe agus féindochar
- Mí-úsáid atá ag tarlú le fada
- Andúil
- Caidrimh agus gnéasacht

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 2/Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 3/Leibhéal 4. Seans gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn agus ba chóir go mbeadh siad in ann oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 18 mí (iontráil leanúnach)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn, an Líonra Náisiúnta Foghlama (Páirc Ghnó Rossview)

**Cost:** Saor in aisce do dhaoine a shásaíonn na critéir inmhianaithe. D'fhéadfaí liúntas oiliúna pro-rata a íoc le rannpháirtithe nach bhfuil i dteideal íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil.

**Teagmhálaí:**
Gina Farren
Guthán: 074 9168288

**Modúil***

— Ealaín agus Dearadh
— Díolacháin Miondíola - Réamhrá
— Uimhreacha a Úsáid
— Ullmhúchán Gairme
— Cumarsáid
— Inniúlacht ar Ríomhairí
— Na Meáin Dhigiteacha
— Sláinte & Folláine
— Feasacht Sláinte & Sábháilteachta
— Scileanna Idirlín
— Cothú & Roghanna Sláintiúla
— Cúram & Cur i Láthair Pearsanta
— Éifeachtacht Phearsanta
— Scileanna Pearsanta & Idirphearsanta
— Scarbhileoga
— Próiseáil Focal
— Taithí Oibre
— Réimse leathan modúl ICDL

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Bealaí Chun Cinn:** Nuair a chríochnaíonn siad an cúrsa tacaítear le mic léinn agus iad ag dul le hoideachas príomhshrutha nó le hoiliúint dá rogha féin. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tacaíocht a fháil fosta le dul le fostaíocht phríomhshrutha/fostaíocht faoi thacaíocht le cuidiú ó scéimeanna éagsúla RCS.

# Oiliúint Fostóirbhunaithe
## (Miondíolachán)

**Tá an mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 4 seo i Scileanna Gnóthaithe Poist (Miondíolachán) dírithe ar mhic léinn ar mian leo cur lena scileanna gnóthaithe poist agus díriú ar dhul chun cinn chuig fostaíocht nó breisoideachas agus oiliúint i réimse a bhaineann le díolachán. Fuarthas amach ó thaighde margaidh go bhfuil an díolachán ina earnáil cheannasach i nDún na nGall; tá réimse deiseanna ar fáil ar fud na hearnála. Déanfaidh mic léinn roinnt croímhodúl agus modúl roghnach QQI agus iad san ionad ceithre lá sa tseachtain agus beidh siad ag freastal ar shocrúchán oibre dá rogha féin lá amháin sa tseachtain. Chomh maith leis sin, beidh an deis ag mic léinn saincháilíochtaí tionscail a bhaint amach le cur le caighdeán agus scóip a ndeiseanna gairme amach anseo trí theastas IC3 GS5 Litearthacht Dhigiteach nó CITR (ICDL) a bhaint amach.**

**Ceapann an Líonra Náisiúnta Foghlama (LNF) teagascóir le príomhfhreagrachtaí oibre do gach mac léinn ag tús an chúrsa. Oibríonn an teagascóir/t-oibrí bunriachtanach le gach mac léinn le spriocanna pearsanta, sóisialta, infhostaíochta agus gairme a shainaithint agus a bhaint amach. Taifeadtar Pleananna Oiliúna Aonair trí úsáid a bhaint as Grúpaí Athshlánúcháin/próiseas Pleanála Gníomhaíochta Aonair (PGA) LNF. Coinnítear PGAnna ar bhonn leanúnach agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil le spriocanna a chur chun cinn agus áiríonn siad mic léinn agus páirtithe leasmhara de réir mar is cuí.**

**Is féidir le mic léinn tacaíocht abhcóideachta a fháil ag am ar bith leis an Oifigeach Athshlánúcháin san ionad.**

- Measúnú litearthachta agus uimhearthachta más gá
- Cruinniú tacaíochta síceolaíochta
- Comhordú tacaíochtaí idirghníomhaireachta (más cuí)
- Comhréitigh speisialta a shainaithint de réir mar is cuí le freastal ar riachtanais ar leith
- Aitheantas réamhfhoghlama deimhnithe

**Díríonn an fhoireann ar chroí-inniúlachtaí a fhorbairt agus iad ag iarraidh an turas foghlama a chur in oiriúint do dhaoine aonair. Déantar é sin trí nithe ar leith a shainaithint, mar shampla:**

- Riachtanais tacaíochta pearsanta de bharr srianta feidhmiúla
- Tacaíochtaí agus straitéisí praiticiúla le déileáil le strus, láimhseáil imní, nochtadh míchumais srl.
- Tacaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta

**Tacaíonn seirbhís tacaíochta síceolaíochta le mic léinn san ionad le folláine a bhainistiú agus cuirtear mic léinn ar aghaidh chuig comhairleoireacht sheachtrach nuair is gá i dtaca le saincheisteanna ar nós:**

- Idéú féinmharaithe agus féindochar
- Mí-úsáid atá ag tarlú le fada
- Andúil
- Caidrimh agus gnéasacht

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 2/Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 4. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn agus ba chóir go mbeadh siad in ann oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 18 mí (iontráil leanúnach)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn, an Líonra Náisiúnta Foghlama (Páirc Ghnó Rossview)

**Costas:** Saor in aisce do dhaoine a shásaíonn na critéir inmhianaithe. D'fhéadfadh liúntas oiliúna pro-rata a bheith iníoctha le rannpháirtithe nach bhfuil i dteideal íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil.

**Teagmhálaí:**
Gina Farren
Guthán: 074 9168288

**Modúil***

- Pleanáil Gairme
- Béarla agus Cumarsáid
- Feidhmchláir Ríomhaire
- Matamaitic Fheidhmeach
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Teicneolaíocht na Meán Digiteach
- Scileanna Teicneolaíochta Faisnéise
- Forbairt Phearsanta & Idirphearsanta
- Éifeachtacht Phearsanta
- Oibriú mar Fhoireann
- Taithí Oibre
- Sábháilteacht san Ionad Oibre
- Teicnící Miondíolacháin
- Rialú Stoic
- Gnásanna Íocaíochtaí Miondíola
- Béarla Gnó
- Réimse leathan modúl ICDL

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Bealaí Chun Cinn:** Nuair a chríochnaíonn siad an cúrsa tacaítear le mic léinn agus iad ag dul le hoideachas príomhshrutha nó le hoiliúint dá rogha féin. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tacaíocht a fháil fosta le dul le fostaíocht phríomhshrutha/fostaíocht faoi thacaíocht le cuidiú ó scéimeanna éagsúla RCS.

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Staidéar Gnó

Tá an cúrsa Teicneolaíochta Faisnéise agus Staidéir Gnó seo ina mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 5 (5M1997) agus tá sé mar aidhm aige na scileanna, na dearcaí agus an taithí phraiticiúil chuí a thabhairt do mhic léinn ionas gur féidir leo na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— Scileanna praiticiúla cumarsáide agus comhoibrithe a fhorbairt;
— Post a fháil i réimsí a bhaineann le riarachán agus/nó teicneolaíocht faisnéise mar dhuine atá féinfhostaithe, ag obair ón bhaile nó le comhlacht;
— Dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus/nó oiliúint i réimse gaolmhar;
— An Mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 5 i Riarachán Oifige a bhaint amach;
— Saincháilíochtaí tionscail a bhaint amach ar nós scileanna digiteacha agus TF. Beidh an deis ag mic léinn teastas CITR (ICDL) a bhaint amach fosta.

**Déanfaidh mic léinn roinnt croímhodúl agus modúl roghnach QQI agus iad san ionad trí lá sa tseachtain agus beidh siad ag freastal ar shocrúchán oibre dá rogha féin dhá lá sa tseachtain.**

Ceapann an Líonra Náisiúnta Foghlama (LNF) teagascóir le príomhfhreagrachtaí oibre do gach mac léinn ag tús an chúrsa. Oibríonn an teagascóir/t-oibrí bunriachtanach le gach mac léinn le spriocanna pearsanta, sóisialta, infhostaíochta agus gairme a shainaithint agus a bhaint amach. Taifeadtar Pleananna Oiliúna Aonair trí úsáid a bhaint as na Grúpaí Athshlánúcháin/próiseas Pleanála Gníomhaíochta Aonair (PGA) LNF. Coinnítear PGAnna ar bhonn leanúnach agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil le spriocanna a chur chun cinn agus áiríonn siad mic léinn agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí.

**Is féidir le mic léinn tacaíocht abhcóideachta a fháil ag am ar bith leis an Oifigeach Athshlánúcháin san ionad.**

— Measúnú litearthachta agus uimhearthachta más gá
— Cruinniú tacaíochta síceolaíochta
— Comhordú tacaíochtaí idirghníomhaireachta (más cuí)
— Comhréitigh speisialta a shainaithint de réir mar is cuí le freastal ar riachtanais ar leith
— Aitheantas réamhfhoghlama deimhnithe

**Díríonn an fhoireann ar chroí-inniúlachtaí a fhorbairt agus iad ag iarraidh an turas foghlama a chur in oiriúint do dhaoine aonair. Déantar é sin trí nithe ar leith a shainaithint, mar shampla:**

— Riachtanais tacaíochta pearsanta de bharr srianta feidhmiúla
— Tacaíochtaí agus straitéisí praiticiúla le déileáil le strus, láimhseáil imní, nochtadh míchumais srl.
— Tacaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta

**Tacaíonn seirbhís tacaíochta síceolaíochta le mic léinn san ionad le folláine a bhainistiú agus cuirtear mic léinn ar aghaidh chuig comhairleoireacht sheachtrach nuair is gá i dtaca le saincheisteanna ar nós:**

— Idéú féinmharaithe agus féindochar
— Mí-úsáid atá ag tarlú le fada
— Andúil
— Caidrimh agus gnéasacht

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach nó QQI Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn agus ba chóir go mbeadh siad in ann oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 24 mí
(iontráil leanúnach)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn, an Líonra Náisiúnta Foghlama (Páirc Ghnó Rossview)

**Costas:** Saor in aisce do dhaoine a shásaíonn na critéir inmhianaithe.

**Teagmhálaí:**
Gina Farren
Guthán: 074 9168288

**Modúil***

— Leabharchoimeád Láimhe & Ríomhairithe
— Riarachán Gnó
— Dlí Gnó
— Cumarsáid
— Seirbhís do Chustaiméirí
— Modhanna Bunachar Sonraí
— Foilsitheoireacht Deisce
— Faisnéis agus Riarachán
— Córais Faisnéise & Chumarsáide
— Párolla – Láimhe & Ríomhairithe
— Éifeachtacht Phearsanta
— Scileanna Fáiltithe agus Oifige Túslíne
— Modhanna Scarbhileoige
— Oibriú mar Fhoireann
— Táirgeadh Téacs
— An tIdirlíon
— Taithí Oibre
— Próiseáil Focal
— Réimse leathan modúl ICDL

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Bealaí Chun Cinn:** Nuair a chríochnaíonn siad an cúrsa tacaítear le mic léinn agus iad ag dul le hoideachas príomhshrutha nó le hoiliúint dá rogha féin. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tacaíocht a fháil fosta le dul le fostaíocht phríomhshrutha/fostaíocht faoi thacaíocht le cuidiú ó scéimeanna éagsúla RCS.

# 8.6

## Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige



# Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa QQI Leibhéal 5 seo mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim atá de dhíth le hoibriú i suíomh Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige (FCL), le páistí 0-6 bliana d'aois a chothú agus tacú leo. Ach an clár seo a chríochnú go sásúil beidh deiseanna ag mic léinn dul ar aghaidh agus post a fháil agus/nó tabhairt faoi chúrsa breisoideachais/ardoideachais nó faoi chúrsa oiliúna. Tá an cúrsa dírithe ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhorbairt atá de díth ar fhostóirí in earnáil oideachais na luathbhlianta agus mar pháirt den chúrsa ní mor do mhic léinn taithí oibre chuí a dhéanamh trí 150 uair de shocrúchán in dhá shuíomh luathbhlianta ar a laghad – ag obair go díreach le páistí 0-2 bhliain ocht mí – 6 bliana. Tá na socrúcháin sin mar pháirt éigeantach den chlár agus déanfaidh soláthraí na socrúchán na huaireanta oibre a dheimhniú.**

**Modúil***

- Cearta, Reachtaíocht agus Rialacháin maidir le Páistí
- Curaclam, Súgradh agus Staidéar Cruthaitheach
- Fás agus Forbairt na Luath-Óige
- Cúram Iomlánaíoch ar Pháistí, 0-6 Bliana
- Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige
- Ag Cuidiú le Páistí a bhfuil Riachtanais Bhreise Acu agus Iad a Thuiscint

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Fad:** 1 bhliain (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Bun Cranncha (Ionad FET), Leitir Ceanainn (Ionad FET), Srath an Urláir (Coláiste Ghleann na Finne - PLC)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce d'iarratasóirí neamh-PLC. Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:
- Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
- Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
- Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a íoc fosta.

**Teagmhálaí:**
Bun Cranncha,
Elaine Devlin, Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn,
Charles Gorney, Guthán: 074 9706047

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5. Níltear ag súil go mbeidh eolas ná taithí ar earnáil foghlama agus cúraim na luath-óige ag iarratasóirí agus iad ag cur isteach ar an chlár ach táthar ag súil go mbeidh iarratasóirí ábalta a léiriú go bhfuil spéis acu sa réimse. Tá inniúlacht íosta Béarla, teanga agus litearthachta, de B2 sa scríbhneoireacht, léitheoireacht, éisteacht agus labhairt ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) de dhíth ar iarratasóirí ag tús an chláir do chainteoirí Béarla mar dhara teanga nó mar theanga eile.

**Mianach:** Tá an clár seo dírithe orthu siúd ar spéis leo gairm i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige le páistí ó 0-6 bliana d'aois, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfaí spéis a bheith acu in obair mar chleachtóir foghlama agus cúraim na luath-óige nó dóibh siúd ar mian leo tabhairt faoi chúrsa ardoideachais sa réimse sin.

**Taithí roimh ré** Ba chóir go mbeadh spéis ag iarratasóirí sa dóigh ar chóir aire a thabhairt do leanaí agus do pháistí, lena n-áirítear iad siúd ar spéis leo oibriú san earnáil ELC. Ba chóir go mbeadh siad spreagtha le foghlaim agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. I measc na ndaoine a mbeadh spéis acu sa chúrsa seo tá cuardaitheoirí poist, iad siúd atá ag athrú a gcuid gairmeacha nó iad siúd ar spéis leo oibriú san earnáil agus ar mian leo a gcuid scileanna a fhorbairt agus/nó cáilíochtaí a fháil.

**Cáilitheacht:** Caithfidh rannpháirtithe a bheith ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe nó ag síniú le haghaidh creidiúintí agus caithfidh sé go raibh siad dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist liúntas oiliúna atá mar an gcéanna lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástáil acmhainne de réir mar is cuí.

Mar pháirt den phróiseas iarratais cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu.

**Bealaí Chun Cinn:** Is féidir le céimithe an chúrsa seo dul díreach ar aghaidh agus post a fháil in earnáil na Luathbhlianta nó mar SNA; tá deiseanna fostaíochta ar fáil i suíomhanna ar nós grúpaí súgartha/naíonraí, crèche, áiseanna réamhscoile/iarscoile, naíscoileanna, cúntóir riachtanas speisialta nó mar fheighlí leanaí gairmiúil le teaghlach ar bhonn príobháideach. De rogha air sin, is féidir leo tabhairt faoi chúrsa breisoideachais le ETB Dhún na nGall, nó faoi chúrsa ardleibhéil in ollscoil tríú leibhéal.







# Conair chuig Cúntóireacht Riachtanas Speisialta agus Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

**Is í an aidhm atá leis an Mhórdhámhachtain Leibhéal 4 lánaimseartha seo san Fhoghlaim Ghinearálta ná ligean do mhic léinn a gcuid staidéir a chur chun cinn agus deiseanna fostaíochta sa réimse um Chúntóireacht Riachtanas Speisialta agus um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige a fhiosrú. Cuirfidh sé ar chumas mac léinn eolas, scileanna, agus inniúlacht ábhartha a fhorbairt i raon leathan scileanna pearsanta a chumasaíonn forbairt phearsanta agus saoránacht ghníomhach, agus/nó dul ar aghaidh chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

— Cúram agus Sábháilteacht Leanaí
— Forbairt agus Súgradh Leanaí
— Cumarsáid
— Feasacht ar Inbhuanaitheacht Timpeallachta
— Scileanna TF
— Matamaitic
— Éifeachtacht Phearsanta
— Cúntóireacht Riachtanas Speisialta
— Taithí Oibre

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú an chúrsa seo go rathúil, beidh raon leathan eolais faighte ag mic léinn i réimse spéise pearsanta mar aon le príomhscileanna maidir le taighde agus fiosrúchán acadúil. Beidh na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí acu chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht i mbreisoideachas nó breisoiliúint nó i bhfostaíocht.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta comhionann le CNC Leibhéal 3 ag iarratasóirí agus clár Leibhéal 4 á dhéanamh acu.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí Roimhe Seo:** Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa, a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

**Cáilitheacht:** Ní mór íocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh a bheith á fáil ag rannpháirtithe nó ní mór dóibh a bheith ag síniú faoi choinne creidmheasanna agus a bheith dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist á bhfáil acu liúntas oiliúna comhionann lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástála acmhainne nuair is gá. Ní mór d'iarratasóirí a bheith 18+ mbliana d'aois.

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Ionad FET, Bóthar an Phoirt)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Charles Gorney
Guthán: 074 9706047




Iardhaltaí de chuid Choláiste Pobail Bhun an Phobail í Alex agus ní raibh a fhios aici céard a bhí uaithi i ndiaidh na hArdteistiméireachta.

"Bhí mé ag féachaint ar chúrsaí ollscoile agus bhí siad róchostasach dom. Ní raibh a fhios agam cad Ba chóir dom adhéanamh," a dúirt sí.

"Tháinig mé ar an gcúrsa i mBun Cranncha agus fuair mé áit air, buíochas mór le Dia. Is clár Leibhéal 5 é agus is cáilíocht mhaith í le fáil laistigh de bhliain amháin."

Tá meascán d'obair phraiticiúil, obair acadúil agus taithí oibre i gceist leis an gcúrsa lánaimseartha bliana seo. Tá an clár um Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige deartha chun daltaí a ullmhú ionas go mbeidh siad réidh le hobair i naíolanna, réamhscoileanna agus mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta ach anuas air sin d'fhéadfadh sé a bheith mar bhunús le haghaidh staidéir bhreise sa réimse sin san ardoideachas.

Dúirt Alex, atá iontach sásta leis an gcúrsa agus lena múinteoir, gur athrú deas é an cúrsa ón iar-bhunscoil.

"Tá sé an-difriúil ón scoil mar caitear leat mar dhuine fásta ach ní bhíonn tú i do shuí i rang ag déanamh an rud céanna gach lá. Tá an fhoireann an-chabhrach ar fad agus bíonn tú sásta obair a chur isteach mar tuigeann tú go mbainfidh tú rud éigin as," a dúirt sí.

Tá Alex muiníneach go bhfuil sí ar an mbealach ceart chun cáilíochtaí a mbeidh sí in ann tabhairt léi áit ar bith a fháil.

"Tá an-éileamh ar CRSanna, i gcúram leanaí lena n-áirítear an-éileamh ar fhoireann ionaid do dhaoine atá ar shaoire mháithreachais agus ar shaoire bhreoiteachta. Tá réamhscoileanna agus naíolanna ar fud an chontae ag fostú, nó d'fhéadfá dul áit ar bith chun obair a fháil."

"Déarfainn le daoine óga machnamh a dhéanamh ar chúrsa PLC. D'fhéadfadh sé a bheith deacair tabhairt faoi chéim choláiste nó ollscoile ach tá mé an-sásta go ndearna mé é sin i mbliana."

—

**Alex McClay**
Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige PLC,
Bun Cranncha


PULL&BEAR
1991

# 8.7

## Innealtóireacht & Déantúsaíocht



# Táthú (Bunleibhéal)

**Eochairscil is ea an táthú ar féidir í a aistriú chuig réimse tionscal difriúil ar nós: oibriú miotail, foirgníocht, mótarmheicnic, longthógáil, píblínte a shuiteáil, agus níos faide i gcéin agus an rud is fearr fá dtaobh de ná nach gá duit céim a bheith agat le post a fháil san earnáil sin. Tugann an bunchúrsa táthaithe seo na scileanna agus an t-eolas gaolmhar do mhic léinn maidir le líníochtaí a léamh agus airíonna miotal éagsúil a thuiscint, a fhad is go bhfuil siad ag forbairt eochairscileanna le roinnt táthú éagsúil a dhéanamh. Cuireann an cúrsa seo oiliúint phraiticiúil ar fáil do mhic léinn agus áiríonn sé taithí oibre mar chuid thábhachtach den chúrsa.**

**Modúil***

- Ionduchtú
- MMA Filléad Ilrití Pláta 6mm / EN9606-CS13
- MMA Filléad Ingearach Pláta 10mm / EN9606-CS14
- MIG Filléad Ilrití Pláta 10mm / EN9606-CS16
- MIG Filléad Ingearach Pláta 10mm / EN9606-CS17
- Pas Sábháilte
- SS TIG Táthú Filléadach Iomlán 3mm / EN9606-SS06
- Táthú Alúmanam TIG Pláta 3mm / EN9606-AL01

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Beidh céimithe an chúrsa seo ábalta post a fháil go díreach ina dhiaidh agus, i ndiaidh bliain amháin ag obair in earnáil na tionsclaíochta, is féidir leo dul ar aghaidh chuig an mheánchúrsa táthaithe nó dul ar aghaidh chuig an chúrsa oiliúna Oibríochtaí Innealtóireachta nó cúrsaí comhchosúla eile.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí, atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach nó NFQ Leibhéal 3.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 18 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn, Droim Fraoigh, Bun Cranncha

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Táthú Píobán Códaithe

**Scil thar a bheith luachmhar is ea Táthú Píobán Códaithe; amharctar orthu siúd atá ábalta máistreacht a fháil ar an scil sin mar dhaoine ardoilte i réimse an táthaithe. Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo daoine a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta atá deimhnithe maidir le táthú píobán códaithe. Féachann an cúrsa seo leis na scileanna agus an t-eolas gaolmhar a bhaineann le táthú píobán cruaiche carbóin agus táthú píobán cruach dosmálta i réimse áiteanna a thabhairt do mhic léinn a bhfuil taithí acu agus a ndearcaí, a n-éifeachtacht phearsanta agus a scileanna cuardaitheora poist a fhorbairt le hiad a chumasú le post a fháil mar tháthairí píobán códaithe. Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo cuardaíonn roinnt mhaith táthairí poist a bhfuil pá maith ag dul leo sa bhaile agus thar lear. Oibríonn roinnt mhaith acu ar phíblínte gáis faoi ghrinneall na farraige nó i longchlóis, gan ach beagán a lua.**

**Modúil***

- Ionduchtú
- E610/Fréamh 11/E6013 Líon agus Caidhpeáil– píobán 6 orlach (EN9606-CS01)
- Fréamh TIG/E7018 Líon agus Caidhpeáil/píobán 6 orlach (EN9606-CS02)
- 2" 316 Cruach Dhosmálta TIG Sceideal Iomlán 10 (EN9606-SS01)
- Píobán Cruaiche Carbóin 6" Fréamh FCAW MAG Líon agus Caidhpeáil suíomh Sch80/6G (EN9606-CS09)
- Sceideal Iomlán TIG píobán 40/3 orlach (EN9606-CS03)
- 3" 316 Cruach Dhosmálta TIG Sceideal Iomlán 40 (EN9606-SS03)
- Táthú Fithiseach Uathghineach 2"SS (EN14732-SS05)

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá táthú ar cheann den bheagán roghanna gairme a bhfuil an-éileamh air. Tugann sé solúbthacht do dhaoine oibriú i dtionscail éagsúla. Is féidir le faoine oibriú sa bhaile nó thar sáile laistigh de thionscail ar nós: cigireacht, innealtóireacht, róbataic, foirgníocht, foirgnimh thionsclaíocha, longthógáil agus deisiúcháin agus suiteáil píblínte. Beidh céimithe an chúrsa seo ábalta post a fháil díreach i ndiaidh an chúrsa.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh na Bunteastais agus na Meánteastais Táthaithe bainte amach ag iarratasóirí mar aon le caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach nó NFQ Leibhéal 3.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh dhá mhí dhéag de thaithí in earnáil na tionsclaíochta a bheith ag iarratasóirí ag meánleibhéal sula dtabharfaidh siad faoin chúrsa seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 20 seachtain
**Suíomh:** Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 912050

# Cúrsa Oiliúna **maidir le Córais Chumarsáide a Shuiteáil**

**Tá an cúrsa seo dírithe ar mhic léinn ar mhaith leo an t-eolas agus na scileanna a fháil atá de dhíth le linn a n-oiliúna tosaigh laistigh den tionscal bonneagair líonra (cáblú cumarsáide) le haghaidh róil ar leith.**

**Tá sé mar aidhm ag an cháilíocht seo freastal ar riachtanais fhairsinge an tionscail cáblaithe cumarsáide atá mar pháirt den earnáil teicneolaíochtaí cumarsáide. Comhcheanglaíonn an clár oiliúint dhíreach lasmuigh den láthair oibre (foghlaim rangbhunaithe) agus oiliúint ar an láthair oibre (foghlaim obairbhunaithe) a sheachadtar in óstchomhlacht mar atá, socrúchán oibre ocht seachtaine; is cuid an-tábhachtach den chúrsa é sin.**

**Tá an cúrsa seo oiriúnach dóibh siúd ar mian leo post a fháil san earnáil teileachumarsáide agus cáblaithe agus/nó dóibh siúd a oibríonn sa tionscal agus ar mhaith leo cur lena gcuid eolais agus scileanna le dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm.**

**Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo beidh Teastas City & Guilds i gCáblú Cumarsáide (Leibhéal 3) bainte amach ag mic léinn. Ina theannta sin, beidh réimse cáilíochtaí 'díoltóir-faofa' bainte amach acu.**

**Oideachas:** Caithfidh mórdhámhachtain Leibhéal 3 NFQ nó a comhionann a bheith bainte amach ag iarratasóirí atá ag iarraidh tabhairt faoin chlár. De rogha air sin, d'fhéadfadh scileanna, eolas agus inniúlachtaí cuí a bheith foghlamtha ag iarratasóirí trí thaithí oibre.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh spéis ag iarratasóirí sa tionscal teileachumarsáide nó innealtóireachta nó taithí acu ar na réimsí sin ach níl sé riachtanach le háit a fháil ar an chlár seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

Ba chóir go mbeadh ceadúnas sealadach ag iarratasóirí agus i mbun Ceadúnas Tiomána Iomlán a fháil agus ábalta an fhianaise chuí a chur ar fáil. Tá Tástáil Súl (Dathanna) ina riachtanas cáilitheachta.

**Fad:** 38 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

**Modúil***

- Ionduchtú
- Pleanáil Gairme
- Lochtlorg copair agus diagnóisic
- Líonraí fiontraíochta seachtracha a dhearadh agus a phleanáil
- Cáblú Snáthoptaice
- Lochtlorg snáithín agus diagnóisic
- Seirbhísí Faoi Thalamh a Aimsiú
- Láimhsiú Sábháilte don Ionad Oibre
- Líonraí optúla éighníomhacha
- PHECC – Freagairt Gharchabhrach
- Oiliúint maidir le Duine a Tharrtháil ó Bharr Cuaille
- RTITB – MEWP – Ardaitheoir Búm Cliabháin Ardaithe
- RTITB – Lódaire Leoraí Hiodrálach Suite ar Fheithicil (HIAB)
- Pas Sábháilte
- Cleachtais agus saghasanna iompair sábháilte
- Cáblú struchtúrtha agus líonraí fiontraíochta
- Ag Obair in Áiteanna Cúnga - Meánriosca
- Ag Obair Thuas go hArd
- Teicneolaíochtaí Snáithín Aeir Séidte
- Sláinte & Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair
- Comharthaíocht, Soilse & Cosaint ag Oibreacha Bóthair
- Ag Bainistiú go Sábháilte
- Prionsabail Bhunúsacha Teileachumarsáide

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn post a fháil go díreach ina dhiaidh san earnáil teileachumarsáide. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tabhairt faoi chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna nó faoi chúrsaí Oideachais agus Oiliúna a bhaineann leis an earnáil.






Spladhsálaí cáblaí snáthoptaice is ea "an post is fearr ar domhan" dar le **James Mc Geoghegan,** a chríochnaigh an cúrsa oiliúna i Suiteáil Córas Cumarsáide. Tá sé ag obair leis an mhórchomhlacht teileachumarsáide Circet anois ag cruthú naisc leathanbhanda cábla snáthoptaice ardluais.

Amach as rang 2022, fuair 80% acu poist le Circet i ndiaidh bliain amháin oiliúna go díreach, lena n-áirítear dhá mhí de thaithí oibre.

Cé nach féidir a bheith iomlán cinnte go mbeidh post ar fáil leis an chomhlacht sin, is féidir na scileanna a thabhairt leat áit ar bith. Tá an-éileamh ar spladhsálaithe cáblaí snáthoptaice ar fud na hÉireann, sa RA agus i SAM. Tugann ETB Dhún na nGall na scileanna cuí do mhic léinn le cáilíocht atá aitheanta ar fud an domhain mar atá Teastas City & Guilds i gCáblú Cumarsáide.

**"Bhí mé i gcónaí ag iarraidh oibriú i réimse na teileachumarsáide," arsa James. "A luaithe agus a thosaigh mé an obair, chonaic mé cé chomh maith agus atá an post seo. Téann tú gach áit, feiceann tú gach rud, bíonn tú in áiteanna éagsúla agus déanann tú rudaí éagsúla."**

Aontaíonn a chomhghleacaí **Craig Shaw** leis.

**"Bhí mise ábalta siúl isteach i seomra ranga agus roinnt míonna ina dhiaidh sin bhí mé ábalta post a fháil. Tá an córas sin i bhfad níos gaiste ná céim ollscoile."**

Plástrálaí an cheird a bhí ag Craig sular shocraigh sé a phost a athrú le linn na paindéime. Bhain sé sult as an chúrsa oiliúna le David Mc Groary, duine a bhfuil ocht mbliana de thaithí aige le Circet. Dar le Craig gur chuidigh an taithí oibre leis a thuiscint go raibh sé go hiontach a bheith mar pháirt d'earnáil na teileachumarsáide.

**"Ba é sin an t-am ar thug mé faoi deara gurbh é sin an obair atá mé ag iarraidh a dhéanamh."**



# Cúrsa Oiliúna **maidir le Fíodóireacht Dhún na nGall**

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo de chuid Fhoras Cáiliúcháin na hAlban (FCA/SQA) mic léinn a chumasú le heolas, scileanna agus inniúlachtaí i réimse na Fíodóireachta. Meascann an cúrsa seo oiliúint faoi threoir sa seomra ranga (foghlaim rangbhunaithe) le dhá sheachtain déag d'oiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa. Tá sé deartha le mic léinn a chumasú le Teastas maidir le Fíodóireacht Dhún na nGall a bhaint amach, teastas de chuid Fhoras Cáiliúcháin na hAlban ag Leibhéal 6 SQA (NFQ Leibhéal 5).**

**Modúil***

- Aonad 1 SQA Bunchúrsa maidir leis an Tionscal Fíodóireachta
- Aonad 2 SQA Bunchúrsa maidir le hUllmhúchán le haghaidh Fíodóireachta
- Aonad 3 SQA Bunchúrsa maidir le Fíodóireacht & Cineál Teicnící
- Aonad 4 SQA Bunchúrsa maidir le Teicnící Críochnaithe, Próisis agus Táirgí
- Buntreoir do Theicnící, Próisis & Táirgí Mullaigh
- Dearadh le haghaidh Ceardaíochta
- Ionduchtú Cúrsa
- PHECC – Freagairt Gharchabhrach
- Pleanáil Gairme
- Láimhsiú Sábháilte don Ionad Oibre
- Teicnící Innill Fuála

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn post a fháil i réimse na Fíodóireachta. De rogha air sin, is féidir le mic léinn dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint a bhaineann leis an earnáil.

**Oideachas:** Caithfidh an Teastas Sóisearach nó cáilíocht choibhéiseach a bheith críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh roinnt eolais agus taithí ar fhíodóireacht ag iarratasóirí ach níl sé riachtanach le háit a fháil ar an chlár seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 41 seachtain
**Suíomh:** Cill Chartha, Co. Dhún na nGall

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500





**Oideachas:** Caithfidh an Ardteistiméireacht nó cáilíocht choibhéiseach a bheith críochnaithe ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 4, ar nós roinnt scileanna innealtóireachta i ról reatha.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh roinnt eolais agus taithí innealtóireachta ag iarratasóirí ach níl sé riachtanach le háit a fháil ar an chlár seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 25 seachtain
**Suíomh:** Droim Fraoigh, Bun Cranncha

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# **Innealtóireacht** – Cúrsa Oiliúna **Táthúcháin & Oibre Miotail**

**Tá sé mar aidhm ag an cháilíocht City & Guilds Leibhéal 2 (NFQ Leibhéal 4) seo deis a thabhairt do mhic léinn díriú ar na mórdhisciplíní laistigh den earnáil innealtóireachta agus an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaim atá de dhíth le gairm rathúil a fhorbairt nó le cur lena ngairm san earnáil innealtóireachta, san earnáil oibrithe miotail agus san earnáil tathúcháin. Meascann an cúrsa seo oiliúint faoi threoir sa seomra ranga (foghlaim rangbhunaithe) agus seacht seachtaine d'oiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa. Beidh teastasú i nGléasadh Roithleán Scríobach agus in Oibríochtaí Craenach Droichid Lastuas i gceist sa chúrsa fosta. Tá an clár seo oiriúnach dóibh siúd atá ag iarraidh tús a chur lena ngairm nó cur lena ngairm san earnáil innealtóireachta, san earnáil oibrithe miotail agus san earnáil tathúcháin.**

**Modúil***

— Ionduchtú
— Pleanáil Gairme agus Scileanna Cuardaitheora Poist
— Cóimeálacha Oibre Cruaiche a Dhéanamh / C&G 2850-220
— Láimhsiú Sábháilte don Ionad Oibre
— Roithleán Scríobach a Ghléasadh
— Oibríochtaí Craenach Droichid Lastuas
— Prionsabail Theicneolaíocht na hInnealtóireachta L2 / C&G 2850-202
— Prionsabail Theicneolaíocht an Táthúcháin & an Oibrithe Miotail L2 / C&G 2850
— Pas Sábháilte
— Stuatháthú Miotail de Láimh / C&G 2850-213
— Táthú trí Phróiseas MIG / C&G 2850-214
— Táthú trí Phróiseas TIG / C&G 2850-215
— Oibriú in Innealtóireacht / C&G 2850-201

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn dul díreach ar aghaidh agus post a fháil i réimse earnálacha innealtóireachta, táthúcháin nó oibrithe miotail. De rogha air sin is féidir le mic léinn tabhairt faoi chúrsa breisoideachais agus oiliúna nó deiseanna printíseachta a chuardach san earnáil innealtóireachta.

# Cathal McGee
## – Teagascóir Táthaithe ETB Dhún na nGall & Saineolaí Táthaithe *Worldskills Ireland*






Ainm an duine ar léi íomhánna: **Ruth Connolly**



Chríochnaigh Laura bunchúrsa agus meánchúrsa táthaithe agus cúrsa i dtáthú píopaí códaithe le ETB Dhún na nGall. Roimhe sin chaith sí deich mbliana ag obair in earnáil na bainistíochta imeachtaí i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste ach nuair a bhí uirthi athlonnú go Dún na nGall, bhí sí dífhostaithe agus bhí uirthi smaoineamh ar a conair ghairme. Níor mhothaigh sí iomlán sásta riamh le Bainistíocht Imeachtaí ach bhí a fhios aici gur thaitin sé léi a bheith cruthaitheach agus mheall tionscal na ceardaíochta í. Thosaigh sí ag déanamh roinnt oibre gabha in iarthar Dhún na nGall agus cláraigh sí ar Bhunchúrsa Táthaithe le ETB Dhún na nGall, rud a chinntigh a conair ghairme di. Lean Laura ar aghaidh agus chríochnaigh sí an Meánchúrsa Táthaithe agus an cúrsa i dTáthú Píopaí Códaithe.

Dúirt Laura: "Nuair a amharcaim ar m'obair chríochnaithe, mothaím go bhfuil rud éigin iontach bainte amach agam. Is é an t-aon aiféala atá orm ná nach ndeachaigh mé leis níos luaithe. Bhí a fhios agam ar scoil go raibh mé ag iarraidh obair mar cheardaí ach gairm d'fhir a bhí ann dar le formhór na ndaoine ag an am. Mar sin roghnaigh mé gairm do mhná ach ní raibh sí oiriúnach dom i ndáiríre mar nach duine mór cuideachta mé. Anois mothaím go bhfuil mé san áit cheart. Tá an teagasc ar fheabhas ar fad. Tá an t-atmaisféar an-tacúil do mhná i gceirdeanna. Ní raibh mo chuid teagascóirí Cathal, Paul agus Lewis riamh in amhras fúm agus tá na háiseanna go hiontach. Tá mé ar mo chompord anois agus tá mé ag súil le dul chun cinn a dhéanamh i réimse an táthaithe."

—
**Laura Mulkeen**

# Táthú (Meánleibhéal)

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo deis a thabhairt dóibh siúd a bhfuil cáilíochtaí táthaithe acu cur lena gcuid scileanna chuig meánleibhéal agus deis a thabhairt dóibh teastasú EN a fháil i réimse tascanna táthaithe. Tá deiseanna oibre ar fáil san earnáil táthaithe go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar fud roinnt tionscal.**

**Modúil***

— Alúmanam Táthú TIG Pláta 3mm / EN9606-AL01
— Ionduchtú
— MIG 10mm Buntáthú Oscailte Ingéarach/ EN9606-CS10
— MMA Buntáthú Ingéarach/ EN9606-CS12
— SS TIG Sceideal Iomlán píobán 5-2 orlach/ EN9606-SS04
— TIG Sceideal Iomlán píobán 40/3 orlach / EN9606-CS03

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá táthú ar cheann den bheagán roghanna gairme a bhfuil an-éileamh air. Tugann sé solúbthacht do dhaoine oibriú i dtionscail éagsúla. Is féidir le daoine oibriú sa bhaile nó thar sáile laistigh de thionscail ar nós: cigireacht, innealtóireacht, róbataic, foirgníocht, foirgnimh thionsclaíocha, longthógáil agus deisiúcháin agus suiteáil píblínte. Beidh céimithe an chúrsa seo ábalta post a fháil go díreach ina dhiaidh nó dul ar aghaidh chuig an chúrsa táthaithe píobán códaithe i ndiaidh bliain a chaitheamh ag obair in earnáil na tionsclaíochta.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Bunteastas Táthaithe bainte amach ag iarratasóirí mar aon le caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach nó NFQ Leibhéal 3.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 18 seachtain
**Suíomh:** Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# 8.8

## Gruagaireacht & Scéimh



# Cúrsa Oiliúna
# i dSpeisialtóir Scéimhe

**Is iontach go deo an clár é seo d'iarrathóirí a bhfuil spéis acu san earnáil Teiripe Scéimhe agus ar mian leo oibriú sa réimse sin. Is gairmcháilíochtaí iad Dámhachtainí Teiripe Scéimhe ITEC atá liostaithe sa chlár seo agus tá siad aitheanta ag an Oifig Cáilíochtaí agus Rialála Scrúduithe (Ofqual) laistigh de Chreat Cáilíochtaí agus Creidmheasanna na RA. Díríonn siad ar réimse scileanna praiticiúla agus bíonn siad mar bhonn faoin eolas atá de dhíth sa Tionscal Teiripe Scéimhe.**

**Tá sé mar aidhm ag an chlár oiliúna seo mic léinn a chumasú leis na scileanna, an t-eolas agus an cumas a fháil le hoibriú go héifeachtach mar theiripeoir scéimhe. Tá sé mar aidhm ag an chlár cuidiú le mic léinn trí thaithí phraiticiúil na gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla a bhaineann le hobair i dtionscal na scéimhe a chomhtháthú.**

**Is é an phríomhaidhm atá ag an Dioplóma VTCT (ITEC) Leibhéal 2 mic léinn a chumasú leis na scileanna praiticiúla agus teoiriciúla a fháil le cóireálacha scéimhe a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus le post a fháil sa tionscal teiripe scéimhe.**

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa inniúlacht ghairme a chur ar fáil ag Leibhéal 2 (NFQ L4) agus Leibhéal 3 (NFQ L5) i réimsí breise ar nós Suathaireacht Iomlánaíoch, Suathaireacht Cinn Indiach, Teicnící Snasa Glóthaí, Teiripe Chluaisíneach Theirmeach, Ciarlomadh Pearsanta do Bhanchliaint agus Síntí Fabhraí, rud a chiallaíonn gur féidir croícháilíocht agus oiliúint bhreise a fháil i seirbhísí laistigh den tionscal teiripe scéimhe i gcoitinne. Meascann an cúrsa seo oiliúint faoi threoir lasmuigh den láthair oibre (foghlaim rangbhunaithe) le hoiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa.**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht nó an Ardteistiméireacht Fheidhmeach le Bitheolaíocht nó ábhar eolaíoch cuí eile ag iarratasóirí nó ba chóir go mbeadh modúl ITEC/CIBTAC bainte amach acu roimhe i réimse na Teiripe Scéimhe.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh, de dhíth.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin. Bheadh taithí ar obair i sciamhlann ina buntáiste.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 51seachtain
**Suíomh:** Gaoth Dobhair

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais chothabhála agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta. Tá costas beag i gceist le scuabanna agus bosca smididh a cheannach mar aon le costais éide. Má tá mac léinn i dteideal liúntas oiliúna a fháil is féidir an costas sin a bhaint as liúntas seachtainiúil an mhic léinn.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

**Modules***

- Anatamaíocht agus Fiseolaíocht
- Snas Leasaithe Éadrom a Chur ar Ingne
- Fabhraí Buana Aonair a Chur ar Chliaint
- Pleanáil Gairme agus Scileanna Cuardaitheora Poist
- Cúram Cliant agus Cumarsáid i dTionscail a Bhaineann le Teiripe Scéimhe
- Suathaireacht Iomlánaíoch
- Suathaireacht Cinn Indiach
- Ionduchtú
- Ciarlomadh Pearsanta do Bhanchliaint
- Lámh-mhaisiú agus Cosmhaisiú
- Smideadh
- Monatóireacht a Dhéanamh ar Chleachtas Sláinte agus Sábháilteachta i Salón agus Dea-chleachtas a Chur i bhFeidhm
- Iompar Gairmiúil agus Feasacht Ghnó
- Teiripe Chluaisíneach Theirmeach a Chur ar Fáil do Chliaint
- Cóireálacha Cúraim Cnis agus Súl
- Ciarlomadh
- Ag oibriú i dtionscail a bhaineann le Teiripe Scéimhe

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo beidh seacht nDioplóma ITEC bainte amach ag mic léinn atá aitheanta ar fud an domhain mar an phríomhcháilíocht do Theiripeoirí Scéimhe. Beidh mic léinn ábalta post a fháil sa tionscal teiripe scéimhe ag cur sainchóireálacha scéimhe ar fáil don phobal i gcoitinne. Beidh siad ábalta post a fháil i réimsí éagsúla lena n-áirítear sciamhlanna, teiripí comhlántacha, ealaíontóir simdidh, teicneoir ingne, clubanna sláinte, spánna, longa crúsála nó a ngnólacht féin a bhunú.





I ndiaidh dom cinneadh a dhéanamh mo shlí bheatha a athrú, bhí an cúrsa teiripe scéimhe chomh suimiúil sin; bhí béim mhór ar an obair phraiticiúil agus bhí seans agam taithí a fháil ar obair sa tionscal. Eispéireas iontach agus craic ar dóigh a bhí ann fosta.

—

**Sharon Doherty**

D'fhág mé an scoil sa 5ú bliain roimh an Ardteistiméireacht agus thosaigh mé an Clár Cumasóige i nGort an Choirce. Thug an fhoireann an-chuid tacaíochta dom agus chaith mé dhá bhliain sa chlár Cumasóige. Chuidigh siad liom oibriú amach an cineál poist ba mhaith liom a fháil agus shocraigh mé go gcuirfinn isteach ar an chúrsa oiliúna i dTeiripe Scéimhe a bhí á chur ar fáil ag ETB Dhún na nGall fosta. Thosaigh mé ag ullmhú don agallamh agus d'éirigh liom áit a fháil ar an chúrsa – bhí mé an-tógtha ach neirbhíseach fosta mar go bhfuil disléicse orm.  Bhí imní orm ag an tús faoin mhéid oibre a bheadh i gceist. Thuig mé go mbeadh sé dúshlánach mar nach raibh sé uilig fá dtaobh de smideadh! Bhí a lán eilimintí eolaíochta agus bitheolaíochta ann agus shíl mé go raibh an cúrsa an-dian ar fad, ach thug na teagascóirí an-chuid tacaíochta dom i gcónaí. Thaitin an cúrsa go mór liom agus mar sin dhírigh mé ar an ábhar agus d'oibir mé go crua. Tá gasúr beag agam, rud a chiallaíonn go raibh cúraimí clainne orm agus mé ag déanamh an chúrsa lánaimseartha; bhí orm díriú mar is ceart ar gach rud agus oibriú thart ar sceideal. Thug mo theaghlach tacaíocht mhaith dom. Mar sin, bhí mé ábalta díriú ar mo chuid staidéir – bhí sé dúshlánach ach b'fhiú an tairbhe an trioblóid. Bhí an socrúchán oibre an-tairbheach ar fad mar go raibh mé ábalta gach rud a bhí muid a fhoghlaim sa seomra ranga, teoiric agus scileanna praiticiúla, a chur i bhfeidhm, agus chuidigh sé go mór liom cur le m'fhéinmhuinín fosta. D'éirigh liom post a fháil le Genesis Skin Care and Laser Clinic taobh istigh de dhá nó trí seachtaine i ndiaidh dheireadh an chúrsa agus tá mé ag obair ansin le dhá bhliain anuas. Mholfainn an cúrsa go mór do dhuine ar bith a bhfuil spéis acu sa tionscal scéimhe. I ndáiríre is cuma faoi réimsí spéise; mholfainn do dhaoine teagmháil a dhéanamh le ETB Dhún na nGall; eispéireas iontach a bhí ann domsa agus anuas air sin tá post agam a bhfuil mo chroí istigh ann!

—

**Maria Woods**

“

Bhain mé an-sult as gach cuid den chúrsa teiripe scéimhe, idir an teoiric agus na gnéithe praiticiúla. Deis iontach a bhí sa socrúchán oibre; bhí mé ábalta taithí luachmhar a fháil agus cur le m'fhéinmhuinín.

—

**Ciara McShea**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí, atá mar an gcéanna le clár NFQ ag Leibhéal 4.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Ní mór d'iarratasóirí pas a fháil i dtástáil aitheanta dathanna.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin. Tá taithí oibre sa tionscal inmhianaithe.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 40 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Ionad Oiliúna ETB)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce ach táthar ag súil go gceannóidh mic léinn na héidí cuí. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Cúrsa Oiliúna **i nGruagaireacht** (Gruagaireacht Ban agus Fear)

**Dearadh an cúrsa seo i gcomhar le comhlachtaí gruagaireachta áitiúla ar fud an chontae lena chinntiú go dtugtar an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is deireanaí do mhic léinn le cuidiú leo post a fháil i dtionscal na gruagaireachta. Déanfaidh mic léinn staidéar agus cleachtadh ar réimse gnéithe a bhaineann le gruagaireacht ban agus fear atá saindeartha le freastal ar riachtanais an tionscail. Tá taithí oibre ina páirt lárnach den chúrsa seo sa mhéid is go meascann sé oiliúint faoi threoir lasmuigh den láthair oibre (foghlaim rangbhunaithe) le hoiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa. Tugann sé sin deis do mhic léinn na heochairscileanna a fhoghlaim agus léargas a fháil ar nádúr gairmiúil an tionscail lena chinntiú go mbeidh tuiscint mhaith acu ar an earnáil a bhfuil siad ag iarraidh dul léi mar ghairm.**

**Modúil***

- Comhairliúcháin le Cliaint maidir le Seirbhísí Gruaige
- Dathú agus Gealadh Gruaige
- Gruaig Fear a Ghearradh
- Gruaig Ban a Ghearradh
- Cloí le Cleachtas Sláinte agus Sábháilteachta i Salón
- Táirgí agus Seirbhísí a Chur Chun Cinn do Chliaint i Salón
- An Ghruaig agus an Phlait a Ní le Seampú agus Feabhsaitheoir a Chur Inti
- Gruaig a Chóiriú
- Buantonn a chur i nGruaig agus í a Neodrú
- Dualgais Fáiltithe i Salón

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo post a fháil i dtionscal na gruagaireachta go díreach ina dhiaidh. Is minic a fhaigheann mic léinn a chríochnaíonn an cúrsa seo go sásúil poist mar ghruagairí (stíleálaithe sóisearacha) nó ionadaithe díolacháin táirgí gruagaireachta nó éiríonn leo deiseanna fostaíochta a thapú sa tionscal taistil/turasóireachta.


Tara Matthewson
12
Jodie Ward
EXPERT

# 8.9

## Sláinte & Cúram Sóisialta



# Scileanna Riachtanacha Cúraim Sláinte

**Tá an cúrsa QQI Leibhéal 5 seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo post a fháil san earnáil Seirbhíse Sláinte. Tá sé mar aidhm ag an chúrsa cuidiú le mic léinn an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a fháil le hoibriú san earnáil, ag cur tacaíocht cúraim sláinte ar fáil i réimse suíomhanna cúraim sláinte ar nós: cúntóir cúraim sláinte, cúntóir baile, cúram sóisialta, forbairt pobail nó socrúchán cónaithe agus/nó le dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint i réimsí éagsúla cúraim sláinte.**

**Modúil***

— Scileanna Cúraim
— Cumarsáid
— Cosc & Rialú Ionfhabhtuithe
— Sábháilteacht & Sláinte ag an Obair
— Taithí Oibre
— Tacaíocht Cúraim

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Bealaí Chun Cinn:** Tá céimithe an chúrsa seo ag Leibhéal 5 i dteideal dul ar aghaidh chuig Breisoideachas agus Oiliúint le ETB Dhún na nGall leis an mhórdhámhachtain iomlán a bhaint amach nó dul ar aghaidh chuig fostaíocht pháirtaimseartha i sainróil tacaíochta cúraim sláinte.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Caithfidh rannpháirtithe a bheith ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe nó ag síniú le haghaidh creidiúintí agus caithfidh sé go raibh siad dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist liúntas oiliúna atá mar an gcéanna lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástáil acmhainne de réir mar is cuí.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 36 seachtain (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Baile na nGallóglach

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Ionad FET, Bhaile na nGallóglach,
Guthán: 074 9153194

# Scileanna Seirbhíse Sláinte

**Tá an cúrsa bliana mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a fhoghlaim atá de dhíth le post a fháil i réimse suíomhanna cúraim sláinte. I measc na suíomhanna sin tá: cúntóir cúraim sláinte, cúntóir baile, ag obair le daoine in ospidéal, cúram faoisimh, cúram sóisialta, forbairt pobail nó suíomh cónaithe. Chomh maith leis sin, tá an cúrsa dírithe orthu siúd ar spéis leo dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus/nó ardoideachas agus oiliúint i réimsí éagsúla san earnáil seo. Tugann an clár seo tuiscint do mhic léinn ar na riachtanais a bhaineann le hoibrithe cúraim sláinte agus tugann sé na scileanna cúraim dóibh le hoibriú le daoine aonair agus le grúpaí. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa agus d'fhéadfadh deiseanna socrúchán oibre Erasmus+ a bheith ar fáil san Eoraip.**

**Modúil***

- Anatamaíocht & Fiseolaíocht
- Cosc & Rialú Ionfhabhtuithe
- Cúram an Duine Bhreacaosta
- Cumarsáid
- Fás & Forbairt an Duine
- Tacaíocht Chúraim
- Taithí Oibre
- Teoiric & Cleachtas Altranais
- Scileanna Cúraim

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa seo i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh. Tá an ráta is airde dul chun cinn ó PLC go dtí an tríú leibhéal ag mic léinn PLC ETB Dhún na nGall as measc na mac léinn PLC uilig sa tír. De rogha air sin, is féidir le mic léinn post a fháil san earnáil seo go díreach i ndiaidh dóibh an cúrsa a chríochnú go sásúil.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

**Costas:** Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:

- Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
- Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
- Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a íoc.

**Teagmhálaí:**
Deirdre McColgan
Guthán: 074 9116017

# Cúrsa Oiliúna
# i dTacaíocht Cúraim Sláinte

**Forbraíodh an cúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo i gcomhar le páirtithe leasmhara in earnáil na tionsclaíochta leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt dóibh siúd atá paiseanta faoi chúram a thabhairt do dhaoine agus atá ag lorg fostaíochta san earnáil cúraim sláinte; beidh siad ábalta oibriú i réimse suíomhanna cúraim sláinte ar nós: cúntóir cúraim slainte; cúntóir baile, ag obair le daoine in ospidéal, cúram faoisimh, cúram sóisialta, forbairt pobail nó suíomh cónaithe. Tá sé mar aidhm ag an chúrsa tuiscint shoiléir a thabhairt do mhic léinn ar na riachtanais acadúla agus na tréithe pearsanta atá de dhíth le haghaidh gairmréim rathúil san earnáil cúraim sláinte. Meascann an cúrsa seo oiliúint faoi threoir lasmuigh den láthair oibre (foghlaim rangbhunaithe) le hoiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa. Ina theannta sin, ullmhaíonn an cúrsa mic léinn le haghaidh agallamh agus dul chun cinn gairme mar aon le scileanna staidéir a fheabhsú i gcás gur mhaith leis an mhac léinn dul ar aghaidh chuig cúrsa céime.**

**Modúil***

— Anatamaíocht & Fiseolaíocht
— Cúram an Duine Bhreacaosta
— Tacaíocht Chúraim
— Scileanna Cúraim
— Cumarsáid
— Fás & Forbairt an Duine
— Idirghabháil Béil
— Idirghabháil Sábháilteachta
— Ionduchtú
— Cosc & Rialú Ionfhabhtuithe
— Láimhsiú Othar
— PHECC – Freagairt Gharchabhrach
— Sábháilteacht & Sláinte ag an Obair
— Cúram Sláinte Cleachtaidh Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo post a fháil i réimse suíomhanna tacaíochta cúraim sláinte nó rc hu aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais. Tá céimithe an chúrsa rc h dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 45 seachtain
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla (Leitir Ceanainn/Gaoth Dobhair/Bun Cranncha/Baile Dhún na nGall)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Oideachas agus Oiliúint Ionchuimsitheach

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa bliana QQI Leibhéal 6 seo an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do mhic léinn le dea-chleachtas a dhearadh, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm san oideachas uileghabhálach i réimse comhthéacsanna agus/nó le dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa agus d'fhéadfadh deiseanna socrúchán oibre Erasmus+ a bheith ar fáil san Eoraip.**

**Modúil***

- Foghlaim Dhifreálach agus Teagasc Difreálach
- Feasacht ar Mhíchumas
- Cur Chun Cinn na Sláinte
- Oideachas Uileghabhálach agus Cleachtas
- Feasacht Mheabhairshláinte
- Cúntóireacht Riachtanas Speisialta
- Ceannaireacht Foirne
- Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, d'fhéadfadh céimithe dul ar aghaidh le hoibriú i suíomhanna oideachais uileghabhálaigh lena n-áirítear cúntóireacht riachtanas speisialta. De rogha air sin, is féidir le mic léinn dul ar aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais le ETB Dhún na nGall, nó tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó Scéim na Nasc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse cláracha ardteastais nó céime in ollscoileanna.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Caithfidh an Ardteistiméireacht, lena n-áirítear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó cáilíocht chomhionann ag QQI Leibhéal 5 a bheith críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. Sa chás nach bhfuil Ardteistiméireacht nó cáilíocht Leibhéal 5 ag iarratasóir, tabharfar deis dó/di a léiriú go mbeidh siad ábalta tabhairt faoin chúrsa trí agallamh a dhéanamh.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse mheasartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a léiriú a bhaineann leis an chúrsa agus a bheith ábalta treallús agus neamhspleáchas a léiriú agus iad ag déanamh ghníomhaíochtaí an chúrsa.

Mar pháirt den phróiseas iarratais cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu.

**Fad:** 1 bhliain acadúil
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá táille scrúdaithe de €50.00 i gceist le cúrsaí PLC

Ní gá do na catagóirí seo a leanas de rannpháirtithe an táille scrúdaithe QQI de €50.00 a íoc:

- Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a bpáistí cleithiúnacha
- Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
- Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a íoc.

**Teagmhálaí:**
Michelle O'Reilly
Guthán: 074 9121047

# Cúrsa Oiliúna
# Cleachtas Míchumas Intleachtúil

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim le daoine aonair faoi mhíchumas intleachta a chumasú lena lánacmhainneacht a bhaint amach agus an oiread sásaimh agus is féidir a bhaint as an saol. Tá an cúrsa seo oiriúnach do mhic léinn atá paiseanta faoi obair le daoine aonair atá faoi mhíchumas intleachta. Tá éagsúlacht sa chúrsa, rud a ligfidh do mhic léinn post a fháil ag obair le páistí nó le daoine fásta a bhfuil riachtanais bhreise acu. Foghlaimíonn na mic léinn a dhéanann an cúrsa seo an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí le hoibriú go neamhspleách agus faoi stiúir duine atá os a gcionn i réimse suíomhanna. Áiríonn an cúrsa réimse leathan modúl a roghnaíodh go cúramach leis na riachtanais a bhaineann le mórdhámhachtain ag QQI Leibhéal 5 a shásamh. Tá socrúchán oibre ina ghné thábhachtach den chúrsa a cheanglaíonn oiliúint faoi threoir lasmuigh den láthair oibre (foghlaim rangbhunaithe) agus oiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa, rud a ligeann do mhic léinn taithí a fháil dóibh féin ar an timpeallacht oibre mar atá agus léargas ar leith a thabhairt ar an réimse leathan post atá ar fáil san earnáil seo.**

**Modúil***

- Iompar Dúshlánach
- Cuimsiú Pobail
- An Duine Aonair a Chumasú
- Foghlaim a Éascú
- Staidéar ar Mhíchumas Intleachta
- PHECC – Freagairt Gharchabhrach
- Cúntóireacht Riachtanas Speisialta
- Oibriú mar Fhoireann
- Riachtanais Speisialta a Thuiscint
- Cleachtadh Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo post a fháil díreach ina dhiaidh i suíomhanna le páistí, le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu nó dul ar aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais. Tá céimithe an chúrsa seo i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh Ardteistiméireacht nó Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó LCVP ag iarratasóirí. Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 44 seachtain
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta comhionann le CNC Leibhéal 3 ag iarratasóirí agus clár Leibhéal 4 á dhéanamh acu.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí Roimhe Seo:** Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa, a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

**Cáilitheacht:** Ní mór íocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh a bheith á fáil ag rannpháirtithe nó ní mór dóibh a bheith ag síniú faoi choinne creidmheasanna agus a bheith dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist á bhfáil acu liúntas oiliúna comhionann lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástála acmhainne nuair is gá. Ní mór d'iarratasóirí a bheith 18+ mbliana d'aois.

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Ionad FET, Bóthar an Phoirt)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Charles Gorney
Guthán: 074 9706047

# Conair chuig Staidéar Sláinte agus Corpacmhainne

**Is í an aidhm atá leis an Mhórdhámhachtain Leibhéal 4 lánaimseartha seo san Fhoghlaim Ghinearálta ná ligean do mhic léinn a gcuid staidéir a chur chun cinn agus deiseanna fostaíochta sa réimse um Staidéar Sláinte agus Corpacmhainne a fhiosrú. Cuirfidh sé ar chumas mac léinn eolas, scileanna, agus inniúlacht ábhartha a fhorbairt i raon leathan scileanna pearsanta a chumasaíonn forbairt phearsanta agus saoránacht ghníomhach, agus/nó dul ar aghaidh chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***
— Cumarsáid
— Feasacht ar Inbhuanaitheacht Timpeallachta
— Bia agus Cothú
— Sláinte de bhun Aclaíochta
— Bitheolaíocht Dhaonna
— Scileanna TF
— Matamaitic
— Éifeachtacht Phearsanta
— Taithí Oibre

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar mhodúil

Bealaí Dul Chun Cinn: Ar chríochnú an chúrsa seo go rathúil, beidh raon leathan eolais faighte ag mic léinn i réimse spéise pearsanta mar aon le príomhscileanna maidir le taighde agus fiosrúchán acadúil. Beidh na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí acu chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht i mbreisoideachas nó breisoiliúint nó i bhfostaíocht.

# Conair chuig Staidéar Cúraim Sláinte agus Altranais

**Is í an aidhm atá leis an Mhórdhámhachtain Leibhéal 4 lánaimseartha seo san Fhoghlaim Ghinearálta ná ligean do mhic léinn a gcuid staidéir a chur chun cinn agus deiseanna fostaíochta sa réimse um Staidéar Cúraim Sláinte agus Altranais a fhiosrú. Cuirfidh sé ar chumas mac léinn eolas, scileanna, agus inniúlacht ábhartha a fhorbairt i raon leathan scileanna pearsanta a chumasaíonn forbairt phearsanta agus saoránacht ghníomhach, agus/nó dul ar aghaidh chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

- Cumarsáid
- Feasacht ar Inbhuanaitheacht Timpeallachta
- Bia agus Cothú
- Cúram sláinte
- Bitheolaíocht Dhaonna
- Scileanna TF
- Matamaitic
- Éifeachtacht Phearsanta
- Taithí Oibre

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar mhodúil

Bealaí Dul Chun Cinn: Ar chríochnú an chúrsa seo go rathúil, beidh raon leathan eolais faighte ag mic léinn i réimse spéise pearsanta mar aon le príomhscileanna maidir le taighde agus fiosrúchán acadúil. Beidh na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí acu chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht i mbreisoideachas nó breisoiliúint nó i bhfostaíocht.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta comhionann le CNC Leibhéal 3 ag iarratasóirí agus clár Leibhéal 4 á dhéanamh acu.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí Roimhe Seo:** Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa, a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

**Cáilitheacht:** Ní mór íocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh a bheith á fáil ag rannpháirtithe nó ní mór dóibh a bheith ag síniú faoi choinne creidmheasanna agus a bheith dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist á bhfáil acu liúntas oiliúna comhionann lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástála acmhainne nuair is gá. Ní mór d'iarratasóirí a bheith 18+ mbliana d'aois.

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Ionad FET, Bóthar an Phoirt)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Charles Gorney
Guthán: 074 9706047


Studies

# Bealach Rochtana Treasach ar Bhaitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas Ginearálta

**Tá bealach rochtana ar leith ar an BSc (Onóracha) san Altranas Ginearálta le OTA le fáil sa chúrsa seo ar NQF Leibhéal 5. Nuair a chríochnóidh tú an cúrsa seo ar Leibhéal 5 de QQI go rathúil agus nuair a bheidh na riachtanais acadúla uilig laistigh den chúrsa sin comhlíonta agat, rachaidh tú ar aghaidh go huathoibríoch isteach i mBliain 1 den BSc san Altranas Ginearálta le OTA sa champas i gCaisleán an Bharraigh, i gColáiste San Aingeal, Sligeach, nó i Leitir Ceanainn. Sa chás nach dtig leat dul ar aghaidh chuig OTA le haghaidh staidéar fochéime, tairgfear Teastas Leibhéal 5 de QQI do mhórdhámhachtain nó do dhámhachtain chomhpháirteach. Nuair a chríochnóidh na mic léinn an cúrsa Leibhéal 5, ní bheidh siad in ann an cúrsa a chur ar athlá toisc nach mór dóibh glacadh le tairiscint áite in OTA sa bhliain tairisceana. Tá áiteanna sa chúrsa seo teoranta d'fhiche duine.**

**Modúil***

- Anatamaíocht agus Fiseolaíocht
- Cúram an Duine Bhreacaosta
- Scileanna Cúraim
- Cumarsáid
- Fás agus Forbairt an Duine
- Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe
- Teoiric agus Cleachtas Altranais
- Taithí Oibre

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar na modúil

Bealaí Chun Cinn: Nuair a bheidh an cúrsa seo curtha i gcrích go rathúil acu, bainfidh céimithe dámhachtain Leibhéal 5 de QQI amach agus féadfaidh siad dul ar aghaidh chuig an BSc Onóracha san Altranas Ginearálta le OTA. Mar mhalairt air sin, tig le mic léinn dul ar aghaidh chuig cúrsaí oideachais eile le ETB Dhún na nGall nó d'fhéadfadh siad cur isteach ar áit a fháil i mbliain a haon de raon clár ardteastais nó céime ag ollscoileanna tríd an Lár-Oifig Iontrála agus/nó tríd an Scéim Nasc Ardoideachais.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ardteistiméireacht/ Gairmchlár na hArdteistiméireachta nó Tuilleamas san Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó teastas ábhartha Leibhéal 4 de QQI. Ní gá go gcomhlíonfaidh iarratasóirí aibí (atá 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir de bhliain tosaigh an chúrsa nó roimhe sin) na híosriachtanais iontrála atá liostaithe anseo agus breithnítear ar bhonn aonair iad (oideachas roimhe seo, taithí oibre agus léiriú inniúlachta chun tabhairt faoin chlár). Bíonn inniúlacht íosta B2 i dteanga agus litearthacht an Bhéarla maidir le scríobh, léamh, éisteacht agus labhairt de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) de dhíth nuair a thosaíonn iarrthóirí a bhfuil an Béarla mar dhara teanga nó mar theanga eile acu ar an chlár. Ní mór d'iarratasóirí a bheith 17 mbliana d'aois agus os a chionn.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama, go mbeadh suim acu san ábhar agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí roimhe seo:** Nó mór d'iarratasóirí raon réasúnta eolais, scileanna agus inniúlachtaí atá ábhartha don chúrsa a léiriú agus a bheith in ann tionscnaíocht agus neamhspleáchas a chur in iúl agus gníomhaíochtaí an chúrsa á ndéanamh acu.

Tá agallamh agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce sa chéad bhliain le ETB Dhún na nGall

**Teagmhálaí:**
Deirdre McColgan
Guthán: 074 9116017

# 8.10

## TF & Ríomhaireacht



**Oideachas:** Aois Íosta Reachtúil Fágála Scoile. Caithfidh mórdhámhachtain Leibhéal 3 NFQ nó a comhionann a bheith bainte amach ag iarratasóirí atá ag iarraidh tabhairt faoin chlár. De rogha air sin, d'fhéadfadh scileanna, eolas agus inniúlachtaí cuí a bheith foghlamtha ag iarratasóirí trí thaithí oibre.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh roinnt eolais agus taithí TF ag iarratasóirí ach níl sé riachtanach le háit a fháil ar an chlár seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Beidh ar iarratasóirí triail mhianaigh agus agallamh a dhéanamh mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 27seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Eolaíocht Sonraí

**Tá sé mar aidhm ag an oiliúint seo na bunscileanna a thabhairt do mhic léinn a bhaineann le hearnáil theicneolaíocht an airgeadais mar atá: bunachair sonraí, anailísíocht sonraí, clárú agus bainistíocht tionscadal. Díreoidh an cúrsa ar scileanna agus ar phróisis a fhorbairt atá de dhíth le ciall a bhaint as méideanna móra sonraí ó réimse cineálacha sonraí le cuidiú le cinnteoireacht agus le cúrsaí gnó a thiomáint chun cinn. Comhtháthaíonn ábhar an chláir teastasú aonaid *City & Guilds* ag Leibhéal 3 (NFQ L5) le teastasú tionscail ó CITR (ICDL), ó Microsoft agus ón *British Computer Society* le bunchúrsa iomlánaíoch a chur ar fáil maidir le clárú agus anailísíocht ghnó agus peirspictíocht tionscalbhunaithe a chur ar fáil i dtaca le cinnteoireacht agus sonraí in úsáid.**

**Modúil***

— Bogearraí a Fhorbairt ag úsáid SQL
— Bonnchúrsa in Anailísíocht Sonraí
— Bunachar Sonraí Teicneolaí Faisnéise
— Fórsa Saothair ICDL - Scarbhileoga
— Ionduchtú
— Léargais ICDL - Olltiomsú Sonraí
— Pleanáil Gairme agus Scileanna Cuardaitheora Poist
— Prionsabail Córas TFC agus Slándáil Sonraí
— *Microsoft Power BI Data*
— Ríomhchlár Gnásúil a Chruthú

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn post a fháil i réimse na hEolaíochta Sonraí. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tabhairt faoi chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna nó faoi chúrsaí Oideachais agus Oiliúna a bhaineann leis an earnáil.

# r-Ghnó le Margaíocht Dhigiteach

**Beidh an cúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo oiriúnach do mhic léinn ar spéis leo cúrsaí margaíochta agus a thuigeann cé chomh tábhachtach agus riachtanach agus atá sé do ghnólachtaí margaíocht a dhéanamh ar a gcuid táirgí nó seirbhísí ar líne agus trasna réimse éagsúil ardán. Tá sé mar aidhm ag an chúrsa an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a thabhairt do mhic léinn le táirgí agus seirbhísí a chur chun cinn go digiteach agus iad a chumasú le hoibriú go neamhspleách agus faoi stiúir duine cuí i réimse comhthéacsanna Ríomhghnó agus/nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus/nó ardoideachas agus oiliúint i ndiaidh an chúrsa.**

**Modúil***

- Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe**
- Cumarsáid
- Margaíocht Dhigiteach**
- Ríomhghnó
- Párolla – Láimhe agus Ríomhairithe
- An tIdirlíon
- Ceapadóireacht Ghréasáin
- Taithí Oibre
- Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil**
- Modhanna Scarbhileog***
- Próiseáil Focal***

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

** Baile Dhún na nGall amháin

*** Bun Cranncha amháin

Bealaí Chun Cinn: D'fhéadfadh céimithe an chúrsa seo post a fháil agus tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais i gcomhair iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó breis staidéir a dhéanamh.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Caithfidh rannpháirtithe a bheith ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe nó ag síniú le haghaidh creidiúintí agus caithfidh sé go raibh siad dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist liúntas oiliúna atá mar an gcéanna lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástáil acmhainne de réir mar is cuí.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 40 seachtain (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Bhaile Dhún na nGall (Ionad FET Drumcliff), Bun Cranncha

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Bhaile Dhún na nGall
Caroline Ann Gillespie
Guthán: 074 9721705

Bun Cranncha, Elaine Devlin
Guthán: 074 93 62466

**Oideachas:** Níl aon riachtanais fhoirmiúla oideachais ann. Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh roinnt eolais agus taithí TFC ag iarratasóirí ach níl sé riachtanach le háit a fháil ar an chúrsa seo.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh spéis ag iarratasóirí i dteicneolaíocht faisnéise agus ba chóir go mbeadh siad ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh san earnáil feidhmchlár TF. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí ábalta a bheith freagrach as a gcuid foghlama féin i dtimpeallacht foghlama éascaithe agus a bheith ábalta spriocanna foghlama aonair a leagan síos. Tá scileanna maithe cumarsáide agus uimhearthachta de dhíth.

**Taithí roimhe seo:** Ba chóir go mbeadh roinnt eolais ag iarratasóirí ar ríomhairí a úsáid; ba chóir go mbeadh siad eolach ar an idirlíon agus ar ríomhphost.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Ó 5–66 seachtain, ar brath ar na modúil a dhéantar
**Suíomhanna:** Bun Cranncha agus Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Ilmheáin

**Tá sé mar aidhm ag an chlár seo foghlaimeoirí a chumasú le modúil éagsúla TF a roghnú ó: táirgiúlacht oifige, forbairt bogearraí agus cothabháil TF, slándáil agus tacaíocht gréasáin ag bunleibhéal/leibhéal comhlach laistigh de thimpeallacht foghlama cumaisc. Cúrsa solúbtha atá ann a ligeann do mhic léinn agus don teagascóir pleananna foghlama pearsanta a fhorbairt, bunaithe ar shainriachtanais na mac léinn. Tig leis an chúrsa maireachtáil ó 5 seachtaine suas go dtí 30 seachtain ag brath ar shainphleananna foghlama na mac léinn agus ar a gconair ghairme. Éascófar an fhoghlaim le ceardlanna, taispeántais agus acmhainní foghlama ar líne i dtimpeallacht fhéinstiúrtha atá dírithe ar na mic léinn.**

**Modúil***
**Tá níos mó ná caoga modúl ann le roghnú astu ag brath ar shainphleananna foghlama na mac léinn agus ar an chonair ghairme atá roghnaithe acu. Seo a leanas roinnt samplaí:**
— CompTIA A+ Core Series
— ICDL Próiseáil Focal (Ardleibhéal)
— ICDL Scarbhileoga (Ardleibhéal)
— ICDL Comhoibriú ar líne
— ICDL Bunphrionsabail ar líne
— ICDL Eagarthóireacht Gréasáin
— *Microsoft Access*
— *Microsoft PowerPoint*
— *Microsoft Word Core*
— Speisialtóir *Microsoft Office (MOS)*

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Feabhsóidh an cursa seo scileanna TF na mac léinn, rud a ligfidh dóibh post a fháil go díreach ina dhiaidh nó dul ar aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais agus oiliúna le ETB Dhún na nGall nó le soláthróirí eile. Seo a leanas roinnt samplaí de na poist a bheidh ar fáil do mhic léinn: táirgiúlacht oifige, tástálaí bogearraí agus forbróir bogearraí.

# Cúrsa Oiliúna
# i dTeicneolaíocht Bogearraí

**Tá sé mar aidhm ag an teastasú tionscail agus cúrsa City & Guilds seo mic léinn a chumasú le heolas, scileanna agus inniúlachtaí a fhoghlaim maidir le réimse na Forbartha Bogearraí agus le hoibriú go neamhspleách faoi stiúir daoine eile i roinnt eochair-réimsí sa tionscal sin. Mar pháirt den chúrsa seo foghlaimeoidh mic léinn eochairscileanna i ríomhchlárú agus i gcódú ag úsáid réimse teangacha códaithe lena n-áirítear Phyton, Java, téacs HTML, CSS agus C#. Meascann an cúrsa seo oiliúint lasmuigh den láthair oibre (foghlaim rangbhunaithe) le dhá sheachtain déag d'oiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa. Tá sé deartha mar sin le mic léinn a chumasú le réimse Dámhachtain City & Guilds agus Teastas Tionscail a bhaint amach.**

**Modúil***

— ASP.NET CORE 2.2 MVC
— Pleanáil Gairme
— Ionduchtú
— Clár Ríomhaireachta atá Bunaithe ar Theagmhas a Chruthú Leibhéal 2
— Clár Ríomhaireachta atá Bunaithe ar Oibiachtaí a Chruthú Leibhéal 3
— Teicneolaí Faisnéise – Bunachair Sonraí
— Teicneolaí Faisnéise – Feidhmiú HTML5 & CSS
— Teicneolaí Faisnéise - Java
— Teicneolaí Faisnéise - Python
— ISTQB® Tástálaí Deimhnithe- Bunleibhéal (Deimhniú ISQI – Tástáil Láimhe)

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn post a fháil go díreach ina dhiaidh san earnáil Forbartha Bogearraí. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tabhairt faoi chúrsa Breisoideachais, faoi chúrsa Ardoideachais nó faoi chúrsa Oiliúna a bhaineann leis an earnáil.

**Oideachas:** Caithfidh mórdhámhachtain Leibhéal 3 NFQ nó a comhionann a bheith bainte amach ag iarratasóirí atá ag iarraidh tabhairt faoin chlár. De rogha air sin, d'fhéadfadh scileanna, eolas agus inniúlachtaí cuí a bheith foghlamtha ag iarratasóirí trí thaithí oibre.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh roinnt eolais agus taithí ríomhchlárúcháin nó T.F. ag iarratasóirí ach níl sé riachtanach le háit a fháil ar an chlár seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Beidh ar iarratasóirí triail mhianaigh agus agallamh a dhéanamh mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 54 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# 8.11

## Eolaíocht



# Conair chuig Staidéar Eolaíochta

**Is í an aidhm atá leis an Mhórdhámhachtain Leibhéal 4 lánaimseartha seo san Fhoghlaim Ghinearálta ná ligean do mhic léinn a gcuid staidéir a chur chun cinn agus deiseanna fostaíochta sa réimse um Staidéar Eolaíochta a fhiosrú. Cuirfidh sé ar chumas mac léinn eolas, scileanna, agus inniúlacht ábhartha a fhorbairt i raon leathan scileanna pearsanta a chumasaíonn forbairt phearsanta agus saoránacht ghníomhach, agus/nó dul ar aghaidh chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

- Bitheolaíocht
- Cumarsáid
- Feasacht ar Inbhuanaitheacht Timpeallachta
- Bitheolaíocht Dhaonna
- Scileanna TF
- Teicnící Saotharlainne
- Matamaitic
- Éifeachtacht Phearsanta
- Taithí Oibre

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar mhodúil

Bealaí Dul Chun Cinn: Ar chríochnú an chúrsa seo go rathúil, beidh raon leathan eolais faighte ag mic léinn i réimse spéise pearsanta mar aon le príomhscileanna maidir le taighde agus fiosrúchán acadúil. Beidh na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí acu chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht i mbreisoideachas nó breisoiliúint nó i bhfostaíocht.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta comhionann le CNC Leibhéal 3 ag iarratasóirí agus clár Leibhéal 4 á dhéanamh acu.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí Roimhe Seo:** Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa, a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

**Cáilitheacht:** Ní mór íocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh a bheith á fáil ag rannpháirtithe nó ní mór dóibh a bheith ag síniú faoi choinne creidmheasanna agus a bheith dífhostaithe roimh thús an chúrsa. Gheobhaidh rannpháirtithe incháilithe a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist á bhfáil acu liúntas oiliúna comhionann lena n-íocaíocht leasa shóisialaigh faoi réir tástála acmhainne nuair is gá. Ní mór d'iarratasóirí a bheith 18+ mbliana d'aois.

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Ionad FET, Bóthar an Phoirt)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Charles Gorney
Guthán: 074 9706047

# 8.12

## Spórt, Áineas & Aclaíocht



# Cúrsa Oiliúna **maidir le Gníomhaíochtaí Lasmuigh a Theagasc**

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa mórdhámhachtana seo na scileanna agus an t-eolas gaolmhar maidir le gníomhaíochtaí lasmuigh a thabhairt do mhic léinn ionas go mbeidh siad ábalta feidhmiú mar theagascóirí; tá béim ar leith ar spóirt uiscebhunaithe. Cuideoidh an cúrsa le mic léinn na hinniúlachtaí, an muinín agus scileanna cuardaitheora poist a fhorbairt atá de dhíth le post a fháil sa tionscal áineasa lasmuigh. Meascann an cúrsa roinnt cáilíochtaí atá aitheanta ag an tionscal a bhfuil ardmheas orthu sa tionscal áineasa lasmuigh. D'éirigh le hiarmhic léinn an chúrsa seo poist a fháil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar fud na hÉireann, ar mhór-roinn na hEorpa, i Meiriceá, san Astráil agus níos faide i gcéin, fad is go bhfuil mic léinn eile féinfhostaithe. Tá sowwcrúchán oibre ina ghné thábhachtach den chúrsa seo, rud a thugann deis do mhic léinn a gcuid scileanna a fhorbairt i dtimpeallacht oibre; meascann sé oiliúint faoi threoir lasmuigh den láthair oibre (foghlaim rangbhunaithe) agus oiliúint ag an obair (foghlaim obairbhunaithe, tríocha faoin chéad ar a laghad) atá curtha ar fáil i gcomhlacht óstach le linn an chúrsa.**

**Modúil***

- Cumhdach 1 Teastas
- Freagróir Garchabhrach
- Ionduchtú
- ISA Bunscileanna – Scéim Seoltóireachta Bád Beag
- ISA Scéim Seoltóireachta Bád Beag – Feabhsú Scileanna
- Leas agus Cosaint Leanaí i Spórt
- Pleanáil Gairme agus Scileanna Cuardaitheora Poist
- Sábháilteacht agus Tarrtháil Abhann
- Scileanna Cadhcála
- Teagascóir Dingí
- Teagascóir Cadhcála
- Teastas Náisiúnta Bád Innill
- Teagascóir Gaothsurfála
- Teastas i Scileanna Sléibhteoireachta
- Téigh a Ghaothshurfáil

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo post a fháil go díreach ina dhiaidh mar theagascóir gníomhaíochtaí lasmuigh san earnáil phoiblí nó phríobháideach. De rogha air sin, is féidir le mic léinn dul ar aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais agus oiliúna le ETB Dhún na nGall nó le soláthróirí eile.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh Teastas Sóisearach nó a chomhionann mar aon le taithí chuí ag iarratasóirí, fad is gur chóir go mbeadh taithí saoil chuí ag iarratasóirí aibí.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí cumasach agus caithfear spéis a bheith acu sa réimse seo mar gheall ar rannpháirtíocht ghníomhach i spóirt rialta nó gníomhaíochtaí áineasa lasmuigh. Tá sé riachtanach go mbeadh iarratasóirí in ann oibriú le cineálacha éagsúla daoine aonair/grúpaí, rud atá léirithe trí obair sa phobal nó laistigh de réimse an spóirt.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta a léiriú go bhfuil taithí acu ar ghníomhaíochtaí spóirt/lasmuigh nó spéis acu iontu trí bhallraíocht i gcumann, mar shampla; amharctar go fabhrach ar aon róil cheannaireachta atá ag iarratasóirí laistigh d'earnáil na tionsclaíochta nó ina gcuid ama féin m.sh. Ceannaire Gasóg srl.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 47 seachtain
**Suíomh:** Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin, Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta. Tá costas beag i gceist maidir le trealamh pearsanta a cheannach. Má tá mac léinn i dteideal liúntas oiliúna a fháil, is féidir an costas sin a bhaint as liúntas seachtainiúil an mhic léinn.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Uasoiliúint i gCéasla-spóirt le Rothaíocht Chonaire a Threorú

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh cáilíocht bhailí (Teagascóir Cadhcála Leibhéal 1) ó Aontas Canúála na hÉireann ag iarratasóirí atá ag iarraidh tabhairt faoin chlár seo. Mar aon le logleabhar a thugann eolas faoin taithí ábhartha a fuair siad ó bhain siad a gcuid cáilíochtaí uilig amach.

**Mianach:** Tá an cúrsa sin idéalch do dhaoine atá ag obair faoi láthair ar bhonn séasúrach/páirtaimseartha/ócáideach san earnáil oideachais allamuigh nó sa tionscal spóirt eachtraíochta ach nach bhfuil ábalta post a fháil taobh amuigh den tséasúr ghnóthach (Bealtaine go Deireadh Fómhair). Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Na réamhriachtanais chuí mar aon le logleabhar a thugann eolas faoi thaithí chuí.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 24 seachtain
**Suíomh:** Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo an deis a thabhairt do theagascóirí atá fostaithe ar bhonn séasúrach cur lena gcuid scileanna maidir le Cadhcáil mar aon le cáilíochtaí a bhaint amach i dtaca le Seaschéaslóireacht agus Rothaíocht Sléibhe (Treoraí Conaire Rothaíochta). Tá cáilíochtaí scileanna bunleibhéil ag formhór na ndaoine atá fostaithe laistigh de na hearnálacha Oideachas Allamuigh, Spórt Eachtraíochta agus Turasóireacht Eachtraíochta agus b'fhéidir nach bhfuil siad cáilithe mar theagascóirí ag Leibhéal 3 ina rogha disciplíní Spóirt Eachtraíochta. Ina theannta sin, ag leibhéal an bhunteagascóra, oibríonn an fórsa saothair ar bhonn séasúrach de ghnáth. Bíonn siad fostaithe ón Earrach go dtí luath san Fhómhar agus ní bhíonn siad ag obair go mall san Fhómhar ná sa Gheimhreadh, tréimhse sheachadta an chúrsa seo.**

**Modúil***
- Gníomhaíochtaí Eachtraíochta
- Pleanáil Gairme agus Scileanna Cuardaitheora Poist
- Leas agus Cosaint Leanaí i Spórt
- Ionduchtú
- Leibhéal 2 Teagascóir Cadhcála
- Leibhéal 3 Oiliúint Teagascóra Cadchála Mara
- Leibhéal 4 Scileanna Cadhcála Mara Oiliúint agus Measúnú
- Cúram Éigeandála Tarrthála Leibhéal 3
- Sábháilteacht agus Tarrtháil Abhann Leibhéal 2
- Teagascóir Seaschéaslóireachta
- Treoraí Conaire Rothaíochta

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: D'fhéadfadh daoine a bhfuil níos mó cáilíochtaí acu agus/nó cáilíochtaí ag leibhéal níos airde laistigh de Spórt Eachtraíochta ar leith a bheith fostaithe ar feadh tréimhsí níos faide agus/nó dul ar aghaidh le cúrsaí a sheachadadh thar ceann na bhForas Rialaithe Náisiúnta le linn mhíonna an gheimhridh. Is féidir le mic léinn post a fháil sa tionscal oideachais allamuigh agus eachtraíochta díreach i ndiaidh an chúrsa. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tabhairt faoi chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna nó faoi chúrsaí Oideachais agus Oiliúna a bhaineann leis an earnáil.

# Spóirt, Áineasa & Aclaíocht

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim atá de dhíth le hoibriú sna tionscail spóirt agus fóillíochta, tionscail atá ag méadú go gasta. Gheobhaidh mic léinn tuiscint ar aclaíocht fhisiceach agus ar spóirt go praiticiúil (Cóitseáil FAI, CLG, BI) agus go teoiriciúil.**

**Modúil***

— Cóitseáil Cispheile
— Cumarsáid
— Aclaíocht & Corpacmhainn
— Cóitseáil CLG
— Cothú
— Cóitseáil Sacair
— Éifeachtacht Phearsanta
— Staidéar Spóirt & Áineasa
— Taithí Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa seo i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh. Tá an ráta is airde dul chun cinn ó PLC go dtí an tríú leibhéal ag mic léinn PLC ETB Dhún na nGall as measc na mac léinn PLC uilig sa tír. De rogha air sin, is féidir le mic léinn post a fháil san earnáil sin go díreach i ndiaidh dóibh an cúrsa a chríochnú go sásúil.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Srath an Urláir (Coláiste Ghleann na Finne)

**Costas:** Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:
— Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
— Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
— Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a íoc fosta.

**Teagmhálaí:**
Kathleen Boland
Guthán: 074 9131684





**Oideachas:** Teastas Sóisearach nó a chomhionann le Pas sa Bhéarla.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh caighdeán litearthachta agus matamaitice atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach ag iarratasóirí. B'fhearr dá mbeadh bunlitearthacht ríomhaireachta (Word, Ríomhphost agus Inniúlacht Idirlín) ag iarratasóirí. Ba chóir go mbeadh scileanna maithe cumarsáide ag iarratasóirí agus ba chóir go mbeadh sé ar a gcumas oibriú mar pháirt d'fhoireann. Ina theannta sin, tá pearsantacht lách, thaispeántach agus ghealgháireach de dhíth don ról seo. Tá leibhéal maith aclaíochta pearsanta agus cumas maith snámha de dhíth (déanfar tástáil snámha roimh an agallamh don chlár seo agus beidh ar iarratasóirí 400m a shnámh i níos lú ná 9 mbomaite).

**Taithí roimhe seo:** Ba chóir go mbeadh taithí ag iarratasóirí ar ghníomhaíochtaí foirne lasmuigh mar shampla, Gasógaíocht, Brídíní, Gradaim Gaisce. B'fhearr dá mbeadh taithí ag iarratasóirí ar na nithe seo a leanas: surfáil, snámh, ballraíocht i gclubanna spóirt, oibriú le grúpaí óige ar nós Tionscadail Chomharsanachta don Óige, Foróige nó campaí samhraidh.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 27 seachtain
**Suíomh:** Bun Dobhráin

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. Tá costas beag i gceist maidir le trealamh pearsanta a cheannach. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Teagascóir Surfála agus Garda Tarrthála Trá

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo oiliúint a chur ar mhic léinn ionas gur féidir leo a bheith ina dteagascóirí lasmuigh, le cáilíochtaí aitheanta i dTeagasc Surfála, Tarrtháil ar an Trá agus Garchabhair Uisceach. Forbróidh an cúrsa seo mic léinn le bheith ina dteagascóirí, le gníomhaíochtaí surfála agus eachtraíochta a chur ar fáil ionas go mbeidh siad infhostaithe agus inniúil sa réimse sin fad is go bhfeabhsóidh sé a n-éifeachtacht phearsanta agus scileanna cuardaitheora poist le hiad a chumasú le post a fháil nó a choinneáil san earnáil gníomhaíochtaí lasmuigh. Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, gheobhaidh mic léinn roinnt cáilíochtaí tionscail atá aitheanta go forleathan lena n-áirítear:**

- Cumann Surfála na hÉireann (ISA) Teagascóir Surfála Leibhéal 1
- Measúnú agus Cáilíocht Garda Tarrthála Royal Lifesaving Society (RLSS) Cáilíocht Náisiúnta Garda Tarrthála
- Garchabhair Uisceach agus Céadfhreagairt Chairdiach PHECC (Comhairle Cúraim Éigeandála Réamhospidéil)

**Modúil***
- Dámhachtain Náisiúnta Shábháilteacht Uisce na hÉireann do Ghardaí Tarrthála Trá
- Gníomhaíochtaí Eachtraíochta
- Garchabhair Uisceach & Garchabhair Éigeandála (AFA)
- Pleanáil Gairme & Scileanna Cuardaitheora Poist
- Ionduchtú
- Scileanna Tarrthála
- Cáilíocht Náisiúnta Gairme Garda Tarrthála
- Oiliúint Chomhtháite san Ionad Oibre; Teagascóir Surfála Lasmuigh agus Garda Tarrthála
- Scileanna Surfála
- Teagascóir Scileanna Surfála Leibhéal 1
- Taithí Oibre – Teagascóir Surfála agus Garda Tarrthála

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo post a fháil go díreach ina dhiaidh i réimse gníomhaíochtaí spóirt eachtraíochta mar atá: teagascóir surfála, garda tarrthála trá nó linn snámha, teagascóirí spórt eachtraíochta agus/nó is féidir dul ar aghaidh chuig breisoideachas nó ardoideachas. D'éirigh le céimithe an chúrsa roimhe seo poist a fháil in Éirinn agus thar lear mar gheall ar na cailíochtaí a bhain siad amach.


SURF RESCUE



Chríochnaigh Myles Mulgrew PLC i Spóirt, Áineas & Aclaíocht i ndiaidh dó gan go leor pointí Ardteistiméireachta a fháil le staidéar a dhéanamh ar spóirt ag an tríú leibhéal ach:

**"Seachas oibriú nó suí thart don bhliain, shíl mé go rachainn agus cáilíocht úr a fháil. Tá mise iontach paiseanta faoi spórt ach níor shíl mé riamh go ndéanfainn staidéar air go gairmiúil. Tá an cúrsa PLC ag tabhairt ama dom agus ag cuidiú liom feiceáil an mbeadh spéis agam sa spórt mar shlí bheatha."**

Bhain Myles sult as cothromaíocht a aimsiú idir obair phraiticiúil agus obair acadúil le linn an chúrsa PLC:

**"Tá meascán maith ábhar ann agus bíonn muid amuigh ag cóitseáil daltaí na chéad bhliana agus an dara bliain sa scoil. Bíonn tú i gcónaí ag súil le bheith taobh amuigh am éigin sa tseachtain," ar seisean.**

Mar gheall ar a chuid staidéir PLC, fuair Myles tairiscint ó Ollscoil Uladh le staidéar a dhéanamh ar spóirt agus bunaithe ar a chuid taithí mholfadh sé an cúrsa sin do dhaoine eile:

**"Mholfainn do dhaoine eile an cúrsa a dhéanamh 100% má tá spéis ar bith acu san ábhar. Tugann sé léargas iontach duit ar cad leis a mbeadh cúrsa spóirt cosúil sa choláiste," ar seisean.**

—

**Myles Mulgrew**




molten
asics

# 8.13

## lompar



**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach agus/nó NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoin chlár seo.

**Mianach:** Tá caighdeán maith Béarla, idir labhairt agus scríobh, riachtanach leis an chúrsa seo agus na measúnuithe gaolmhara a chríochnú go sásúil. Tá sé riachtanach go mbeadh iarratasóirí ábalta treoracha atá scríofa i mBéarla a thuiscint agus freagra a thabhairt orthu maidir le heilimintí measúnaithe agus teagaisc an chláir seo. Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh, scileanna maithe deaslámhachta agus scileanna maithe uimhearthachta de dhíth.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh Ceadúnas glan Catagóir B a bheith ag iarratasóirí agus caithfidh siad an Ceadúnas Foghlaimeora cuí a fháil le haghaidh ceadúnas tiomána chatagóir D sula gcuirfidh siad isteach ar an chúrsa seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 14 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (suíomhanna éagsúla faoi réir critéir áirithe)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Tiomáint Busanna agus Cúram Cuairteoirí Turasóireachta


**Dearadh an dianchúrsa seo le daoine a chur ar fáil do ghnólachtaí atá oilte mar thiománaithe ceadúnaithe Aicme D Mórfheithicilí Seirbhíse Poiblí (LPSVanna) le Teastais Inniúlachta Gairmiúla Tiomána (CPC). Tá sé mar aidhm ag an chúrsa na scileanna agus an t-eolas gaolmhar a chur ar fáil do mhic léinn ionas go mbeidh siad ábalta post a fháil sa tionscal iompair paisinéirí. De thairbhe go bhfuil an modúl Cúram Cuairteoirí Turasóireachta mar pháirt den chúrsa tugtar an t-eolas agus an tuiscint chuí do mhic léinn maidir lena ról ó thaobh eispéireas dearfach cuairteoirí turasóireachta a chur ar fáil, rud a chuirfidh leis an réimse deiseanna fostaíochta a bheidh ar fáil do thiománaí gairmiúil. Áiríonn an cúrsa teastais bhreise luachmhara tionscail ar nós oiliúint Gluais a chumasaíonn tiománaithe bus le freastal go gairmiúil ar riachtanais iompair na bpaisinéirí scothaosta agus na bpaisinéirí faoi mhíchumas agus an dóigh le hoibriú go héifeachtach le cathaoireacha rothair, rampaí, ardaitheoirí agus trealamh clampála.**

**Modúil***
- Pleanáil Gairme agus Scileanna Cuardaitheora Poist
- Tacagraf Digiteach
- Teastas Inniúlachta Gairmiúla Tiomána (CPC)
- Oiliúint Tiománaithe GLUAIS
- Láimhsiú Sábháilte don Ionad Oibre
- PHECC – Freagairt Gharchabhrach
- Oiliúint Ghairmiúil Tiománaithe Bus
- Cúram Cuairteoirí Turasóireachta

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn post a fháil go díreach ina dhiaidh san earnáil iompair paisinéirí. I measc na ndeiseanna fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann tá: bealaí seirbhíse, gnólachtaí turas, turais chun na scoile, busanna ar cíos go príobháideach agus go corparáideach.


BOYCE TR
074 91 51
Bac
TOURI



**Chríochnaigh mé trí bliana de chúrsa ríomhaireachta le LYIT (OTA anois) i ndiaidh dom an Ardteistiméireacht a dhéanamh ach chonacthas dom nárbh é sin an bealach ceart domsa i ndiaidh dom mo cheadúnas tiomána (Catagóir B) a bhaint amach. Thug mé faoi deara gur thaitin sé go mór liom a bheith ag tiomáint agus rith sé liom go mbeinn ábalta mo bheatha a shaothrú á déanamh – bhí dúil agam sa smaoineamh go dtiocfadh liom oibriú mar thiománaí turais, ag taisteal thart ar an tír agus ag baint sult as nithe is díol spéise do thurasóirí le linn dom a bheith ag obair.**

Nuair a chonaic mé go reáchtálann ETB Dhún na nGall cúrsa lánmhaoinithe i dTiomáint Bus le Cúram do Chuairteoirí/Thurasóirí, chuir mé iarratas isteach láithreach bonn. D'éirigh liom áit a fháil ar an chúrsa agus bhain mé an-sult as – chuir na teagascóirí agus na teagascóirí tiomána muid ar ár suaimhneas ón chéad lá agus is minic a bhí muid ag gáire le linn an chúrsa.

Cé gurbh é an phríomhaidhm a bhí ag an mhórchuid againn ceadúnas chatagóir D a bhaint amach, bhí roinnt mhaith gnéithe breise ann ar nós Garchabhair, Cúram do Thurasóirí/Chuairteoirí agus oiliúint Gluais a bhí thar a bhí úsáideach dar liom nuair a chuaigh mé a chuartú poist as siocair go raibh níos mó agam ná an ceadúnas D le tairiscint d'fhostóir.

Chríochnaigh mé socrúchán oibre ceithre seachtaine le Boyce's Travel mar go bhfuil siad ar leac an dorais agam; chaith siad liom mar bhall den fhoireann ón tús. Nuair a thairg siad post mar thiománaí turais dom ag deireadh an tsocrúcháin oibre bhí mé thar a bheith sásta! Bím gnóthach anois ag glacadh turais dhá lá dhéag ar fud na hÉireann agus tá mo chroí istigh ann.

Má tá tú ag smaoineamh ar ghairm sa tionscal bus, mholfainn duit 100% cur isteach ar an chúrsa sin le ETB Dhún na nGall mar ní hamháin go bhfaigheann tú do cheadúnas, faigheann tú níos mó cáilíochtaí luachmhara a sheasfaidh amach agus tú ag cur isteach ar phoist.

—

**Dylan Robinson**



# Feithiclí Earraí Troma (HGV - Altach) a Thiomáint

**Dearadh an cúrsa seo mar chlár breise ar an chúrsa HGV Docht le daoine a chur ar fáil don earnáil iompair atá oilte mar thiománaithe Ceadúnaithe Aicme CE Feithiclí Earraí Troma le Cabhlacha Altacha.**

**Níl ach iarratasóirí a bhfuil Ceadúnas iomlán HGV Docht (Catagóir C) agus Ceadúnas Foghlaimeora maidir le Trucailí Altacha (CE) acu incháilithe le háit a fháil ar an chúrsa seo.**

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo na scileanna agus an t-eolas gaolmhar a thabhairt do mhic léinn maidir le rialacha an bhóthair, feithicil earraí troma a thiomáint – cabhail altach, aire agus cothabháil na feithicle mar aon leis na scileanna agus an t-eolas chun an fheithicil a lódáil go sábháilte, cúram custaiméirí a chur ar fáil agus cáipéisí cuí a chomhlánú.**

**Modúil***

— Feithicil Earraí Troma a Thiomáint – Trucail Altach
— Pleanáil Gairme
— Teastas Inniúlachta Gairmiúla Tiomána (CPC)
— Oiliúint ar Ghuais Cheimiceáin

*d’fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn post a fháil go díreach ina dhiaidh san earnáil iompair le leoraithe Altacha HGV a thiomáint.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach agus/nó NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoin chlár seo.

**Mianach:** Tá caighdeán maith Béarla, idir labhairt agus scríobh, riachtanach leis an chúrsa seo agus na measúnuithe gaolmhara a chríochnú go sásúil. Tá sé riachtanach go mbeadh iarratasóirí ábalta treoracha atá scríofa i mBéarla a thuiscint agus freagra a thabhairt orthu maidir le heilimintí measúnaithe agus teagaisc an chláir seo. Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh, scileanna maithe deaslámhachta agus scileanna maithe uimhearthachta de dhíth.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh Ceadúnas glan Catagóir B agus C a bheith ag iarratasóirí, agus caithfidh siad an Ceadúnas Foghlama CE a fháil sula gcuirfidh siad isteach ar an chúrsa seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 19 seachtaine
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (suíomhanna éagsúla faoi réir critéir áirithe)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D’fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d’fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# Feithiclí Earraí Troma (HGV) le Cabhlacha Dochta a Thiomáint

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo daoine atá oilte mar thiománaithe ceadúnaithe Aicme C Feithiclí Earraí Troma le Cabhlacha Dochta agus Teastas Tiomána CPC a chur ar fáil do ghnólachtaí. Féachann an cúrsa leis na scileanna agus an t-eolas gaolmhar a thabhairt do mhic léinn maidir le rialacha an bhóthair, feithicil earraí troma a thiomáint – cabhail dhocht, aire agus cothabháil na feithicle mar aon leis na scileanna agus an t-eolas maidir leis an fheithicil a lódáil go sábháilte, cúram do chustaiméirí a chur ar fáil agus cáipéisí cuí a chomhlánú. Ina theannta sin, áiríonn an cúrsa teastais luachmhara tionscail mar atá Forcardaitheoir agus Frithchothromú agus láimhsiú Ábhar Guaiseach.**

**Modúil***

- Pleanáil Gairme agus Scileanna Cuardaitheora Poist
- Teastas Inniúlachta Gairmiúla Tiomána (CPC)
- Oiliúint ar Ghuais Cheimiceáin
- Feithicil Earraí Troma a Thiomáint – Trucail Dhocht
- Garchabhair

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo, is féidir le mic léinn post a fháil go díreach ina dhiaidh san earnáil iompair ag tiomáint leoraithe dochta HGV. De rogha air sin, is féidir le mic léinn dul ar aghaidh níos faide agus ceadúnas HGV Altach a fháil, rud a chuirfidh leis an réimse deiseanna fostaíochta a bheidh oscailte do thiománaí gairmiúil sa tionscal tarlaithe.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach agus/nó NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoin chlár seo.

**Mianach:** Tá caighdeán maith Béarla, idir labhairt agus scríobh, riachtanach leis an chúrsa seo agus na measúnuithe gaolmhara a chríochnú go sásúil. Tá sé riachtanach go mbeadh iarratasóirí ábalta treoracha atá scríofa i mBéarla a thuiscint agus freagra a thabhairt orthu maidir le heilimintí measúnaithe agus teagaisc an chláir seo. Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh, scileanna maithe deaslámhachta agus scileanna maithe uimhearthachta de dhíth.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh Ceadúnas glan Catagóir B a bheith ag iarratasóirí agus caithfidh siad an Ceadúnas Foghlaimeora cuí a fháil le haghaidh ceadúnas tiomána chatagóir C sula gcuirfidh siad isteach ar an chúrsa seo. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 19 seachtain
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (suíomhanna éagsúla faoi réir critéir áirithe)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce. D'fhéadfadh mic léinn a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil faoi réir critéir áirithe agus d'fhéadfadh liúntais lóistín agus/nó taistil a bheith iníoctha fosta.

**Teagmhálaí:**
Tara McGuire
Guthán: 074 9120500

# 8.14

## Tréidliacht



**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh an Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Scrúdú Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 críochnaithe go sásúil ag iarratasóirí. De rogha air sin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Bliain acadúil amháin
**Suíomh:** Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

**Costas:** Tá cúrsaí PLC faoi réir táille scrúdaithe bhreise de €50.00.

Tá na catagóirí rannpháirtithe seo a leanas saor ó tháille scrúdaithe QQI €50.00 a íoc:

- Daoine a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus a leanaí cleithiúnacha
- Iad siúd atá incháilithe faoi scéim deontas na mac léinn
- Iad siúd atá ag fáil an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA)

Éilítear ar gach iarratasóir (iad siúd a bhfuil cárta leighis acu agus iad siúd nach bhfuil) táille chlárúcháin de €100.00 a íoc fosta.

**Teagmhálaí:**
Michelle O'Reilly
Guthán: 074 9121047

# Cúram Ainmhithe

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo an deis a thabhairt do mhic léinn an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim atá de dhíth le hoibriú go neamhspleách, agus faoi stiúir, i réimse comhthéacsanna tréidliachta/cúraim ainmhithe agus/nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas nó ardoideachas agus oiliúint go háirithe i réimse an altranais tréidliachta. Déanfaidh mic léinn staidéar ar na croíréimsí a bhaineann le Cúram Sláinte Ainmhithe. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa agus d'fhéadfadh deiseanna socrúchán oibre Erasmus+ a bheith ar fáil san Eoraip.**

**Modúil***

- Anatamaíocht agus Fiseolaíocht Ainmhithe
- Leas Ainmhithe
- Iompar Ainmhithe
- Bitheolaíocht
- Cumarsáid
- Taithí Oibre
- Riarachán Gnó
- Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa seo i dteideal iarratas a dhéanamh tríd an CAO agus/nó an Scéim um Naisc Ardoideachais le haghaidh iontrála i mbliain a haon de réimse clár ardteastais agus céime in Ollscoileanna nó staidéar breise a dhéanamh. Tá an ráta is airde dul chun cinn ó PLC go dtí an tríú leibhéal ag mic léinn PLC ETB Dhún na nGall as measc na mac léinn PLC uilig sa tír.





**Is é rún chroí Miranda Darnell, arb as Ard an Rátha í, a bheith ina coimeádaí zú agus chuige sin roghnaigh sí tabhairt faoin chlár Iar-Ardteistiméireachta i gCúram Aimnithe le hí a chur ar an bhealach cheart. Tugann an cúrsa bliana na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí do mhic léinn atá de dhíth le freastal ar riachtanais na n-ainmhithe go neamhspleách faoi mhaoirseacht i réimse suíomhanna cúraim ainmhithe.**

**Rinne Miranda an cúrsa PLC i gCúram Ainmhithe sula ndeachaigh sí go dtí an coláiste leis na bunscileanna agus an taithí a fháil maidir le leas ainmhithe. Bhí madadh aici sa bhaile i gcónaí, agus iasc órga ó am go ham, ach is é an mhóraidhm atá aici oibriú le ainmhithe mara ar nós rónta.**

**"Ní dóigh liom go raibh mé réidh leis an bhaile a fhágáil go fóill go díreach. Ach d'ullmhaigh sé sin dom don choláiste," arsa Miranda.**

Thapaigh Miranda na deiseanna a bhí mar pháirt den chlár fosta; ba é buaicphointe na bliana turas Erasmus le staidéar a dhéanamh in Malaga. Fuair sí taithí le grúmaeir madadh áitiúil agus thar thréimhse trí seachtaine fuair sí léargas ar leith ar chultúr eile agus ar mhodhanna eile maidir le cúram a thabhairt d'ainmhithe go gairmiúil.

**Ina theannta sin fuair Miranda taithí oibre sárluachmhar ag Crónna Madadh agus Catlann Amanda i nGleann tSuilí.**

**"Thaitin sé go mór liom foghlaim faoina gcóras cúraim. Thóg mé na madaidh amach ar shiúlóidí, thug mé bia dóibh, ghlan mé a gcuid crónna agus chuidigh mé le freastal ar a gcuid riachtanas sláinte agus cothaithe."**

**"Bhí an cúrsa leagtha amach go han-mhaith," arsa Miranda. "Bhain cuid mhór de na dualgais le madaidh, ach d'amharc muid ar réimse ainmhithe in anatamaíocht." Chuaigh na mic léinn ar thurais allamuigh go háitiúil fosta le bualadh le baill foirne agus foghlaim faoin dóigh a n-oibríonn na hionaid ar chúl stáitse, mar atá Éire Fhiáin i mBun na hAbhann agus Tropical World i Leitir Ceanainn.**

**Dúirt Miranda go raibh sí iontach tógtha leis na modhanna múinte breisoideachais fosta agus leis an dóigh ar léirigh idir mhic léinn agus mhúinteoirí meas ar a chéile. "Dhírigh muid ar an dóigh le fáil fríd an tsiollabas agus chinntigh muid go raibh gach duine ar an leibhéal chéanna… Le rang beag bhí muid ábalta éirí compordach lena chéile agus ní raibh eagla orainn riamh ceist a chur."**

**"Mholfainn an cúrsa PLC i gCúram Ainmhithe mar chéim mhaith ar an aistear, fiú mura bhfuil tú cinnte an bhfuil tú ag iarraidh é a dhéanamh. Beidh a fhios agat roimh i bhfad cé acu atá sé oiriúnach duit nó nach bhfuil," arsa Miranda.**

—


**Miranda Darnell**



# 8.15

## Cumasóige

Is é Cumasóige an clár oideachais, oiliúna agus taithí oibre de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta do dhaoine óga,16-20 bliain d'aois, a d'fhág an scoil go luath nó nár éirigh go maith leo sa chóras oideachais fhoirmiúil.



**Tá sé mar aidhm ag Cumasóige na bunscileanna atá de dhíth faoi choinne tuilleadh foghlama a thabhairt do dhaoine óga agus iad a ullmhú le dul ar aghaidh go dtí breisoideachas/oiliúint nó fostaíocht. Clár lánaimseartha dhá bhliain is ea Cumasóige a chuireann réimse dámhachtainí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar fáil. Tá sé cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.**

**Sonraí an Chúrsa**

**Fad:** Dhá bhliain. Tá polasaí iontrála leanúnaí i bhfeidhm ag Cumasóige ó cheann ceann na bliana. Is féidir iarratas a dhéanamh ag am ar bith den bhliain.

**Suíomhanna:** Béal Átha Seanaidh, Bun Cranncha, Gleann Gad, Gort an Choirce, Leitir Ceanainn/Leifear.

**Costas:** Tá an clár Cumasóige saor in aisce do dhaoine a fhágann an scoil go luath, idir 16 agus 20 bliain d'aois. Íoctar liúntas oiliúna do mhic léinn a dhéanann an cúrsa (€45 faoi láthair do dhaoine 16–17 mbliana d'aois, €232 dóibh siúd atá 18+ mbliana d'aois). Chomh maith leis sin faigheann siad liúntas béile agus taistil de réir mar is cuí.

**Bealaí Chun Cinn:** Is féidir le mic léinn a chríochnaíonn clár Cumasóige dul díreach ar aghaidh agus post a fháil nó tabhairt faoi roghanna breisoideachais agus ardoideachais i gCo. Dhún na nGall agus níos faide i gcéin:

- **Leibhéal 2:** Dul ar aghaidh chuig Leibhéal 3 laistigh de FET.
- **Leibhéal 3:** Dul ar aghaidh chuig Leibhéal 4 laistigh de FET nó fostaíocht.
- **Leibhéal 4:** Dul ar aghaidh chuig Leibhéal 5 laistigh de FET nó chuig roghanna HET nó fostaíocht. Tá rogha iontrála dírí ag Cumasóige chuig an chúrsa Teastas i Staidéir Ullmhúcháin in OTA.

**Teagmhálaí:**

Béal Átha Seanaidh: Paula Burns
Comhordaitheoir Cumasóige
Guthán: 071 9851286

Bun Cranncha: Jayne O Donnell
Comhordaitheoir Cumasóige
Guthán: 074 9362466

Gleann Gad: Jayne O Donnell
Comhordaitheoir Cumasóige
Guthán: 074 9362466

Gort an Choirce: Caitriona Cullen
Comhordaitheoir Cumasóige
Guthán: 074 9135218

Leitir Ceanainn: Gillian Kennedy
Comhordaitheoir Cumasóige
Gníomhach, Guthán: 074 9122585

Leifear: Aidan Callaghan
Comhordaitheoir Cumasóige
Gníomhach, Guthán: 074 91 22585

## Modúil

--

**Cuireann Cumasóige réimse leathan deiseanna foghlama agus oiliúna ar fáil do dhaoine óga. Cuirtear réimse cáilíochtaí náisiúnta QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) ar fáil ag Leibhéil 2 (Foghlaim Ghinearálta), 3 (Scileanna Gnóthaithe Poist) agus 4 (Foghlaim Ghinearálta). I measc na n-ábhar atá i gceist tá: ealaín agus ceardaíocht, lónadóireacht, ríomhaireacht, cúram leanaí, gruagaireacht, sláinte agus folláine, litearthacht, uimhearthacht, scileanna oifige, gníomhaíochtaí allamuigh, forbairt phearsanta, ceardaíocht adhmaid agus i bhfad níos mó. Tá taithí oibre mar pháirt thábhachtach den Chlár Cumasóige fosta. I measc na gcáilíochtaí eile atá ar fáil tá: Bunsláinteachas Bia, CETR, Garchabhair agus Gradaim Gaisce. Ina theannta sin, cuireann ionaid clár cuimsitheach ar fáil maidir le Cur Chun Cinn na Sláinte, rud a chlúdaíonn réimsí ar nós: meabhairshláinte dhearfach, sláinte ghnéis, alcól agus drugaí, sábháilteacht ar bhóithre, saoránacht agus bainistíocht airgid.**

**Leibhéal 2 Foghlaim Ghinearálta**

- Cainníocht agus Uimhreas
- Cumarsáid Neamhbhriathartha
- Éisteacht agus Labhairt
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht
- Scileanna Ríomhaireachta
- Úsáid na Teicneolaíochta

**Riachtanais Iontrála Leibhéal 2:**

**Oideachas:** Níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth cé go mb'fhéidir gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil. Beifear ag súil go mbeidh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 1 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 2.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse bunúsach eolais, scileanna agus inniúlachtaí a léiriú a bhaineann leis an chúrsa agus a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn.

A Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

### Leibhéal 3 Scileanna Gnóthaithe Poist

**Athraíonn modúil ó ionad go hionad ach d'fhéadfadh na cinn seo a leanas a bheith san áireamh:**

- Adhmadóireacht
- Ceardaíocht - Teicstílí
- Ceardaíocht - Adhmad
- Cothú agus Roghanna Sláintiúla
- Cumarsáid
- Cúram a thabhairt do Leanaí
- Cúram agus Cur i Láthair Pearsanta
- Ealaín agus Dearadh
- Éifeachtacht Phearsanta
- Foilsitheoireacht Deisce
- Gnásanna Oifige
- Inniúlacht ar Ríomhairí
- Matamaitic
- Matamaitic Fheidhmeach
- Miotalóireacht
- Próiseáil Focal
- Scarbhileoga
- Scileanna Báisín Gruagaireachta
- Scileanna Foirgníochta
- Scileanna Idirlín
- Scileanna Pearsanta agus Idirphearsanta
- Sláinte agus Folláine
- Taithí Oibre
- Uimhreacha a Úsáid
- Ullmhúchán Gairme

**Riachtanais Iontrála Leibhéal 3:**

**Oideachas:** Ní gá d'iarratasóirí aon cháilíocht fhoirmiúil a bheith acu le cur isteach ar Chumasóige.

**Mianach:** Mic léinn atá sásta tabhairt faoi thascanna úra, treoir a leanúint agus atá ag bogadh i dtreo foghlaim neamhspleách.

**Taithí roimhe seo:** Ní gá taithí a bheith ag iarratasóirí roimh ré. Oiriúnach do mhic léinn ar mian leo bogadh i dtreo fostaíochta nó breisoideachais agus oiliúna trí mhórdhámachtain QQI Leibhéal 3 a bhaint amach.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Riachtanais Iontrála Leibhéal 4:**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 4. Seans gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn agus caithfidh siad a bheith in ann oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

### Leibhéal 4 Foghlaim Ghinearálta

**Athraíonn modúil ó ionad go hionad ach d'fhéadfadh na cinn seo a leanas a bheith san áireamh:**

- Béarla agus Cumarsáid
- Bia agus Cothú
- Bitheolaíocht
- Ceardaíocht Adhmaid
- Feasacht Inbhuanaitheachta Timpeallachta
- Feidhmchláir Ríomhaire
- Forbairt agus Súgradh Leanaí
- Líníocht
- Matamaitic
- Oibriú mar Fhoireann
- Pleanáil Gairme
- Próisis Ceardlainne Innealtóireachta
- Próiseáil Focal
- Péintéireacht Mínealaíne
- Matamaitic Fheidhmeach
- Sláinte de bhun Aclaíochta
- Scileanna Teicneolaíochta Faisnéise
- Forbairt Phearsanta agus Idirphearsanta
- Éifeachtacht Phearsanta
- Teicstílí
- Taithí Oibre

**D'éirigh le Pierce Butler tabhairt faoi chéim sa Dlí buíochas le tacaíocht ó Chumasóige, cé gur fhág sé an mheánscoil sa cheathrú bliain.**

Bhí Pierce tinn go minic agus é ar an mheánscoil. Chaill sé an chuid is mó den tríú bliain dá bharr sin agus ní raibh sé sásta ar chor ar bith nuair a bhí air an ceathrú bliain a dhéanamh arís. Mar sin, d'fhág sé an scoil. Ní raibh sé ag iarraidh go mbeadh a shaol acadúil thart go fóill, áfach.

**"Shíl mé go raibh an scéal thart, go raibh deireadh le mo chuid oideachais, go dtí gur mhol cara de mo chuid Cumasóige dom."**

"Rud éigin le déanamh" an dóigh ar amharc Pierce ar an chlár ag an tús le tacaíocht ó liúntas oiliúna seachtainiúil ach go gairid i ndiaidh dó tosú ag ionad Ghort an Choirce, d'fhoghlaim sé gur eispéireas sárluachmhar a bhí ann maidir le foghlaim agus féinfhorbairt.

**"Tá mé iontach go deo sásta go ndearna mé cúrsa Cumasóige, cé gur thosaigh mé ag gabháil dó ag an tús ar chúiseanna fánacha, sa deireadh thiar thall tá sé ar cheann de na cinntí is fearr atá déanta agam i mo shaol go dtí seo," ar seisean.**

**Tá disléicse ar Pierce agus thaitin an dóigh ar múineadh gach ábhar leis "Tugtar an oiread sin bealaí foghlama duit ar chúrsa Cumasóige nach dtig leat a fháil i scoileanna," a mhínigh Pierce.**

**"Ní thiocfadh leis an struchtúr a bheith níos fearr. Tá an cur chuige i bhfad níos pearsanta. Tá céad ainm an teagascóra agat agus ní miste leo má úsáideann tú a gcéad ainm. Bhí mise i bhfad níos dáiríre faoi mar go raibh muid ag feidhmiú ar bhonn meas ar a chéile. Níl dabht ar bith ach go nglacann na teagascóirí an t-am le tú a spreagadh agus le cuidiú leat ábhar a thuiscint i gceart."**

Bhain Pierce an-tairbhe as na méideanna beaga ranganna fosta agus as an eilimint 'scileanna saoil' den chlár.

**"An rud greannmhar faoi Chumasóige domsa, i dtreo dheireadh an chúrsa, go raibh mé níos sásta le cé chomh mór agus a d'fhorbair mé féin mar dhuine, ní hamháin sa dóigh ar thosaigh mé le cúrsaí acadúla arís, chuir mé go mór le m'fhéinmhuinín, le scileanna idirphearsanta, rudaí atá tábhachtach sa tsaol," ar seisean.**

Bhain sé cáilíochtaí QQI Leibhéal 3 agus 4 amach, a chuidigh leis tús a chur lena thuras tríd an chlár áitiúil Rochtana tríú leibhéal a thug blaiseadh dó de na cúrsaí atá ar fáil ansin. Ón chéad lá, bhí a fhios aige gurbh é Dlí an cúrsa ceart dó féin.

**"Gan Chumasóige, ní bheinnse ar an ollscoil. Tá sé sin fíor gan dabht. Ní gá duit dul chuig an ollscoil le bheith sásta sa tsaol, ach sílim go mbeinnse an-chrua orm féin ar feadh mo shaoil dá mba rud é nach ndearna mé iarracht."**

—

**Pierce Butler**



# 9.0

## Cúrsaí Páirtaimseartha




| | | |
|---|---|---|
| **9.1** | Riarachán, Gnó & Airgeadas | L125 |
| **9.2** | Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh | L133 |
| **9.3** | Cúram Custaiméirí | L138 |
| **9.4** | Cúram agus Oideachas na Luath-Óige | L142 |
| **9.5** | Innealtóireacht & Déantúsaíocht | L148 |
| **9.6** | Foghlaim Teaghlaigh | L154 |
| **9.7** | Foghlaim Ghinearálta | L164 |
| **9.8** | Scileanna Glasa | L172 |
| **9.9** | Gruagaireacht & Scéimh | L175 |
| **9.10** | Sláinte & Cúram Sóisialta | L181 |
| **9.11** | Gairneoireacht | L190 |
| **9.12** | TF & Ríomhaireacht | L195 |
| **9.13** | Teangacha | L207 |
| **9.14** | Cláracha Gairmiúla | L217 |
| **9.15** | Spórt, Áineas & Aclaíocht | L220 |
| **9.16** | Iompar | L223 |
| **9.17** | Rannpháirtíocht Lucht Fiontraíochta | L225 |
| **9.18** | Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) | L227 |



# 9.1

## Riarachán, Gnó & Airgeadas



# Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe

**Beidh spéis ag daoine ar mian leo foghlaim faoi bhunchleachtais chuntasaíochta sa chúrsa seo; cúrsa QQI Leibhéal 5 atá ann a bhfuil modúl amháin i gceist leis. Tá sé mar aidhm ag an dámhachtain seo an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do mhic léinn le taifid leabharchoimeádta bheachta a chur le chéile agus a choinneáil do réimse eagraíochtaí. Dearadh an cúrsa seo le córais láimhe agus ríomhairithe araon a chur san áireamh agus clúdaíonn sé téarmaíocht ghaolmhar agus réimse cáipéisí lena n-áirítear: sonraisc, nótaí creidmheasa, taifid bhainc, mionairgead, CBL mar aon le mórleabhair agus comhardú trialach agus imréiteach bainc.**

**Modúil**

— Ionduchtú
— Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa i dteideal cur isteach ar an Mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 5 i Riarachán Gnó mar aon le réimse leathan cúrsaí breisoideachais agus oiliúna eile. De rogha air sin, is féidir le hiarratasóirí rathúla post a fháil go díreach i ndiaidh an chúrsa.

**Costas (Oíche):** €300.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Costas (Lá):** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

— A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
— Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
— A bhfuil cárta leighis acu
— Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

**Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Tá scileanna maithe uimhriúla agus cumarsáide riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht (oíche):** Stádas fostaíochta a shocróidh incháilitheacht.
**Cáilitheacht (lá):** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal (Ardteistiméireacht nó a comhionann) agus cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** Oíche – 15 seachtaine (1 tráthnóna in aghaidh na seachtaine) nó Lá – 12 sheachtain (1 mhaidin in aghaidh na seachtaine)
***d'fhéadfadh athrú a theacht ar fhad an chúrsa**

**Suíomh:** Leitir Ceanainn, Srath an Urláir agus suíomhanna eile

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500 (rang oíche)

Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571 (rang lae)

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta comhionann le NFQ Leibhéal 4 ag iarratasóirí agus clár Leibhéal 5 á dhéanamh acu.

**Mianach:** Tá scileanna maithe uimhriúla agus cumarsáide ríthábhachtach, lena n-áirítear cumas briathartha agus cumas scríbhneoireachta sa Bhéarla. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama, go mbeadh suim acu san ábhar agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí roimhe seo:** Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach orthu (Ardteistiméireacht nó a coibhéis).

**Fad*:** 36 seachtain
* féadfaidh fad athrú
**Suíomh:** Baile na nGallóglach, Srath an Urláir agus suíomhanna eile

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce do dhaoine:

— nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach orthu
— -a bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil acu
— a bhfuil cárta leighis iomlán acu
— atá sa lucht saothair gan scileanna ar ardleibhéal agus a bhfuil deiseanna ag teastáil uathu feabhas a chur ar a gcuid scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm bheatha.

Bíonn táillí le híoc ag iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

# Leabharchoimeád agus Párolla
## (Láimhe agus Ríomhairithe)

**Maidir leis an chúrsa seo ar Leibhéal 5 de QQI, beidh suim ag na daoine sin a bhfuil fonn orthu foghlaim faoi bhunchleachtais chuntasaíochta agus a bhfuil suim acu in oibriú i bpárolla agus/nó i bpoist i gcuntasaíocht ghinearálta. Is é aidhm an chúrsa ná cur ar chumas mac léinn an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fhorbairt le go mbeadh siad in ann oibriú go neamhspleách agus/nó faoi mhaoirseacht i raon réimsí i ngnó, airgeadas agus TF ionas go mbeidh siad spreagtha chun deiseanna oibre nó oideachas breise agus oiliúint sna hearnálacha sin a fhiosrú. Clúdaítear sa mhodúl leabharchoimeádta téarmaíocht ghaolmhar agus raon cáipéisí lena n-áirítear sonrasc, nótaí creidmheasa, taifid bhainc, mionairgead agus CBL chomh maith le mórleabhair agus comhardú trialach agus imréiteach bainc. Clúdaítear sa mhodúl párolla príomhréimsí amhail téarmaíocht ghaolmhar, an cáinchóras, teidlíochtaí fostaithe maidir le pá agus saoire bhliantúil, creidmheasanna cánach, asbhaintí reachtúla agus asbhaintí neamhreachtúla, ioncam agus reachtaíocht gan ach roinnt bheag a lua.**

**Modúil***
— Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe
— Párolla Láimhe agus Ríomhairithe

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealach Dul Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa seo incháilithe chun iarratas a chur isteach ar an Mhórdhámhachtain sa Riarachán Gnó ar Leibhéal 5 de QQI mar aon le raon leathan de chúrsaí oideachais agus oiliúna breise eile. Mar mhalairt air sin, tig le hiarrthóirí ar éirigh leo dul ar aghaidh chuig fostaíocht go díreach.

# Riaracháin Gnó

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa QQI Leibhéal 5 seo, a bhfuil aon mhodúl amháin i gceist leis, an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do mhic léinn maidir leis na riachtanais riaracháin atá ag réimse eagraíochtaí le mic léinn a chumasú le hoibriú go héifeachtach faoi stiúir i réimse comhthéacsanna riaracháin. Clúdóidh an cúrsa eochair-réimsí ar nós feidhm ghnó i roinnt mhaith comhthéacsanna eagraíochta éagsúla, córas cáilíochta, maoiniú agus feidhm AD mar aon le feidhmeanna bainistíochta, coimeád taifead agus tuairiscithe a chomhlíonadh gan ach cuid acu a lua.**

**Modúil**

— Ionduchtú
— Riaracháin Gnó

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa i dteideal cur isteach ar an Mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 5 i Riarachán Gnó mar aon le réimse leathan cúrsaí breisoideachais agus oiliúna eile. De rogha air sin, is féidir le hiarratasóirí rathúla post a fháil go díreach i ndiaidh an chúrsa.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Tá scileanna maithe uimhriúla agus cumarsáide riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 15 seachtaine (1 oíche in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn agus suíomhanna eile, b'fhéidir, ag brath ar éileamh.

**Costas:** €170.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Párolla Láimhe agus Ríomhairithe

**Tá an cúrsa QQI Leibhéal 5 seo, a bhfuil aon mhodúl amháin ann, dírithe orthu siúd atá ag iarraidh oibriú i bpárolla agus/nó i bpoist ghinearálta chuntasaíochta. Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht chuí a thabhairt don fhoghlaimeoir le taifid párolla chruinne a chur ar fáil agus a choinneáil d'eagraíocht ag úsáid córais láimhe agus ríomhairithe araon, ag obair faoi threoir ghinearálta agus faoi mhaoirseacht duine. Clúdóidh an cúrsa príomhréimsí ar nós: téarmaíocht ghaolmhar, an córas cánach, teidlíochtaí fostaithe maidir le pá agus saoire bhliantúil, creidiúintí canach, aisbhaintí reachtúla agus neamhreachtúla, ioncam agus reachtaíocht gach ach roinnt bheag a lua.**

**Modúil**

— Ionduchtú
— Párolla Láimhe agus Ríomhairithe

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa i dteideal cur isteach ar an Mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 5 i Riarachán Gnó mar aon le réimse leathan cúrsaí breisoideachais agus oiliúna eile. De rogha air sin, is féidir le hiarratasóirí rathúla post a fháil go díreach i ndiaidh an chúrsa.

**Fad*:** Oíche –15 seachtaine
(1 tráthnóna in aghaidh na seachtaine)
nó Lá –10-38 seachtaine
*d'fhéadfadh athrú a theacht ar fhad an chúrsa
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500 (rang oíche)

Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571 (rang lae)

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Tá scileanna maithe uimhriúla agus cumarsáide riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht (oíche):** Stádas fostaíochta a shocróidh incháilitheacht.
**Cáilitheacht (lá):** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal (Ardteistiméireacht nó a comhionann) acu agus cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Costas (Oíche):** €300.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Costas (Lá):** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

— A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
— Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
— A bhfuil cárta leighis acu
— Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm.

**Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.**

**Oideachas:** Tá Teastas Bhonnchúrsa PRINCE2 sa Bhainistíocht Tionscadal dírithe ar bhainisteoirí tionscadal agus ar dhaoine ar mhaith leo feidhmiú mar bhainisteoirí tionscadal agus atá ag iarraidh bonncháilíocht a bhaint amach sa Bhainistíocht Tionscadal.

**Mianach:** Tá teastas Bhonnchúrsa PRINCE2 oiriúnach d'aon duine atá ag bainistiú tionscadal.

**Taithí roimh ré:** Dírithe ar bhainisteoirí tionscadal, ar dhaoine ar mhaith leo feidhmiú mar bhainisteoirí tionscadal agus ar aon duine a bhainistíonn tionscadail.

**Fad:** Oíche – 16 seachtaine
(1 tráthnóna in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Ar líne

**Costas (Oíche):** €350.00 */**
* Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
** Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Bonnchúrsa PRINCE2
## (Bainistíocht Tionscadal)

**Díríonn Bonnchúrsa PRINCE2 ar an eolas teoiriciúil maidir leis an dóigh le tionscadail a phleanáil, a bhainistiú agus a sheachadadh ó thús go deireadh. Tá an teastas dírithe ar bhainisteoirí tionscadal reatha nó ar dhaoine atá ag iarraidh feidhmiú sa ról sin nó ar ghairmithe a bhainistíonn tionscadail. Tá sé ábhartha fosta d'eochairbhaill foirne eile atá páirteach i dtionscadail a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh lena n-áirítear baill Bord Tionscadal (m.sh. Úinéirí Sinsearacha Freagracha), Bainisteoirí Foirne (m.sh. Bainisteoirí Seachadta Táirgí), Dearbhú Tionscadal (m.sh. Anailísithe Athraithe Gnó), Tacaíocht Tionscadal (m.sh. pearsanra Tionscadal agus Oifig an Chláir) agus bainisteoirí líne oibríochtúla/foireann oibríochtúil.**

**Modúil**

— Teastas Bhonnchúrsa PRINCE2 sa Bhainistíocht Tionscadal

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil Bhonnchúrsa PRINCE2 sa Bhainistíocht Tionscadal beidh rannpháirtithe atá ag oibriú mar bhainisteoirí tionscadal nó daoine atá ag iarraidh feidhmiú sa ról sin ábalta tionscadail a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh agus prionsabail, téamaí agus próisis úra a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí. Tá pas ag Bonnleibhéal ina réamhriachtanas le haghaidh theastas an Chleachtóra.

**Oibríonn Dylan McCroary le Grant Thornton, ceann de na gnólachtaí seirbhísí gairmiúla is mó in Éirinn. D'fhreastail sé ar ranganna oíche go cianda ó Bhaile Átha Cliath agus é ag déanamh Bonnchúrsa PRINCE2 (Bainistíocht Tionscadal):**

**"Ba é PRINCE2 ceann de na príomhrudaí a pléadh le linn m'agallaimh le haghaidh Grant Thornton. Bhí sé go hiontach go raibh sé ar mo CV cheana agus sílim gur chuidigh sé liom seasamh amach," arsa Dylan.**

**"Tá sé go hiontach an deis a bheith ag daoine staidéar a dhéanamh lena aghaidh i nDún na nGall de bharr go bhfuil an cháilíocht chomh haitheanta sin ar fud an domhain."**

Tugann PRINCE2 an bonn is fearr do dhaoine cosúil le Dylan le tionscadal a bhainistiú leis na torthaí is fearr a bhaint amach.

**Arsa seisean: "Leanann muid PRINCE2 le haghaidh fhormhór na dtionscadal. Is creat solúbtha é ar féidir é a chur in oiriúint le freastal ar riachtanais na gcliant. Níl mé ag bainistiú tionscadal go fóill, ach má thuigeann tú láithreach bonn cad atá i gceist, cad iad na doiciméid agus tuarascálacha atá ag dul a bheith á dtaifeadadh le linn an phróisis. Is féidir leat a bheith níos réamhghníomhaí mar go bhfuil tú compordach cheana féin leis an dóigh a bhfuil an tionscadal ag dul a oibriú amach."**

Baineann sé úsáid as seacht bprionsabal, téamaí agus próisis PRINCE2 ar bhonn laethúil agus é ag obair ar thionscadail ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha araon:

**"Is rud iontach é a dhéanamh, bhí eispéireas ar dóigh agam le ETB Dhún na nGall agus ní bheadh aon leisce orm é a mholadh do dhuine ar bith."**

—

**Dylan McCroary**

# Cánachas

**Níl ach modúl amháin i gceist sa chúrsa seo agus tá sé mar aidhm aige an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a thabhairt do mhic léinn maidir le córas Cánach na hÉireann agus na próisis a bhaineann leis. Chomh maith leis sin cumasóidh sé mic léinn le réimse gníomhaíochtaí nóis imeachta, comhairliúcháin agus comhlíontachta cánach a dhéanamh do réimse eagraíochtaí.**

**Modúil**

— Cánachas

**Bealaí Chun Cinn:** Má éiríonn le mic léinn an dámhachtain seo a bhaint amach beidh siad ábalta dul ar aghaidh agus tabhairt faoi chláir ábhartha eile a bhfuil dámhachtainí ag an chéad leibhéal eile nó ag leibhéil níos airde den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí mar thoradh orthu.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh NFQ Leibhéal 4 nó a chomhionann ag iarratasóirí atá ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.


**Fad:** Oíche – 15 seachtaine
(1 tráthnóna in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas (Oíche):** €300.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má ta tú ag fáil íocaíochta ón RCS, seans go mbeidh tú i dteideal tarscaoileadh táillí. Déan teagmháil le d'oifig áitiúil Intreo agus beifear ábalta tú a threorú i gceart.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# 9.2

## Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh



# Scileanna Ealaín agus Dearadh

**Is é móraidhm an chúrsa QQI Leibhéal 5 seo mic a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim le tabhairt faoi réimse cleachtas ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh agus le dul ar aghaidh agus cúrsa breisoideachais, ardoideachais nó oiliúna a dhéanamh.**

**Modúil***

— Líníocht
— Péinteáil

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo dul ar aghaidh chuig cúrsaí agus cláir bhreisoideachais agus ardoideachais chuí nó d' fhéadfadh aid post a fháil san earnáil ealaíon cruthaitheach.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 28 seachtain
**Suíomh:** Srath an Urláir

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

— A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
— Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
— A bhfuil cárta leighis acu
— Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571





# Grianghrafadóireacht Dhigiteach agus Scileanna Deartha Ghrafaigh

**Dearadh an cúrsa QQI Leibhéal 5 (modúil chomhpháirte) seo le mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhaineann leis an phróiseas deartha ghrafaigh a fhoghlaim mar aon le scileanna grianghrafadóireachta digití a thabhairt do mhic léinn. Tá an cúrsa seo iontach go deo maith dóibh siúd ar spéis leo Dearadh Grafach agus ar mhaith leo dul ar aghaidh chuig staidéar breise nó slí bheatha a bhaint amach sa réimse sin.**

**Modúil***

— Grianghrafadóireacht Dhigiteach
— Scileanna Deartha Ghrafaigh

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo tabhairt faoi chúrsaí agus faoi chláir bhreisoideachais agus ardoideachais chuí nó d'fhéadfadh siad post a fháil san earnáil ealaíon cruthaitheach agus gníomh-ealaíon. D'fhéadfadh na deiseanna gairme seo a leanas a bheith san áireamh: dearthóir grafach nó dearthóir grafaicí gluaisne, riarthóir ealaíon nó léiriú/taibheoir amharclainne.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá ardscileanna cumarsáide, ó bhéal agus i scríbhinn, riachtanach.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

**Fad:** 37 seachtain
**Suíomh:** Srath an Urláir

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

— A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
— Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
— A bhfuil cárta leighis acu
— Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571



**Bhain Debbie Pearson céim Leibhéal 8 amach san Fhaisean le Cur Chun Cinn, agus bronnadh an teideal Dearthóir na Bliana uirthi as a clár sa tríú bliain. Thosaigh an turas iontach sin roinnt blianta ó shin le cúrsa Ealaíne agus Dearaidh QQI Leibhéal 5 le Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) ETB Dhún na nGall.**

Bhí Debbie i gcónaí ag obair san earnáil miondíola, ag díriú ar fhaisean agus ar choisbheart, ach druideadh cuid de na háiteanna a raibh sí ag obair iontu, agus i ndiaidh na hiomarcaíochta deirí sa bhliain 2015, chaill sí a misneach.

Tugadh tacaíocht di maidir lena chéad chéim eile a roghnú agus chinn sí ar an bhealach ealaíonta, de bharr gur bhain sí A amach san Ealaín ar scoil agus chuir sí isteach ar chúrsa páirtaimseartha QQI Leibhéal 5 ag Ionad FET an ETB i Srath an Urláir.

A luaithe agus a thosaigh sé ag freastal ar na ranganna, mhothaigh sí an-chompordach ar fad: **"Bhí mo chroí istigh ann. Tá mé fós mór le gach duine a ndearna mé an cúrsa leo,"** arsa sise.

D'fhóir an struchtúr páirtaimseartha go maith do Debbie, de bharr go raibh iníon aici ar an bhunscoil ag an am.

**"Chríochnaigh mé ag 2.00.i.n. agus thiocfadh liom m'iníon a bhailiú ag 3.00i.n. Bhí muid sa tseomra ranga trí lá sa tseachtain, mar sin bhí na laethanta eile agam le breith suas le rudaí. Agus mé ag amharc siar anois, bhí an t-ualach oibre soláimhsithe. Nuair a bhíonn dúil agat sa rud atá tú a dhéanamh, bíonn sé i bhfad níos fusa.**

Molann Debbie a múinteoir, Cróna Kerr, go hard na spéire. Stiúir Cróna na mic léinn ar fad tríd an dá bliain.

**"Thiocfadh le Cróna láidreachtaí agus laigí gach duine a fheiceáil. Tugann sí an muinín duit tabhairt faoin rud is fearr a dhéanann tú,"** arsa Debbie.

**"Ní raibh mise riamh ag smaoineamh ar dhul go dtí an ollscoil, ach lá amháin tháinig Cróna chugam: "Cuir isteach air", rud a rinne mé. Chuir mé isteach ar chúrsa grafaicí agus ba é an deireadh a bhí air ná go raibh roghanna oscailte dom nuair a thosaigh mé. Sin an t-am ar shocraigh mé go ndéanfainn staidéar ar fhaisean.**

Anois, i ndiaidh ceithre bliana d'Fhaisean le Cur Chun Cinn, faigheann Debbie amach go n-úsáideann sí a scileanna dearaidh ghrafaigh ar bhonn laethúil.

**"Is priontaí iad mo chuid dearthaí uilig agus spreag grafaicí iad. Tá mé tógtha le maisiúchán faisin, agus ba é Cróna a thosaigh mé ar Illustrator agus ar Macs".**

D'ullmhaigh taithí Debbie le ETB Dhún na nGall go maith í don ollscoil, agus chuaigh sí i dtaithí ar an fhoghlaim mar mhac léinn aibí go furast. **"Bhí treoracha againn, bhí muid cleachta le treoirlínte, mar sin tháinig sé go nádúrtha liom a luaithe agus a thosaigh mo chéim."**

Roghnaíodh bailiúchán Debbie, Seanré Reitreo dheireadh na bliana 2021, le Gradam Dearthóir Faisin Faoi Oiliúint McElhinney a bhaint, agus bhí a cuid dearthaí le feiceáil i bhfuinneog thosaigh an tsiopa ilranna.

**"Tá mé chomh sásta go bhfuair mé an fad seo. Bhí an cúrsa ETB ar cheann de na rudaí is fearr a thiocfadh liom a dhéanamh. Gan é, ní raibh seans ar bith ann go rachainn ar ollscoil. D'oscail sé na doirse dom."**

—
**Debbie Pearson**

# 9.3

## Cúram Custaiméirí



# Seirbhís do Chustaiméirí

**Tá an cúrsa QQI Leibhéal 4 seo, a bhfuil modúl amháin ann, dírithe ar dhaoine atá ag iarraidh eolas agus scileanna praiticiúla a fhoghlaim maidir le cumarsáid le custaiméirí, riachtanais custaiméirí a shainaithint agus a mheas agus déileáil le ceisteanna go héifeachtach ar bhealach gairmiúil, ag dul i dtaithí ar thimpeallacht ar bith chun na críche sin.**

**Modúil**

— Seirbhís do Chustaiméirí

Bealaí Chun Cinn: Beidh na scileanna agus an inniúlacht ag mic léinn a chríochnóidh an cúrsa seo le tascanna agus próisis a chur i gcrích, le déileáil le roghanna agus le cinnteoireacht agus le buanna, cumais agus spéiseanna a aithint. D'fhéadfadh siad post bunleibhéil a fháil agus/nó tabhairt faoi bhreisoideachas agus oiliúint.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 4. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse eolais, scileanna agus inniúlachtaí a léiriú a bhaineann leis an chúrsa agus a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 16–20 seachtain
(2 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach,
Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall,
Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall,
Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# Slándáil Dorais agus Cleachtais Scileanna Gardála Slándála

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa QQI Leibhéal 4 seo na scileanna, an meon agus an t-eolas gaolmhar a thabhairt do mhic léinn atá de dhíth le seirbhísí gardála agus slándála dorais a chur ar fáil. Tá an cúrsa deartha le riachtanais an tionscail a shásamh maidir le hiarratasóirí atá cáilithe go cuí le hoibriú ar bhealach sábháilte agus iad ag cloí le riachtanais rialála sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le dualgais agus le freagrachtaí lucht slándála dorais. Ní ceadúnas chun cleachtadh iad na dámhachtainí seo—beidh ar rannpháirtithe iarratas a chur isteach, ar a gcostas féin, ar an cheadúnas chun cleachtadh nuair a bheidh an cúrsa seo críochnaithe go rathúil acu.**

**Modúil***

— Scileanna Slándála Dorais
— Scileanna Gardála Slándála

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: D'fhéadfadh céimithe an chúrsa seo post a fháil go díreach ina dhiaidh faoi mhaoirseacht sa tionscal slándála príobháidí mar Oifigeach Slándála agus/nó mar Gharda Slándála Dorais, oilte i dteicnící nua-aimseartha gardála slándála agus/nó tabhairt faoi bhreisoideachas agus oiliúint.

**Oideachas:** Caithfidh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bheith ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 Mórdhámhachtain (caighdeán an Teastais Shóisearaigh) nó a chomhionann.

**Mianach:** Tá scileanna maithe uimhriúla agus cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh, mar aon le scileanna maithe cumarsáide riachtanach.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Caithfidh iarratasóirí a bheith thar 18 mbliana d'aois le cur isteach ar an chúrsa seo agus beifear ag súil go bhfaighidh siad trí Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le háit a fháil ar an chúrsa seo. De réir rialacháin úra PSA (an tÚdarás Slándála Príobháidí), ní mór d'iarratasóirí, nach é Béarla an chéad teanga atá acu, pas a fháil i dtriail oilteachta Béarla roimh thus an chúrsa. Sa chás go dtugtar graid trasna roinnt modúl, mar shampla, léamh, scríobh agus labhairt, caithfear an t-íosmhéid atá de dhíth a bhaint amach i ngach modúl. Caithfidh mic léinn a dtriail féin a eagrú agus fianaise den triail a chur ar fáil agus iad ag clárú don chúrsa. Ba chóir d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh linn le níos mó eolais a fháil maidir le liosta na dtrialacha faofa atá leagtha amach ag an PSA.

**Fad:** 14 seachtaine
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Cost:** €360.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Scileanna Infhostaitheachta (Miondíol)

**Tugann an clár seo an deis do dhaoine fásta an mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 3 seo uilig nó cuid di (3M0935) a bhaint amach le fócas ar scileanna miondíola. Dearadh an t-ábhar seo le mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a fhoghlaim le réimse scileanna agus uirlisí a úsáid. Cumasaíonn an cúrsa mic léinn le cáilíochtaí agus láidreachtaí pearsanta a fhorbairt le roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le deiseanna fostaíochta san earnáil miondíola nó tabhairt faoi bhreisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

- Ullmhúchán Gairme
- Cumarsáid
- Scileanna Idirlín
- Matamaitic
- Éifeachtacht Phearsanta
- Eolas Earnála Miondíola
- Miondíolacháin - Bunchúrsa
- Próiseáil Focal
- Taithí Oibre

*athraíonn modúil ó ionad go hionad agus, ag brath ar éileamh, d'fhéadfaí meascán de mhéid níos lú modúl a thairiscint i ndámhachtain ilchodach.

Bealaí Chun Cinn: Beidh na scileanna agus an inniúlacht ag céimithe an chúrsa seo le tascanna agus próisis a chur i gcrích, le déileáil le roghannna agus le cinnteoireacht agus le buanna, cumais agus spéiseanna pearsanta a aithint. D'fhéadfadh siad post bunleibhéil a fháil go díreach i ndiaidh an chúrsa agus/nó tabhairt faoi bhreisoideachas agus oiliúint.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 2 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 3. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse eolais, scileanna agus inniúlachtaí a léiriú a bhaineann leis an chúrsa agus a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 30–50 seachtain
(2–3 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonnn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach, Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall, Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall, Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# 9.4

## Cúram agus Oideachas na Luath-Óige



# Iompar Dúshlánach

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa pháirtaimseartha seo mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim le hoibriú go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht i réimse suíomhanna Cúraim agus Oideachais na Luath-óige (ECCE) agus/nó tacú leo dul ar aghaidh agus cúrsa ardoideachais nó oiliúna a dhéanamh.**

**Modúil*:**

— Iompar Dúshlánach

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Beidh na scileanna agus an inniúlacht ag mic léinn a chríochnóidh an cúrsa seo le tascanna agus próisis a chur i gcrích, le déileáil le roghannna agus le cinnteoireacht agus le buanna, cumais agus spéiseanna a aithint. D'fhéadfadh siad tabhairt faoi bhreisoideachas agus oiliúint sa réimse seo fosta.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5. Tá inniúlacht CTET ag B2 de dhíth le tabhairt faoi chúrsaí ag Leibhéal 5 dóibh siúd nach é Béarla a gcéad teanga; tá riachtanais iontrála na mac léinn aibí ar fáil ón ETB áitiúil. D'fhéadfadh riachtanais bhreise a bheith ann d'Iarratasóirí nach de chuid an AE/LEE iad agus d'fhéadfadh táillí iomlána idirnáisiúnta a bheith i gceist.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 14–18 seachtaine
**Suíomh:** Srath an Urláir

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

— A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
— Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
— A bhfuil cárta leighis acu
— Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

# Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

**Tá an cúrsa mórdhámhachtana dhá bhliain QQI Leibhéal 5 seo dírithe ar dhaoine ar spéis leo post a fháil san earnáil cúraim leanaí. Cuirfidh an clár an t-eolas, na scileanna agus an cháilíocht ar fáil le mic léinn a ullmhú le haghaidh poist i suíomh oibre ar nós ionad cúraim lae, crèche/naíolann, áiseanna réamhscoile/iarscoile, naíscoil, cúntóir riachtanas speisialta nó mar fheighlí leanaí gairmiúil ar bhonn príobháideach. Díríonn an cúrsa ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí atá de dhíth ar fhostóirí a fhorbairt agus caithfidh mic léinn taithí oibre chuí a dhéanamh mar pháirt den chúrsa. Tabharfaidh an socrúchán oibre deiseanna riachtanacha do mhic léinn le teoiric a cheangal le cleachtas faoi stiúir cúramóra leanaí a bhfuil taithí aige/aici.**

**Modúil*:**

- Cearta, Reachtaíocht agus Rialacháin maidir le Páistí
- Curaclam, Súgradh agus Staidéar Cruthaitheach
- Fás agus Forbairt na Luath-Óige
- Cúram Iomlánaíoch ar Pháistí, 0-6 Bliana
- Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige
- Ag Cuidiú le Páistí a bhfuil Riachtanais Bhreise Acu agus Iad a Thuiscint

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo dul díreach ar aghaidh agus post a fháil in earnáil na Luathbhlianta nó mar SNA; tá deiseanna fostaíochta ar fáil i suíomhanna ar nós grúpaí súgartha/naíonraí, crèche, áiseanna réamhscoile/iarscoile, naíscoileanna, cúntóir riachtanas speisialta nó mar fheighlí leanaí gairmiúil le teaghlach ar bhonn príobháideach. De rogha air sin, is féidir leo tabhairt faoi chúrsa breisoideachais le ETB Dhún na nGall, nó faoi chúrsa ardleibhéil in ollscoil tríú leibhéal.

**Fad:** Dhá bhliain
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

- A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
- Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
- A bhfuil cárta leighis acu
- Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

**Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.**

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5. Níltear ag súil go mbeidh eolas ná taithí ar earnáil foghlama agus cúraim na luath-óige ag iarratasóirí agus iad ag cur isteach ar an chlár ach táthar ag súil go mbeidh iarratasóirí ábalta a léiriú go bhfuil spéis acu sa réimse. Tá inniúlacht íosta Béarla, teanga agus litearthachta, de B2 sa scríbhneoireacht, léitheoireacht, éisteacht agus labhairt ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) de dhíth ar iarratasóirí ag tús an chláir do chainteoirí Béarla mar dhara teanga nó mar theanga eile.

**Mianach:** Tá an clár seo dírithe orthu siúd ar spéis leo gairm i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige le páistí ó 0-6 bliana d'aois, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfaí spéis a bheith acu in obair mar chleachtóir foghlama agus cúraim na luath-óige nó dóibh siúd ar mian leo tabhairt faoi chúrsa ardoideachais sa réimse sin.

**Taithí roimh ré:** Ba chóir go mbeadh spéis ag iarratasóirí sa dóigh ar chóir aire a thabhairt do leanaí agus do pháistí, lena n-áirítear iad siúd ar spéis leo oibriú san earnáil ELC. Ba chóir go mbeadh siad spreagtha le foghlaim agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. I measc na ndaoine a mbeadh spéis acu sa chúrsa seo tá cuardaitheoirí poist, iad siúd atá ag athrú a gcuid gairmeacha nó iad siúd ar spéis leo oibriú san earnáil agus ar mian leo a gcuid scileanna a fhorbairt agus/nó cáilíochtaí a fháil.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571


EARLY CHILDHOOD EDUCATION & PLAY
EILIS FLOOD & CATRIONA HARDY


EARLY CHILDHOOD EDUCATION & PLAY
Assisting Children with Special Needs
An Irish Perspective
CHILD HEALTH & WELL-BEING
DIVERSITY & EQUALITY IN EARLY CHILDHOOD
EARLY CARE & EDUCATION PRACTICE

# Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

## - Ardteastas Chéim 2

**Tá an cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain seo, atá ar Leibhéal 6 de QQI, deartha chun cur ar chumas mac léinn an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fhorbairt chun a bheith in ann oibriú mar chleachtóirí neamhspleácha, faoi réir maoirseachta cleachtais, a chuireann riachtanais iomlánaíocha na bpáistí atá suas le sé bliana d'aois chun cinn agus a thacaíonn leo, agus/nó a ghlacann freagracht as seomra nó limistéar i dtimpeallacht Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach dámhachtainí creidiúnaithe iad na sé mhodúl cláir éigeantacha as a gceart féin. Ní bhronnfar an tArdteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige ach i gcás ina gcríochnófar Céim a hAon den Chlár go rathúil agus na sé Mhodúl Cláir éigeantacha uilig i gCéim a Dó.**

**Modúil***

— Socrúchán Ardchleachtais Ghairmiúil i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige
— Curaclam agus Oideolaíocht
— Foghlaim agus Cúram Ionchuimsitheach na Luath-Óige
— Socheolaíocht agus Beartas Sóisialta i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige
— Maoirseacht agus Riarachán i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige
— An Leanbh atá ag Fás

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar na modúil

**Bealaí Dul Chun Cinn:** Le críochnú rathúil an chláir dhá chéim ina iomláine agus baint amach na Dámhachtana Ardteastais i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, beidh an t-iarratasóir in ann oibriú mar chleachtóir neamhspleách agus/nó freagracht a ghlacadh as limistéar nó seomra agus a bheith i gceannas ar sholáthar timpeallachta foghlama agus cúraim na luath-óige den scoth a chomhordú ar fud raon suíomhanna foghlama agus cúraim. Tá an fócas dírithe ar fholláine iomlánaíoch, forbairt agus foghlaim páistí atá suas le sé bliana d'aois ar fud raon suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige. Soláthraíonn an dámhachtain seo deis le haistriú agus le dul chun cinn chuig ardoideachas agus oiliúint bhreise.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta atá comhionann le NFQ Leibhéal 5 ag iarratasóirí agus clár Leibhéal 6 á dhéanamh acu. Bíonn inniúlacht íosta B2 i dteanga agus litearthacht an Bhéarla maidir le scríobh, léamh, éisteacht agus labhairt de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) de dhíth nuair a thosaíonn iarrthóirí a bhfuil an Béarla mar dhara teanga nó mar theanga eile acu ar an chlár.

**Mianach:** Tá an clár beartaithe dóibh siúd a bhfuil suim acu i ngairm bheatha i bhfoghlaim agus i gcúram na luath-óige le páistí atá suas le 6 bliana d'aois, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfadh suim a bheith acu in obair mar chleachtóir i bhfoghlaim agus i gcúram na luath-óige nó dóibh siúd a bhfuil fonn orthu dul ar aghaidh chuig ardoideachas sa réimse céanna.

**Taithí Roimhe Seo:** Ba chóir d'iarratasóirí suim a bheith acu i bhfoghlaim conas aire a thabhairt do bhabaithe agus do leanaí, lena n-áirítear iad sin a bhfuil suim acu in obair in earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige. Ní mór go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama agus go mbeadh an cumas acu an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach. Áirítear leis na spriociarratasóirí cuardaitheoirí poist, daoine a bhfuil a ngairm bheatha á athrú acu nó daoine a bhfuil suim acu a bheith ag obair san earnáil agus a bhfuil fonn orthu a scileanna a fhorbairt agus/nó cáilíochtaí a bhaint amach.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach orthu (Ardteistiméireacht nó a coibhéis). Ceanglaítear ar iarratasóirí mórdhámhachtain ar Leibhéal 5 de QQI i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige nó a coibhéis a bheith bainte amach acu go rathúil laistigh de na cúig bliana dheireanacha chun áit a fháil ar an chúrsa seo.

Tá agallamh agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad**: Dhá bhliain (téarmaí acadúla)
**Suíomh:** Bun Cranncha (Ionad FET), Leitir Ceanainn (Ionad FET)

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd atá incháilithe faoi na critéir.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

# Scileanna Infhostaitheachta (Cúram Leanaí)

**Tugann an clár seo an deis do dhaoine fásta an mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 3 seo uilig nó cuid di (3M0935) a bhaint amach le fócas ar ullmhúchán le haghaidh cúram leanaí. Dearadh an t-ábhar seo le mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a fhoghlaim le réimse scileanna agus uirlisí a úsáid. Cumasaíonn an cúrsa mic léinn le cáilíochtaí agus láidreachtaí pearsanta a fhorbairt le roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le deiseanna fostaíochta san earnáil cúraim leanaí nó tabhairt faoi bhreisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

— Ullmhúchán Gairme
— Cúram a thabhairt do Leanaí
— Forbairt agus Súgradh Leanaí
— Cumarsáid
— Scileanna Idirlín
— Matamaitic
— Éifeachtacht Phearsanta
— Próiseáil Focal
— Taithí Oibre

*athraíonn modúil ó ionad go hionad agus, ag brath ar éileamh, d'fhéadfaí meascán de mhéid níos lú modúl a thairiscint i ndámhachtain ilchodach

Bealaí Chun Cinn: Beidh na scileanna agus an inniúlacht ag céimithe an chúrsa seo le tascanna agus próisis a chur i gcrích, le déileáil le roghannna agus le cinnteoireacht agus le buanna, cumais agus spéiseanna pearsanta a aithint. D'fhéadfadh siad post bunleibhéil a fháil go díreach i ndiaidh an chúrsa agus/nó tabhairt faoi bhreisoidechas agus oiliúint.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 2 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 3. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse eolais, scileanna agus inniúlachtaí a léiriú a bhaineann leis an chúrsa agus a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil agus Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 30–50 seachtain
(2–3 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonnn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach, Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall, Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall, Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# 9.5

## Innealtóireacht & Déantúsaíocht



**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh íos-aois reachtúil fágála scoile ag rannpháirtithe agus ba chóir go mbeadh siad fostaithe nó i mbun oiliúna i réimse a bhaineann le gnó na mótar.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh mic léinn ag iarraidh an t-eolas cuí a fháil maidir le hoibriú agus iad ag déanamh gníomhaíochtaí gnáthchothabhála ar fheithiclí leictreacha/hibrideacha.

**Taithí roimh ré:** Tá Creidiúnú IMI oiriúnach do theicneoirí atá ag obair i réimse earnálacha laistigh de thionscal na ngluaisteán (m.sh. cothabháil feithicle éadroime nó gluaisrothair, cabhair cois bóthair, deisiú i ndiaidh timpiste, gloiniú gluaisteán, dáileadh páirteanna agus seirbhís do chustaiméirí srl.)

**Cáilitheacht:** Stádas fostaíochta a shocróidh incháilitheacht.

**Fad (Oíche):** 10 seachtaine (1 tráthnóna in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas (Oíche):** €360.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Gnáthchothabháil Feithicle Leictrí/Hibridí

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo, ar Dámhachtain Leibhéal 2 é, an t-eolas cuí a thabhairt do mhic léinn ionas go mbeidh siad ábalta oibriú go sábháilte agus iad ag déanamh gnáthchothabhála ar fheithiclí leictreacha/hibrideacha. Réamhchúrsa atá ann maidir leis an tsainearnáil sin; deis atá ann cur le cáilíochtaí tionscail reatha agus taithí chuí a fháil. Cuideoidh sé mór le mic léinn oibriú go sábháilte ina róil. Tá sé mar aidhm ag an cháilíocht seo de chuid IMI maidir le feithiclí leictreacha/hibrideacha (VRQ) daoine aonair ó thionscal na ngluaisteán agus ón earnáil seirbhíse poiblí (mar shampla, baill de na seirbhísí éigeandála, a d'fhéadfadh a bheith i láthair ag timpiste ina bhfuil feithicil leictreach/hibrideach páirteach) i dtaca le cothabháil, seirbhísiú, agus/nó láimhseáil feithiclí leictreacha/hibrideacha.**

**Modúil**

— IMI Gnáthchothabháil Feithicle Leictrí/Hibridí Leibhéal 2

Bealaí Chun Cinn: Tá na dámhachtana IMI seo a leanas liostaithe ar an chreat seo: Dámhachtain Leibhéal 1 i bhFeasacht Feithicle Leictrí/Hibridí (INT-EHV1-A), Dámhachtain Leibhéal 2 i nGnáthchothabháil Feithicle Leictrí/Hibridí (INT-EHVRM2-A) agus Dámhachtain Leibhéal 3 i gCóras Feithicle Leictrí/Hibridí a Dheisiú agus Córas Úr a Chur Isteach ina Áit (INT-EHVSR3-A). D'fhéadfadh rannpháirtithe a bhfuil cáilíocht Leibhéal 1 go Leibhéal 3 bainte amach acu sna dámhachtana sin dul ar aghaidh agus tabhairt faoi cháilíochtaí a chuireann lena gcuid eolais agus scileanna níos mó laistigh de ról teicniúil, ag déanamh diagnóise, comhpháirteanna ardvoltais a dheisiú agus a thástáil ar fheithiclí leictreacha/hibrideacha. Mar shampla, Dámhachtain Leibhéal 4 i nDiagnóis, Tástáil agus Deisiú Feithiclí Leictreacha/Hibrideacha agus Comhpháirteanna.

# Bunchúrsa Róbataice

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo tacú le hiarratasóirí a bhfuil taithí acu ar an tionscal táthaithe deiseanna a fhiosrú maidir le próisis uathoibrithe lena n-áirítear crua-earraí a shuiteáil, comhéadain smachta a chlárú agus páirt shaincheaptha a tháthú. Cuirtear an oiliúint ar dhaoine inár gCillín Táthaithe Róbataigh lenár dtáthaire róbataic atá ar ais (KUKA 6).**

**Modúil**

— Bunchúrsa Róbataice

Bealaí Chun Cinn: Tá bealaí chun cinn chuig modúil eile ar fáil.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh eolas agus taithí ag iarratasóirí ar tháthú.

**Mianach:** Fonn foghlama.

**Taithí roimh ré:** Eolas ar an tionscal táthaithe.

**Cáilitheacht:** 18+ mbliana d'aois.

**Fad (Oíche):** 2 seachtaine
(1 tráthnóna in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas (Oíche):** €275.00*
* Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Stuathábhú Miotail de Láimh
## (EN Deimhnithe)

**Eochairscil is ea an táthú ar féidir í a aistriú chuig réimse tionscal difriúil ar nós oibriú miotail, foirgníocht, mótarmheicnic, longthógáil, píblínte a shuiteáil, agus níos faide i gcéin agus an rud is fearr fá dtaobh de ná nach gá duit céim a bheith agat le post a fháil san earnáil sin. Cuideoidh an cúrsa seo le mic léinn le buneolas agus buninniúlachtaí a fhoghlaim i réimse teoranta próiseas táthaithe. Tá sé mar aidhm ag an chúrsa léargas a thabhairt do rannpháirtithe ar dhisciplín an táthaithe mar ghairm inmharthana mar aon le heochairscileanna inaistrithe a fhorbairt fosta. Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo beidh miondámhachtain QQI Leibhéal 3 bainte amach ag mic léinn i Stuathábhú de Láimh. Is féidir le mic léinn cur isteach ar an chúrsa seo de ghnáth dhá uair sa bhliain san Fhómhar agus san Earrach.**

**Modúil**

- Ionduchtú
- MMA Filléad Ilrití Pláta 6mm / EN9606-CS13

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo is féidir le mic léinn tabhairt faoi mhodúil bhreise i bpróisis MIG agus/nó TIG nó, de rogha air sin, cúrsa lánaimseartha a dhéanamh .i. Táthú (Bunleibhéal).

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Níl aon cháilíocht fhoirmiúil de dhíth ar iarratasóirí. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach nó NFQ Leibhéal 3.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 15 seachtaine (oíche amháin in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Cost:** €360.00*
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Táthú MIG
## (EN Deimhnithe)

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí a thabhairt do mhic léinn le hiad a chumasú le trealamh táthaithe MIG a úsáid go sábháilte agus i gceart. Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo beidh deimhniú EN i bPróisis Táthaithe MIG bainte amach ag rannpháirtithe. Is féidir le mic léinn cur isteach ar an chúrsa seo de ghnáth dhá uair sa bhliain san Fhómhar agus san Earrach.**

**Modúil**

— Ionduchtú
— MIG Filléad Ilrití Pláta 10mm / EN9606-CS16

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo is féidir le mic léinn tabhairt faoi mhodúil bhreise i bpróisis MMA agus/nó TIG nó, de rogha air sin, cúrsa lánaimseartha a dhéanamh .i. Táthú (Bunleibhéal).

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Caithfidh mic léinn an cúrsa Stuatháthú de Láimh a dhéanamh agus/nó caithfidh taithí a bheith acu ar tháthú sula gcuirfidh siad isteach ar an chúrsa seo. Níl aon cháilíocht fhoirmiúil de dhíth ar iarratasóirí. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna leis an Teastas Sóisearach nó NFQ Leibhéal 3.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 15 seachtaine (oíche amháin in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Cost:** €360.00*
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Táthú TIG
## (EN Deimhnithe)

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa seo na scileanna, an t-eolas agus an inniúlacht a chur ar fáil do mhic léinn le hiad a chumasú le trealamh táthaithe TIG a úsáid go sábháilte agus i gceart. Foghlaimeoidh mic léinn scileanna le cruach bhog, cruach dhosmálta agus pláta alúmanaim a tháthú i suíomhanna cothrománacha, suíomhanna ingearacha agus suíomhanna lastuas le hailt 'lapp fillet' agus 'tee fillet' a chríochnú. Is féidir le mic léinn cur isteach ar an chúrsa seo de ghnáth dhá uair sa bhliain san Fhómhar agus san Earrach.**

**Modúil**

— Ionduchtú
— SS TIG Táthú Filléadach Iomlán 3mm EN9606-SS06
— Táthú TIG Alúmanam i bPláta 3mm EN9606 - AL01

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo is féidir le mic léinn tabhairt faoi mhodúil bhreise i bpróisis MMA agus/nó TIG nó, de rogha air sin, cúrsa lánaimseartha a dhéanamh .i. Táthú (Bunleibhéal).

**Oideachas:** Caithfidh iarratasóirí an cúrsa Stuatháthú de Láimh a dhéanamh agus/nó caithfidh taithí a bheith acu ar tháthú sula gcuirfidh siad isteach ar an chúrsa seo.

**Mianach:** Tá cumas maith spásúlachta, comhordú maith súl is lámh agus deaslámhacht mhaith de dhíth. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.


**Fad:** 15 seachtaine
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** €400.00 */**
Beidh ar mhic léinn a n-ionar teirpeora scéimhe agus a dtrealamh smididh féin a cheannach.
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# 9.10

## Sláinte & Cúram Sóisialta



# Freagróir Garchabhrach (PHECC)

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa pháirtaimseartha oíche seo mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a fhoghlaim le feidhmiú mar Fhreagróir Garchabhrach. Féachann an cúrsa le scileanna pearsanta, guaim, inniúlacht agus muinín na mac léinn a fhorbairt a fhad is go mbeidh siad ábalta a gcuid lochtanna a thuiscint. Tá an-éileamh ar an cháilíocht seo i réimse earnálacha éagsúla mar atá Cúram Leanaí, Cúram Sláinte agus na Seirbhísí Éigeandála.**

**Modúil***

- Ionduchtú
- Freagróir Garchabhrach

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Beidh na scileanna riachtanacha foghlamtha ag mic léinn a chríochnaíonn an cúrsa seo le cliant a mheas a bhféadfadh garchabhair a bheith de dhíth air/uirthi, bun-gharchabhair agus bunbhearta tacaíochta beatha a thabhairt go dtí go dtiocfaidh seirbhísí éigeandála leighis, lena chinntiú go bhfuil sábháilteacht an chliaint fíorthábhachtach agus lena chinntiú go dtugtar garchabhair don chliant le haon dochar breise a chosc. Is féidir na scileanna sin a úsáid ansin i réimse suíomhanna cúraim agus i suíomhanna eile. Tá an cárta/teastas bailí ar feadh dhá bhliain.

**Oideachas:** Níl aon riachtanais fhoirmiúla oideachais ann. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoin chúrsa seo.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 6 seachtaine
(3 rang in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Costas:** €130.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille. Déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh Ardteistiméireacht nó Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó LCVP ag iarratasóirí. Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim. Tá scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin

Déanfar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** Dhá bhliain
(dhá oíche sa tseachtain thar cheithre théarma acadúla)
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Costas:** €513 in aghaidh an téarma nó €2,050 san iomlán */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille. Déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# Tacaíocht Cúraim Sláinte (Cumaisc)

**Tá sé mar aidhm ag an chúrsa QQI Leibhéal 5 seo cuidiú le mic léinn an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim le bheith ábalta oibriú mar pháirt d'fhoireann ildisciplíneach chun tacaíocht cúraim sláinte éifeachtach agus oiriúnach a chur ar fáil do chliaint i suíomhanna éagsúla, ag aithint riachtanais aonair an chliant, ag cuidiú le gníomhaíochtaí an tsaoil laethúil agus ag déanamh cúraim de thimpeallacht shábháilte shláinteach cúraim sláinte. Táthar ag súil go bhfaighidh mic léinn socrúchán oibre le fostóir óstach ar feadh íosmhéid de 300 uair i rith an chúrsa.**

**Modúil***

- Cúram an Duine Bhreacaosta
- Scileanna Cúraim
- Tacaíocht Chúraim
- Cumarsáid
- Fás & Forbairt an Duine
- Cosc & Rialú Ionfhabhtuithe
- Láimhsiú Othar
- Tacaíocht Cúraim Mhaolaithigh
- Sábháilteacht & Sláinte ag an Obair
- Cúram Sláinte Cleachtaidh Oibre

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le céimithe an chúrsa seo post a fháil go díreach ina dhiaidh i réimse suíomhanna cúraim sláinte ar nós ospidéil phoiblí nó phríobháideacha/tithe altranais mar chúntóirí cúraim sláinte nó i suíomhanna cúraim shóisialta, cúraim pobail nó cúraim chónaithe mar shampla. De rogha air sin, is féidir le mic léinn tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais nó ardoideachais.

# Scileanna Seirbhíse Sláinte

**Tá an cúrsa mórdhámhachtana QQI Leibhéal 5 seo, á sheachadadh thar dhá bhliain, dírithe ar mhic léinn ar spéis leo post a fháil san earnáil seirbhíse sláinte. Cuideoidh an cúrsa le mic léinn eolas a fháil, scileanna agus inniúlacht fhoriomlán a fhoghlaim le hoibriú san earnáil seirbhíse sláinte agus/nó tabhairt faoi bhreisoideachas agus/nó ardoideachas agus oiliúint sa réimse sin.**

**Modúil***

- Cúram an Duine Bhreacaosta
- Gníomhaíochtaí Maireachtála
- Oibriú mar Fhoireann
- Scileanna Cúraim
- Tacaíocht Chúraim
- Cosc & Rialú Ionfhabhtuithe
- Tacaíocht do Chúram Maolaitheach
- Cleachtadh Oibre
- Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
- Seirbhís do Chustaiméirí

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

**Bealaí Chun Cinn:** Tá céimithe an chúrsa seo incháilithe le tabhairt faoi bhreisoideachas agus oiliúint le ETB Dhún na nGall agus/nó ardoideachas agus oiliúint i réimse an chúraim sláinte. De rogha air sin, d'fhéadfadh céimithe post a fháil i sainsuíomhanna tacaíochta cúraim sláinte lena n-áirítear: cúnamh cúraim sláinte, cúntóir baile, cúram sóisialta, forbairt pobail nó cúram cónaithe.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

Mar pháirt den phróiseas iarratais cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu.

**Fad:** Dhá bhliain (ceithre mhodúl in aghaidh na bliana)
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

- A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
- Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
- A bhfuil cárta leighis acu
- Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

# Cleachtas um Míchumas Intleachtúil

**Is é aidhm an chláir seo ná cur ar chumas na mac léinn an t-eolas, an scil agus an inniúlacht a fháil le bheith in ann oibriú go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht, agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun cur ar chumas daoine aonair atá faoi mhíchumas intleachta barr a gcumais a bhaint amach agus an saol is rogha leo a chaitheamh agus/nó céim níos faide a ghlacadh agus tabhairt faoi bhreisoideachas agus/nó ardoideachas agus/nó oiliúint.**

**Modúil***

- Iompraíocht Dhúshlánach
- Staidéar ar Mhíchumas Intleachta
- Cúntóireacht Riachtanas Speisialta
- Cleachtas Oibre

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar na modúil

Bealaí Chun Cinn: Agus an cúrsa seo curtha i gcrích go rathúil acu, féadfaidh mic léinn dul ar aghaidh chuig oideachas breise agus/nó ardoideachas sa réimse seo agus/nó dul ar aghaidh chuig fostaíocht.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scile agus inniúlachta atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 ag iarratasóirí agus cúrsa Leibhéal 5 á dhéanamh acu.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha chun foghlama, go mbeadh suim acu san ábhar agus go mbeadh sé ar a gcumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a bhaint amach.

**Taithí roimhe seo:** Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann raon measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith freagrach agus iad i mbun oibre agus an cumas go dtig leo oibriú as a stuaim féin a léiriú.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach orthu (Ardteistiméireacht nó a coibhéis).

Beifear ag súil go n-éireoidh le hiarratasóirí i bpróiseas ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus go rachaidh siad in iomaíocht ar bhonn agallaimh chun áit a fháil sa chúrsa seo.

**Fad:** 35 seachtain
**Suíomh:** Srath an Urláir, Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

- A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
- Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
- A bhfuil cárta leighis acu
- Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Bíonn táillí le híoc ag iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 17 seachtaine
**Suíomh:** Srath an Urláir

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

- A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
- Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
- A bhfuil cárta leighis acu
- Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

# Staidéar ar Mhíchumas Intleachta

**Is é aidhm an chláir seo ná cur ar chumas na mac léinn an t-eolas, an scil agus an inniúlacht a fháil le bheith in ann oibriú go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht, agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun cur ar chumas daoine aonair atá faoi mhíchumas intleachta barr a gcumais a bhaint amach agus an saol is rogha leo a chaitheamh agus/nó céim níos faide a ghlacadh agus tabhairt faoi bhreisoideachas agus/nó ardoideachas agus/nó oiliúint.**

**Modúil**

— Staidéar ar Mhíchumas Intleachta

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo d'fhéadfadh mic léinn tabhairt faoi bhreisoideachas sa réimse seo agus/nó post a fháil.

# Bunchúrsa Cúraim Sláinte

**Dearadh an dámhachtain chomhpháirte QQI Leibhéal 3 seo, le fócas ar an earnáil cúraim sláinte, le mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a fhoghlaim le réimse scileanna agus uirlisí a úsáid. Cumasaíonn an cúrsa mic léinn le cáilíochtaí agus láidreachtaí pearsanta a fhorbairt le roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le deiseanna fostaíochta san earnáil cúraim sláinte nó tabhairt faoi bhreisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

— Bunchúrsa maidir le Seirbhísí Sláinte in Éirinn
— Bunchúrsa Garchabhrach
— Ullmhúchán Gairme
— Cumarsáid
— Feasacht Sláinte & Sábháilteachta
— Éifeachtacht Phearsanta
— Próiseáil Focal

*athraíonn modúil ó ionad go hionad agus, ag brath ar éileamh, d'fhéadfaí meascán de mhéid níos lú modúl a thairiscint i ndámhachtain ilchodach.

**Bealaí Chun Cinn:** Beidh na scileanna agus an inniúlacht ag mic léinn a chríochnóidh an cúrsa seo le tascanna agus próisis a chur i gcrích, le déileáil le roghanna agus le cinnteoireacht agus le buanna, cumais agus spéiseanna a aithint. D'fhéadfadh siad an t-eolas atá faighte acu ar an chúrsa a úsáid le tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais agus oiliúna.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 2 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 3. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse eolais, scileanna agus inniúlachtaí a léiriú a bhaineann leis an chúrsa agus a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 26–32 seachtain
(2–3 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach,
Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall,
Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall,
Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# Cothú agus Roghanna Sláintiúla

**Tá an cúrsa QQI Leibhéal 3 seo, a bhfuil modúl amháin ann, dírithe ar dhaoine fásta atá ag iarraidh a gcuid tréithe agus láidreachtaí a fhorbairt le roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le sláinte agus cothú dóibh féin agus dá dteaghlach.**

**Modúil**

— Cothú agus Roghanna Sláintiúla

Bealaí Chun Cinn: Beidh na scileanna agus an inniúlacht ag mic léinn a chríochnóidh an cúrsa seo le tascanna agus próisis a chur i gcrích, le déileáil le roghanna agus le cinnteoireacht agus le buanna, cumais agus spéiseanna a aithint. D'fhéadfadh siad an t-eolas atá faighte acu ar an chúrsa a úsáid le tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais agus oiliúna.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 4. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú agus a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 20–24 seachtain
(1–2 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach,
Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall,
Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall,
Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# Cúntóireacht Riachtanas Speisialta & Ag tabhairt aire do Páistí a bhfuil Riachtanais Bhreise acu

**Is é aidhm an chláir seo ná cur ar chumas na mac léinn an t-eolas, an scil agus an inniúlacht a fháil le bheith in ann oibriú go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht, agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun cur ar chumas daoine aonair atá faoi mhíchumas intleachta barr a gcumais a bhaint amach agus an saol is rogha leo a chaitheamh agus/nó céim níos faide a ghlacadh agus tabhairt faoi bhreisoideachas agus/nó ardoideachas agus/nó oiliúint.**

**Modúil**

— Ag tabhairt aire do Páistí a bhfuil Riachtanais Bhreise acu
— Cúntóireacht Riachtanas Speisialta

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo d'fhéadfadh mic léinn tabhairt faoi bhreisoideachas sa réimse seo agus/nó post a fháil.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 5 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad:** 13–20 seachtain*
*d'fhéadfadh fad an chúrsa a bheith difriúil ag brath ar an suíomh.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

— A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
— Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
— A bhfuil cárta leighis acu
— Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

# 9.11

## Gairneoireacht



# Scileanna Infhostaitheachta (Gairneoireacht)

**Dearadh an mhórdhámhachtain QQI Leibhéal 3 seo i Scileanna Infhostaitheachta (3M0935) le mic léinn a chumasú leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí a fhoghlaim le réimse scileanna agus uirlisí a úsáid. Cumasaíonn an cúrsa mic léinn le cáilíochtaí agus láidreachtaí pearsanta a fhorbairt le roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le réimse deiseanna fostaíochta nó tabhairt faoi bhreisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

— Uimhreacha a Úsáid
— Ullmhúchán Gairme
— Cumarsáid
— Rannpháirtíocht in Imeachtaí
— Matamaitic Fheidhmeach
— Scileanna Idirlín
— Táirgeadh Barra Glasraí Faoin Spéir
— Iomadú Plandaí
— Ag Cur & Ag Potú

*athraíonn modúil ó ionad go hionad agus, ag brath ar éileamh, d'fhéadfaí meascán de mhéid níos lú modúl a thairiscint i ndámhachtain chomhpháirte.

Bealaí Chun Cinn: Beidh na scileanna agus an inniúlacht ag céimithe an chúrsa seo le tascanna agus próisis a chur i gcrích, le déileáil le roghanna agus le cinnteoireacht agus le buanna, cumais agus spéiseanna pearsanta a aithint. D'fhéadfadh siad post bunleibhéil a fháil go díreach i ndiaidh an chúrsa agus/nó tabhairt faoi bhreisoideachas agus oiliúint.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 2 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 3. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse eolais, scileanna agus inniúlachtaí a léiriú a bhaineann leis an chúrsa agus a bheith ábalta oibriú faoi stiúir duine atá os a gcionn.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 30–50 seachtain
(2–3 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach,
Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall,
Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall,
Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# Gairneoireacht

**Díríonn an cúrsa gairneoireachta QQI Leibhéal 4 seo ar gharraíodóireacht agus ar ghairneoireacht inbhuanaithe le cuir chuige inbhuanaithe maidir le maireachtáil ar bhealach atá ag teacht leis an dúlra. Tá dámhachtainí comhpháirteacha i gceist sa chúrsa a thabharfaidh an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí do mhic léinn le hiad a chumasú le deiseanna fostaíochta a lorg i réimse na gairneoireachta. Díríonn an cúrsa ar chleachtais ghlasa inbhuanaithe lena n-áirítear torthúlacht na hithreach agus múiríniú, srianadh nádúrtha lotnaidí, éifeachtúlacht fuinnimh agus athchúrsáil agus plandaí a fhás le folláine a fheabhsú agus le bithéagsúlacht a mhealladh sa ghairdín. Cumasaíonn an cúrsa mic léinn le cáilíochtaí agus láidreachtaí pearsanta a fhorbairt maidir le spriocanna a leagan síos agus pleanáil gairme a chuideoidh leo roghanna eolasacha a dhéanamh i dtaca le réimse deiseanna fostaíochta nó tabhairt faoi bhreisoideachas nó oiliúint.**

**Modúil***

— Torthaí a Fhás
— Glasraí a Fhás
— Plandaí Bláthanna Ornáideacha a Bhunú
— Crainn agus Toir a Bhunú
— Feasacht ar Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le mic léinn a chríochnaíonn an cúrsa seo post bunleibhéil a fháil go díreach ina dhiaidh agus/nó tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais agus oiliúna eile.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 4. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimhe seo:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a comhionann).

Cuirfear agallamh ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.


**Fad*:** 41 seachtain
*d'fhéadfadh athrú a theacht ar fhad an chúrsa ag brath ar na modúil atá á gcur ar fáil
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce dóibh siúd:

— A bhfuil níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu
— Atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh
— A bhfuil cárta leighis acu
— Atá san fhórsa saothair le leibhéil ísle scileanna agus a bhfuil deiseanna de dhíth orthu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna le cur lena ngairm

Beidh táillí i gceist d'iarratasóirí eile.

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571





# 9.12

## TF & Ríomhaireacht



# Scileanna Ríomhaireachta ICDL agus Párolla

**Is é aidhm an chúrsa seo ná na scileanna digiteacha atá riachtanach don áit oibre sa lá atá inniu ann a fhorbairt. Cabhróidh na modúil seo le fostaithe agus le hiarrthóirí a n-úsáid éifeachtach as an teicneolaíocht a léiriú le scileanna agus le heolas ar féidir iad a fhorbairt tuilleadh trí dhul chun cinn chuig modúil Ghairmeacha ICDL agus ina ndiaidh. Is modúil neamhspleácha iad na modúil uilig atá liostaithe sa chúrsa seo agus tá deimhniú próifíle mar thoradh orthu sin. Tabharfaidh an modúl párolla an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht don fhoghlaimeoir taifid phárolla bheachta a oibriú agus a choimeád d'eagraíocht, trí chórais láimhe agus córais ríomhairithe a úsáid, agus é/í ag obair faoi threoir agus maoirseacht ghinearálta.**

**Modúil***

— Riachtanais Ríomhaire agus Riachtanais Ar Líne
— Lucht Saothair ICDL - Cáipéisí
— Lucht Saothair ICDL - Comhoibriú Ar Líne
— Lucht Saothair ICDL – Cur i Láthair
— Lucht Saothair ICDL - Scarbhileoga
— Párolla Láimhe agus Ríomhairithe

*d'fhéadfadh go dtiocfadh athruithe ar na modúil

Bealaí Dul Chun Cinn: Tig le rannpháirtithe a chríochnóidh an cúrsa seo go rathúil dul ar aghaidh chuig cúrsaí oideachais agus oiliúna breise eile nó chuig fostaíocht go díreach.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Níl gá leis.

**Mianach:** Níl gá léi.

**Taithí Roimhe Seo:** Níl gá léi.

**Cáilitheacht:** Tabharfar tosaíocht dóibh siúd nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach orthu (Ardteistiméireacht nó a coibhéis).

Beidh agallamh mar chuid den phróiseas iarratais.

**Fad:** 29 seachtain
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce do dhaoine:

— nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach orthu
— a bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil acu
— a bhfuil cárta leighis iomlán acu
— atá sa lucht saothair gan scileanna ar ardleibhéal agus a bhfuil deiseanna ag teastáil uathu feabhas a chur ar a gcuid scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm bheatha

**Teagmhálaí:**
Siobhan Coughlan
Guthán: 074 9120571

# Scileanna Ríomhaireachta agus Úsáid na Teicneolaíochta (TF sóisialta)

**Tá an cúrsa QQI Leibhéal 2 seo iontach maith do dhaoine fásta ar mian leo scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim le béim ar bhunscileanna digiteacha sóisialta trí fhoghlaim faoi réimse ardán meán sóisialta. Tugtar spreagadh agus tacaíocht do mhic léinn le linn an chúrsa seo. Tá na grúpaí ranga beag lena chinntiú go bhfreastalaíonn teagascóir a bhfuil taithí aige/aici ar riachtanais gach mic léinn.**

**Modúil***

- Scileanna Ríomhaireachta
- Úsáid na Teicneolaíochta
- Scríbhneoireacht

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo d'fhéadfadh mic léinn leanúint ar aghaidh lenár modúil eile a bhaineann le Scileanna Riachtanacha le Mórdhámhachtain Foghlama Ginearálta (P2GL0) a bhaint amach agus/mó tabhairt faoi mhodúil ag Leibhéal 3.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 1 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 2. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ag iarraidh foghlaim agus ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar.

**Taithí roimh ré:** Níl mórán taithí ná taithí ar bith roimh ré de dhíth don chúrsa seo.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 16–20 seachtain
(1–2 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach, Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall, Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall, Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Níl aon riachtanais fhoirmiúla iontrála ann.

**Mianach:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ag iarraidh foghlaim agus ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar.

**Taithí roimh ré:** Níl aon taithí roimh ré de dhíth don chúrsa seo.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 10-16 seachtaine
(1-2 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonnn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach, Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall, Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall, Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# Croíscileanna TFC
## (Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide)

**Tá an cúrsa QQI Leibhéal 1 seo dírithe ar dhaoine fásta a d'fhág an scoil go luath agus atá ag iarraidh foghlaim an dóigh le ríomhairí, fóin chliste agus taibléid a úsáid den chéad uair. Tugtar spreagadh agus tacaíocht do mhic léinn le linn an chúrsa seo, cúrsa atá dírithe ar thosaitheoirí.**
**Tá na grúpaí ranga beag lena chinntiú go bhfreastalaíonn teagascóir a bhfuil taithí aige/aici ar riachtanais gach mic léinn.**

**Modúil**
— Scileanna Ríomhaireachta
— Úsáid na Teicneolaíochta

**Bealaí Chun Cinn:** Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo d'fhéadfadh mic léinn leanúint ar aghaidh lenár modúil Croíscileanna eile agus/nó dul ar aghaidh chuig Leibhéal 2.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 1 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 2. Is dócha gur fhreastail iarratasóirí ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach níl aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí de dhíth.

**Mianach:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ag iarraidh foghlaim agus ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar.

**Taithí roimh ré:** Is beag taithí roimh ré atá de dhíth don chúrsa seo.

Déanfar measúnú neamhfhoirmiúil ar iarratasóirí mar pháirt den phróiseas iarratais.

**Fad*:** 16–20 seachtaine
(1–2 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach,
Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall,
Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall,
Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# Scileanna Riachtanacha TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide)

**Tá an cúrsa QQI Leibhéal 2 seo go hiontach do dhaoine fásta a d'fhág an scoil go luath agus ar mian leo a gcuid scileanna maidir le hoibriú le ríomhairí agus teicneolaíocht nua-aimseartha a thabhairt chun cuimhne arís nó bearnaí a líonadh ina gcuid eolais. Tugtar spreagadh agus tacaíocht do mhic léinn le linn an chúrsa seo. Tá na grúpaí ranga beag lena chinntiú go bhfreastalaíonn teagascóir a bhfuil taithí aige/aici ar riachtanais gach mic léinn.**

**Modúil:**

— Scileanna Ríomhaireachta
— Úsáid na Teicneolaíochta

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo d'fhéadfadh mic léinn leanúint ar aghaidh lenár modúil eile a bhaineann le Scileanna Riachtanacha le Mórdhámhachtain Foghlama Ginearálta (P2GL0) a bhaint amach agus/nó tabhairt faoi mhodúil ag Leibhéal 3.

# Ag Tosú Le Fáil Ar Líne

**Tá an cúrsa neamhchreidiúnaithe seo iontach maith do dhaoine fásta a bhfuil cuidiú de dhíth orthu maidir le dul i ngleic leis an saol ar líne den chéad uair. Tugtar spreagadh agus tacaíocht do mhic léinn le linn an chúrsa seo, cúrsa atá dírithe ar thosaitheoirí. Tá na grúpaí ranga beag lena chinntiú go bhfreastalaíonn teagascóir a bhfuil taithí aige/aici ar riachtanais gach mic léinn.**

**Modúil:**

— Bunchúrsa maidir le saol na Meán Sóisialta
— Ag dul i ngleic le pasfhocail
— An dóigh le d'fhaisnéis phearsanta agus do ghléas a choinneáil sábháilte
— An dóigh le haip a chur ar do ghléas
— An dóigh le teicneolaíocht a úsáid le heolas a fháil
— An dóigh le do sheomra ranga ar líne a úsáid
— An dóigh a n-úsáideann muid teicneolaíocht inár saol laethúil
— Ag coinneáil i dteagmháil le do theaghlach, le do chairde agus le do phobal.
— Buntáistí agus míbhuntáistí na teicneolaíochta
— Uirlisí Foghlama

Bealaí Chun Cinn: Ar chríochnú sásúil an chúrsa seo d'fhéadfadh mic léinn leanúint ar aghaidh lenár modúil Croíscileanna eile agus/nó dul ar aghaidh chuig an chéad leibhéal chuí eile.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Níl aon riachtanais fhoirmiúla iontrála ann.

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha agus toilteanach tabhairt faoin oideachas.

**Taithí roimh ré:** Níl aon taithí de dhíth.

**Fad*:** 4–8 seachtaine (1–2 rang in aghaidh na seachtaine)
*athraíonnn fad an chúrsa ag brath ar líon na n-uaireanta ranga seachtainiúla atá sceidealaithe.
**Suíomh:** Suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

**Costas:** Tá an cúrsa seo saor in aisce.

**Teagmhálaí:**
Gleann na Finne, Georgina Thompson
Guthán: 074 9190610

Inis Eoghain, Claire McNicholl
Guthán: 074 9362466

Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach, Emilia Niewulska
Guthán: 074 9706097

Deisceart Dhún na nGall, Trisha Walsh Gillespie
Guthán: 074 9721705

Iarthar Dhún na nGall, Mairead Somerville
Guthán: 074 9180871

# Doiciméid CITR (Ardchúrsa)

**Níl ach modúl amháin i gceist i nDoiciméid CITR (Ardchúrsa) agus clúdaíonn sé na coincheapa agus na scileanna atá de dhíth le doiciméid chasta a chur le chéile. Clúdaíonn sé tuarascálacha fada a chruthú, doiciméid a fhormáidiú, eolas a struchtúrú, teimpléid a chruthú, mar aon le táirgiúlacht a fheabhsú. Tá an modúl seo oiriúnach do réimse leathan iarrthóirí ar mian leo dul níos faide ná bunscileanna próiseála focal agus doiciméid shofaisticiúla a chur le chéile. Tá na scileanna a fhorbraítear sa mhodúl seo infheidhme in aon ionad oibre nó suíomh acadúil. Ina theannta sin, cuirfidh iarrthóirí feabhas ar a gcuid táirgiúlachta agus foghlaimeoidh siad an dóigh le comhoibriú le daoine eile ar dhoiciméid.**

**Modúil:**

— Doiciméid CITR (Ardchúrsa)

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le mic léinn a chríochnaíonn an cúrsa seo dul ar aghaidh agus post a fháil agus/nó tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais agus oiliúna eile.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Tá scileanna maithe uimhriúla agus cumarsáide riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Tá scileanna méarchláir inmhianaithe ach níl siad riachtanach. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** Oíche – 12 seachtaine
(1 tráthnóna in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas (Oíche):** €260.00*/**
* Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
** Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# CITR (ICDL) Gairmiúil – Scarbhileoga Bainistíochta

**Tá an cúrsa seo dírithe orthu siúd a bhfuil taithí acu roimh ré ar Scarbhileoga agus ar mian leo dul ar aghaidh chuig an Ardsiollabas le feabhas a chur ar a gcuid scileanna, eolais agus inniúlachtaí le *Microsoft Excel Advanced* a oibriú go héifeachtach. Clúdaítear na topaicí seo a leanas sa Mhodúl seo: Ardeagarthóireacht agus Láimhsiú Sonraí, Sonraí a Láimhsiú, Ardfheidhmeanna, Foirmlí agus Oibríochtaí Matamaiticiúla, Úsáid Anailíse/Uirlisí agus Teicnící Iniúchta agus Uirlisí Speisialta a úsáid.**

**Modúil:**

— CITR (ICDL) - Scarbhileoga Bainistíochta

Bealaí Chun Cinn: Is féidir le mic léinn a chríochnaíonn an cúrsa seo dul ar aghaidh agus post a fháil agus/nó tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais agus oiliúna eile.

**Oideachas:** Ba chóir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár atá ag Leibhéal 5.

**Mianach:** Tá scileanna maithe uimhriúla agus cumarsáide riachtanach, lena n-áirítear cumas maith Béarla, idir labhairt agus scríobh. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Tá scileanna méarchláir inmhianaithe ach níl siad riachtanach. Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 12 seachtaine
(1 oíche in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Costas:** €260.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 9120500

# CITR (ICDL) – Modúil Phróifíl an Fhórsa Saothair

**Tá sé mar aidhm ag an chlár seo na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí cuí a thabhairt do mhic léinn le réimse leathan feidhmchlár bogearraí a úsáid ar ríomhaire agus cáilíocht sa ríomhaireacht a bhaint amach atá aitheanta ar fud an domhain. Cuireann an clár úr CITR (ICDL) na nithe seo a leanas ar fáil: réimse níos mó de mhodúil agus clár praiticiúil scileanna atá suas le dáta agus réimsí eolais atá deimhnithe ag triail. Tá rogha de 11 mhodúl CITR (ICDL) ar a laghad ann anois seachas na 7 gcinn a bhíodh ar fáil roimhe seo agus cuireadh deireadh leis an teorainn 3 bliana maidir le CITR (ICDL) a chríochnú. A luaithe agus a chláróidh iarratasóirí beidh cárta scileanna acu don chuid eile dá saol agus beidh siad ábalta modúil bhreise a chur lena gcárta scileanna de réir a chéile.**

**Modúil***

— Ardchúrsa maidir le Doiciméid
— Bunphrionsabail Ríomhaireachta agus Ar Líne
— Cibearshlándáil
— Cur i láthair
— Doiciméid
— Scarbhileoga

*d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

Bealaí Chun Cinn: Tá céimithe an chúrsa seo i dteideal cur isteach ar réimse leathan cúrsaí breisoideachais agus oiliúna. De rogha air sin, is féidir le hiarratasóirí rathúla post a fháil go díreach i ndiaidh an chúrsa.

**Riachtanais Iontrála**

**Oideachas:** Ba choir go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí, atá mar an gcéanna le NFQ Leibhéal 3 (caighdeán an Teastais Shóisearaigh).

**Mianach:** Ba chóir go mbeadh iarratasóirí spreagtha le foghlaim; ba chóir go mbeadh spéis acu san ábhar agus ba chóir go mbeadh siad ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

**Taithí roimh ré:** Caithfidh iarratasóirí a bheith ábalta réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith ábalta oibriú go freagrach agus a léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

**Fad:** 24 seachtaine (oíche amháin in aghaidh na seachtaine)
**Suíomh:** Leitir Ceanainn

**Cost:** €500.00 */**
*Má tá post agat nó má tá tú féinfhostaithe d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille nó táillí cúrsa laghdaithe faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. Déan teagmháil linn le níos mó eolais a fháil.
**Má tá tú dífhostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal tarscaoileadh i leith táille – déan teagmháil le do chásoifigeach DSP.

**Teagmhálaí:**
Earcaíocht Cúrsaí Oíche
Guthán: 074 91 20500

# Clár Fórsa Oibre CITR (ICDL)

**Tá an cúrsa Leibhéal 4 seo dírithe ar mhic léinn ar mian leo cur lena scileanna TF agus seirbhíse do chustaiméirí nó iad a thabhairt suas chun dáta agus ar mhaith leo dul ar aghaidh le post a fháil i réimse oibre gaolmhar nó dul ar aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais agus oiliúna.**

**Modúil***

- Bunphrionsabail Ríomhaireachta
- Comhoibriú ar líne
- Doiciméid
- Bunphrionsabail ar líne
- Scarbhileoga
- Scileanna Ginearálta Oifige

d'fhéadfadh athrú a theacht ar mhodúil

